Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

TUARASCÁIL AGUS CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH

**31 NOLLAIG 2007**





National Treasury Management Agency

30 Meitheamh 2008

An tUas. Brian Lenihan, T.D.
Aire Airgeadais
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uacht
Baile Átha Cliath 2

A Aire, a chara,

Tá sé mar onóir agam Tuarascáil agus Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a chur faoi do bhráid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007.

Le meas,

Michael J. Somers
Príomhfheidhmeannach

Treasury Building, Grand Canal Street, Dublin 2, Ireland. Telephone: (353 1) 664 0800 Fax: (353 1) 664 0890 e-mail: info@ntma.ie Swift: NTMAIE2D

## Príomhfheidhmeannach & Stiúrthóirí



**MICHAEL J. SOMERS**
Príomhfheidhmeannach



**CIARÁN BREEN**
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát



**JOHN C. CORRIGAN**
An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean



**ANNE COUNIHAN**
Gnóthaí Dlí agus Corparáideacha
*(ar shaoire speisialta mar ionadaí na hÉireann ar bhord an Bhainc Eorpaigh um Athfhoirgníocht agus Forbairt)*



**EILEEN FITZPATRICK**
Sócmhainní Comhroghnacha, An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean



**ADRIAN J. KEARNS**
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus Acmhainní Daonna



**BRENDAN MCDONAGH**
Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca



**OLIVER WHELAN**
Maoiniú agus Riar Fiachais

## An Coiste Comhairleach



**DAVID BYRNE**
Cathaoirleach



**GEROLD W. BRANDT**



**HUGH COONEY**



**JOHN F. DALY**



**DAVID DOYLE**



**TYTTI NORAS**



**SHANE O'NEILL**



**DONALD C. ROTH**

Tháinig an Coiste Comhairleach le chéile go foirmiúil ceithre huaire le linn 2007. Reáchtáladh cruinnithe eile le comhaltaí eile den Choiste go tráth rialta. De bhreis air sin, tháinig Coiste Iniúchóireachta GBCN le chéile ceithre huaire le linn 2007.

Ba é John Daly Cathaoirleach an Choiste Chomhairligh go dtí 31 Nollaig 2007. Ba mhaith le GBCN buíochas a ghabháil leis as an méid a rinne sé le linn a thréimhse agus é ina Chathaoirleach. Ár mbuíochas freisin le gach comhalta ar an gCoiste as a gcomhairle agus a gcúnamh le linn na bliana agus as a ndíograis ó thaobh ama agus iarrachta de.

Fearaimid fíorchaoin fáilte roimh David Byrne a ceapadh ina Chathaoirleach ar an gCoiste ar an 1 Eanáir 2008, roimh Shane O'Neill a tháinig ar an gCoiste i mí Bealtaine 2007 agus roimh Hugh Cooney a tháinig ar an gCoiste i mí Eanáir 2008.



# Clár na nÁbhar

| | |
|---|---|
| An Creat Dlíthiúil | 2 |
| Forléargas | 3 |
| Achoimre ar Ghníomhaíocht | 5 |
| Maoiniú agus Riar Fiachais | 9 |
| Coigiltis Mhiondíola | 16 |
| Cuntais Dhíomhaoine | 18 |
| An Ciste Árachais Shóisialaigh | 18 |
| Trádáil Astuithe | 18 |
| Rátálacha Creidmheasa | 19 |
| Seirbhísí Lárnacha Cisteáin | 19 |
| Ciste an Bhoird Airgeadais Oideachais | 19 |
| Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne | 19 |
| Ulysses Securitisation p.l.c. | 19 |
| An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean | 21 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta | 22 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 24 |
| Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca | 30 |
| Iniúchadh | 32 |
| Caidrimh Chomhairleachta agus Idirnáisiúnta | 32 |
| Gnóthaí Dlí agus Corparáideacha | 32 |
| Acmhainní Daonna | 32 |
| Ráitis Airgeadais | 33 |

## An Creat Dlíthiúil

Forálann an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 do bhunú Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) “chun airgead a fháil ar iasacht don Státchiste agus bainistíocht a dhéanamh ar an bhFiachas Náisiúnta thar ceann agus faoi smacht agus maoirsiú ginearálta an t-Aire Airgeadais agus chun feidhmeanna áirithe atá bainteach leis a chur i gcrích agus foráil a dhéanamh d’ábhair atá ceangailte leis “. Tá an chumhacht agus an éifeacht chéanna ag dualgais nó dliteanais a thógann an GBCN uirthi féin is a bheadh dá mba an tAire féin a thóg air iad.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach go díreach don Aire Airgeadais, agus é ceaptha aige, agus tá sé ina Oifigeach Cuntasaíochta chomh fada agus a bhaineann leis an gCoiste Dála um Chuntais Phoiblí. Tá Coiste Comhairleach ag GBCN chun cúnamh agus comhairle a thabhairt ar na hábhair a chuireann GBCN ar aghaidh chuige.

Tugadh feidhmeanna breise do GBCN faoi na reachtanna seo a leanas:

- An tAcht um Urrú (Fáltais ó Mhorgáistí Áirithe) 1995
- An tAcht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000
- An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000
- An tAcht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne 2001
- An tAcht um Chuntais Dhíomhaoine 2001
- An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta 2002
- Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2002
- An tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe 2003
- An tAcht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Leasú) 2005
- An tAcht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005
- An tAcht um an gCiste Carbóin 2007
- An tAcht Sláinte 2007
- An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2007
- Achtanna Airgeadais éagsúla.

## Forléargas

Bunaíodh GBCN ag deireadh 1990 d'fhonn airgead a fháil ar iasacht don Státchiste agus bainistiú a dhéanamh ar an bhFiachas Náisiúnta. Ar na cuspóirí a bhí ag an ngníomhaireacht ag an tús bhí an t-ualach úis a íoslaghdú, a bhí i measc na rátaí is airde san Eoraip – ag seasamh ag breis agus 100 faoin gcéad den OTN. I láthair na huaire, seasann an ráta sin ag 23.3 faoin gcéad, agus tá sé ar cheann de na rátaí is ísle anois. Sa bhliain 1990, bhí gá 70 faoin gcéad den méid airgid a fuarthas ó cháin ioncaim a úsáid d'fhonn fónamh ar chostas bliantúil an Fhiachais Náisiúnta; faoin mbliain 2007 ní raibh gá ach 12 faoin gcéad a úsáid. Ag deireadh 2007 sheas an Fiachas Náisiúnta ag €37.6 billiún.

De réir na reachtaíochta, feidhmíonn GBCN ina hinstitiúid airgeadais lasmuigh den státseirbhís agus tá téarmaí tagartha tráchtála aici, a chuireann ar a cumas pearsanra gairmiúil a earcú ag rátaí an mhargaidh. Dá bhrí sin, tá an cumas ag an ngníomhaireacht déileáil le raon leathan saincheisteanna airgeadais thar ceann an Stáit.

Le húsáid a bhaint as an saineolas atá cnuasaithe i gcaitheamh na mblianta, shann an Rialtas feidhmeanna substaintiúla breise ar GBCN – ina measc An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát; bainistiú a dhéanamh ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean; agus An Ghníomhaireacht Náisiúnta d'Fhorbairt Airgeadais. Chomh maith leis sin, cuirimid raon seirbhísí cisteáin ar fáil don Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, d'údaráis áitiúla agus do choistí gairmoideachais, agus déanaimid bainistiú ar infheistíochtaí thar ceann Chiste na gCuntas Díomhaoin, an Chiste Airgeadais Oideachais agus an Chiste Árachais Shóisialaigh. Is ionann an chomhphunann de shócmhainní agus de dhliteanais agus díreach os cionn €63 billiún agus b'ionann luach na n-idirbheart anuraidh agus €538 billiún, sin tuairim is 3¼ uair OTN na hÉireann.

A bhuíochas le socruithe eagraíochtúla atá cuíosach cothrom solúbtha bhí ar chumas GBCN feidhmiú le foireann bheag go leor – 163 ball foirne i láthair na huaire agus iad fostaithe ar fud gach gnó agus na bhfeidhmeanna tacaíochta. Is eagraíocht iléagsúil muid le baill foirne ó ghairmeacha sna réimsí seo a leanas: baincéireacht, airgeadas corparáideach, bainistiú pinsean, bainistiú riosca, achtúireacht, cuntasaíocht, innealtóireacht, leigheas agus dlí. Tá sé mar aidhm againn na daoine is fearr a earcú agus a choinneáil – daoine a bhfuil meascán ar leith scileanna acu, a thugann le chéile saineolas teicniúil agus eolas ar an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí araon.

Maidir leis an bhFiachas Náisiúnta, bhí ar GBCN maoiniú a dhéanamh ar aisíoc banna dar luach €6 bhilliún i mí Dheireadh Fómhair 2007, maille le suim eile a éilíonn ceanglais iasachta an Státchiste arb ionann í agus €1.6 billiún. In ainneoin na ndeacrachtaí sna margaí domhanda caipitil toisc na géarchéime creidmheasa, d'éirigh le GBCN banna tagarmhairc nua a sheoladh, dar luach €6 bhilliún, i gceann de na hidirbhearta ba mhó san Eoraip anuraidh. Ina theannta sin, d'éirigh le GBCN suimeanna substaintiúla a chruinniú don Státchiste faoi chláir fiachais ghearrthéarma GBCN i gcéad ráithe na bliana 2008. Cé go bhfuil brú mór fós ar na margaí airgid, sheol GBCN – tar éis plé fada le hinstitiúid airgeadais – banna tagarmhairc 10 mbliana eile, i mí Aibreáin na bliana seo, ag baint feidhme as deis cistithe ar leith a thagann le margaí luaineacha. Bhí éileamh maith ar an mbanna 2019 agus eisíodh €7 mbilliún an uair seo, rud nach bhfacthas a mhacasamhail go nuige seo.

Má táthar chun fónamh ar easnamh sa bhuiséad agus maoiniú a sholáthar athuair d'fhiacha a aibeoidh caithfear a chinntiú go gcoinneofar margadh gníomhach leachtach i mbannaí Rialtas na hÉireann. I gcoibhneas le tíortha eile, is eisitheoir beag muidne, le faoi bhun 1 faoin gcéad de mhargadh bannaí rialtais an euro againn. Cuidítear leis an bpróiseas seo de bharr na teagmhála leanúnaí le déileálaithe príomhúla, le hinstitiúid infheistíochta agus le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa; tá formhór bhannaí Rialtas na hÉireann - os cionn 90 faoin gcéad – anois ag infheisteoirí taobh amuigh den Stát. Ceann de na buntáistí a bhaineann leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean ná go gcuireann sé leis an measúnú dearfach ar chreidmheasacht na hÉireann nuair a bhíonn gníomhaireachtaí rátálacha agus infheisteoirí idirnáisiúnta ag meas chreidmheasacht na hÉireann. Seasann Fiachas Ginearálta Rialtas na hÉireann/ cóimheas OTI ag 24.8 faoin gcéad, ach nuair a chuirtear an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean san áireamh (ní cheadaíonn critéir Maastricht go ríomhfaí na sócmhainní glan ar bhrabús), titeann an cóimheas seo go dtí 13.7 faoin gcéad.

Faoi láthair déanann GBCN bainistiú ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean thar ceann Choimisiún an Chúlsite

Náisiúnta Pinsean. Tá sé beartaithe go bhfreastalódh an Ciste ar roinnt de na dliteanais Phinsean a bheidh ag an Stát ó 2025 amach. Bunaithe ar na réamh-mheastacháin reatha ba chóir go seasfadh an Ciste ag €140 billiún faoin taca sin agus ba chóir go mairfeadh sé go dtí 2070. Sheas an Ciste ag €21.2 billiún ag deireadh 2007. Déanann GBCN bainistiú éighníomhach ar phunann bhannaí arb ionann í agus €1.7 billiún, ar a staid airgeadais arb ionad sin agus €1 bhilliún agus a fhálú airgeadra eachtraigh arb ionann na hoibríochtaí sin agus €5 bhilliún. Baintear feidhm as foinsí lasmuigh chun déileáil le hinfheistíochtaí, amhail bainisteoirí idirnáisiúnta cistí.

Ó mhí na Nollag 2001 i leith d'fheidhmigh GBCN mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, mar a ndearna sí bainistiú ar éilimh ar dhíobhálacha pearsanta agus ar dhamáiste do mhaoin, agus na héilimh seo á ndéanamh i gcoinne Airí Rialtais, an Ard-Aighne, fiontair shláinte agus údaráis Stáit eile. Faoi láthair tá an Ghníomhaireacht ag déileáil le tuairim is 4,500 éileamh agus le dliteanais a bhféadfadh a luach a bheith ag €565 milliún. Chomh maith leis sin, tá ról bainistithe riosca ag an nGníomhaireacht, mar a gcuireann sí comhairle ar údaráis Stáit agus ar fhiontair shláinte éagsúla maidir leis an gcaoi íoslaghdú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar éilimh. Cé gur laghdaigh an líon éileamh a bhain le dliteanas fostóra agus le dliteanas poiblí faoi isteach is amach le 65 faoin gcéad i gcás timpistí a tharla ó tháinig an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar an bhfód, an dúshlán is mó a bhaineann leis an obair seo ná go bhfuil líon agus luach na n-éileamh cliniciúil ag dul i méid.

Cuireadh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ar bun go luath sa bhliain 2003 agus cuireann sí comhairle ar údaráis Stáit maidir leis an modh is fearr tionscadail phoiblí infheistíochta a mhaoiniú, lena n-áirítear tionscadail a tharlaíonn tríd na Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha (CPP). Caithfear gach tionscadal caipitil poiblí a bhfuil luach os cionn €30 milliún aige a atreorú chuig an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta d'fhonn comhairle a fháil. Go dtí seo, atreoraíodh 121 tionscadal, agus chuir an GAFN a comhairle i leith 38 de na tionscadail sin i gcrích. Rinne an tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007 fairsingiú ar ról an GAFN, agus anois tá an GAFN féin freagrach as na tionscadail CPP a fháil.

Feidhmíonn an GAFN faoi threoirlínte agus faoi threoracha sonracha a eisíonn na tAire Airgeadais faoi reacht. Cé gurb leis an Aire atá príomhchaidreamh tuairiscithe na Gníomhaireachta, feidhmíonn sí i gcomhar le ceithre bhord – Coiste Comhairle GBCN, Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, Coiste Polasaí na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát – chomh maith le dhá choiste iniúchóireachta. Tháinig deireadh le tréimhse John Daly ina chathaoireach ar Choiste Comhairleach GBCN ar an 31 Nollaig 2007. Ba mhaith le GBCN buíochas a ghabháil leis as an méid a rinne sé agus é ina Chathaoirleach ar an gCoiste ó 2002 i leith.

I láthair na huaire tá 39 Acht Oireachtais ann a dhéileálann le gníomhaíochtaí GBCN. Ritheadh cúig mhór-reacht, agus ba é An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (Leasú) 2007 an ceann is déanaí. Tá feidhm inmheánach iniúchóireachta ag GBCN, chomh maith le hoifigeach a chinntíonn go gcomhlíontar na feidhmeanna. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar gach ceann dár ngníomhaíochtaí. Tá córas cuimsitheach i bhfeidhm ag GBCN chun a riosca creidmheasa le hinstitiúidí airgeadais eile a bhainistiú, lena chinntiú go gcosnaítear na sócmhainní a ndéanann GBCN bainistiú orthu thar ceann an Stáit. Déantar monatóireacht ar chontrapháirithe ar bhonn leanúnach d'aon imeachtaí a d'fheadfadh dul i gcion ar a gcreidmheasacht agus tá teorainneacha gach contrapháirtí faoi réir próiseas leanúnach measúnachta. De bhreis air sin, déanann GBCN athbhreithniú leanúnach ar a phróisis agus ar a nósanna imeachta féin i bhfianaise a bhfuil foghlamtha ón ngéarchéim chreidmheasa nó aon imeachtaí eile sa mhargadh.

Tagann tíortha eile chuig GBCN ag lorg comhairle, sa mhéid go raibh GBCN ar an gcéad oifig fiachais a cuireadh ar bun le blianta beaga anuas, agus iad ar a ndícheall sampla na hÉireann a leanúint d'fhonn feabhas a chur ar a stádas airgeadais. Tá na freagrachtaí nua a sannadh ar GBCN le déanaí tar éis aird sa bhreis a mhealladh ó fhoinsí idirnáisiúnta..

Tá roinnt mhaith den eolas atá tugtha sa tuarascáil seo ann chun cabhrú le hábhar infheisteoirí i bhfiachas agus in eagraíochtaí na hÉireann measúnú a dhéanamh ar chreidmheasacht an Stáit. Tá tuilleadh eolais ar ár suíomh gréasáin www.ntma.ie, agus sa mheabhrán Ireland Information Memorandum a fhoilsítear gach Márta agus atá ar fail ar an suíomh gréasáin chomh maith. Tarlaíonn an tuairisciú bliantúil is déanaí ag GBCN gach Oíche Caille nuair a chuirtear preasráiteas na bliana ar fáil –agus tá sé sin ar fáil ar ár suíomh gréasáin freisin.

Cuireann an Coimisiún don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus an Ciste Carbóin a dtuarascálacha bliantúla féin ar fáil.

# Achoimre ar Ghníomhaíocht

## San Iomlán

- Mhéadaigh comh-iomlán na bpunann sócmhainní agus dliteanais ag GBCN chuig os cionn €63 billiún.
- B'ionann luach idirbhearta GBCN sa bhliain 2007 agus beagnach €540 billiún.

## An Fiachas Náisiúnta

- I mí Dheireadh Fómhair 2007, d'eisigh GBCN banna nua dar luach €6 bhilliún – an Banna Státchiste 4½% 2018. Bhí sé seo ar an idirbheart ba mhó ag aon rialtas san Eoraip sa bhliain 2007 agus, ag an uair, ar an gceann ba mhó a rinne GBCN riamh. D'ainneoin na ndeacrachtaí sna margaí caipitil toisc na géarchéime creidmheasa, d'éirigh le seoladh an bhanna agus bhí an eisiúint ró-shuibscríofa faoi trí.
- I mí Aibreáin 2008 sheol GBCN banna tagarmhairc eile – an Banna Státchiste 4.4% 2019 - a bhain feidhm as an deis maoiniúcháin ar leith a bhaineann le coinníollacha margaidh a bheith luaineach. Bhí éileamh maith ar an mbanna, agus eisíodh €7 mbilliún, rud nach bhfacthas a mhacasamhail roimhe sin.
- Bhí costais iomlána d'fhónamh don fhiachas náisiúnta sa bhliain 2007 €358 milliún faoi bhun buiséid.
- B'ionann na híocaíochtaí úis a rinne an Státchiste ar an bhfiachas agus €1.618 billiún, i gcomparáid le €1.859 billiún sa bhliain 2006. Cuimsíonn an tsuim sin 3.4 faoin gcéad ó ioncam ó cháin – nuair a bunaíodh GBCN sa bhliain 1990, b'ionann íocaíochtaí úis agus 26.7 faoin gcéad den ioncam ó cháin. Tá an laghdú seo ar an ualach úis tar éis acmhainní substaintiúla a shaoradh agus is féidir leis an Rialtas an t-airgead sin a úsáid ar bhealaí eile anois.
- Ag teacht leis an easnamh sa Státchiste, mhéadaigh an Fiachas Náisiúnta faoi €1.6 billiún agus sheas sé ag €37.6 billiún ag deireadh 2007. É sin ráite, thit an cóimheas Fiachas Náisiúnta/OTN ó 23.6 faoin gcéad ag deireadh 2006 go dtí 23.3 faoin gcéad ag deireadh 2007.
- Ní hionann an Fiachas Náisiúnta, lúide an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean agus cistí eile a ndéanann GBCN bainistiú orthu, ach díreach os cionn trí mhí d'ioncam ó cháin anois (é sin thíos ar cheithre mhí ag deireadh 2006). Nuair a cuireadh GBCN ar bun, bhí gá le trí mhí d'ioncam ó cháin chun íoc as an ús ar an bhfiachas amháin.
- Ag deireadh na bliana sheas an cóimheas Fiachas Ginearálta Rialtas na hÉireann/OTI ag 24.8 faoin gcéad. Tá sé fós ar cheann de na cóimheasa is ísle san AE.
- Dá mbainfí luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ó chistí eile a ndéanann GBCN bainistiú orthu, bheadh an cóimheas Fiachas/OTI níos ísle fós ag tuairim is 11.8 faoin gcéad ag deireadh 2007 (12.4 faoin gcéad ag deireadh 2006).
- Bhí 93 faoin gcéad de bhannaí rialtas ag infheisteoirí idirnáisiúnta, seo méadú mór ó 22 faoin gcéad ag deireadh 1998, díreach sular tugadh isteach an euro.
- Seo a leanas mar a sheas torthaí ar bhannaí:

| | Ag 31 Nollaig 2007 | Ag 30 Meitheamh 2008 |
|---|---|---|
| Banna Cisteáin 3¼% 2009 | 4.13% | 4.66% |
| Banna Cisteáin 5% 2013 | 4.27% | 4.91% |
| Banna Cisteáin 4.6% 2016 | 4.35% | 4.88% |
| Banna Cisteáin 4½% 2018 | 4.49% | 4.99% |
| Banna Cisteáin 4.4% 2019 | – | 5.07% |
| Banna Cisteáin 4½% 2020 | 4.55% | 5.08% |

- Ag deireadh 2007, bhí rátaí seasta úis ag baint le 83 faoin gcéad den Fhiachas Náisiúnta. Bhain an t-iarmhéid go príomha le scéimeanna coigiltis mhiondíola. Tharla an leibhéal ard fiachais sheasta úis mar thoradh ar pholasaí GBCN iasachtaíocht a shocrú ag rátaí ísle stairiúla úis, ag cosaint an Státchiste ar mhéaduithe a d'fhéadfadh a tharlú sa todhchaí.
- Cuireadh deireadh le riosca ráta malairte ón bhFiachas Náisiúnta, chomh maith leis an bhfiachas atá ainmnithe anois, nó a ndéantar malairt air, in euro.
- Le linn 2007 méadaíodh na rátaí úis ar scéimeanna coigiltis mhiondíola an Rialtais ag teacht leis na treochtaí ginearálta sa mhargadh agus faoi dheireadh na bliana ríomhadh gur tharla glan-insreabhadh airgid de €107 milliún isteach sna scéimeanna.
- Toisc na méaduithe i rátaí úis, bhíos in ann struchtúir nua duaise a thabhairt isteach do Dhuaisbhannaí, a d'éascaigh mórdhuais dar luach €1 mhilliún (méadaithe ó €150,000). Bhuaigh sealbhóir bannaí as Baile Átha Cliath an chéad duais de €1 mhilliún i mí na Nollag 2007. Méadaíodh na duaiseanna móra míosúla i Meán Fómhair, Deireadh Fómhair agus Samhain ó €150,000 go €500,000.
- Íocadh €330 milliún le daoine ar tháinig a gCuntais Speisialta Dreasachta Coigiltis (SSIA) leis An Post chun aibíochta.
- Tá na gníomhaireachtaí rátála creidmheasa den tuairim go bhfuil fiachas Rialtas na hÉireann ar cheann de na fiachais is sábháilte ar domhan. Rangaíonn Moody, Standard & Poor, Fitch and Rating & Investment Information Inc. fiachas na hÉireann sa chatagóir AAA agus deirtear go bhfuil an todhchaí cobhsaí freisin.

## Gníomhaíochtaí eile de chuid GBCN

- Déanann GBCN bainistiú ar iarmhéid Chuntas an Státchiste i mBanc Ceannais na hÉireann. B'ionann láimhdeachas 2007 ar oibríochtaí bainistithe airgeadais agus €190 billiún. B'ionann an méanidirbheart laethúil agus €465 milliún. D'éirigh le GBCN iarmhéideanna airgid an Státchiste ag deireadh na bliana a charnadh go tuairim is €4 bhilliún, rud a chinntigh go raibh leachtacht a dhóthain ann le haghaidh thús 2008.
- Faigheann GBCN airgead ar iasacht thar ceann na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe. Le linn 2007 b'ionann an meánleibhéal iasachtaí agus €2.58 billiún. B'ionann láimhdeachas agus €44 billiún.
- Tá GBCN i bhfeighil na Seirbhíse Lárnaí Cisteáin, chun rogha iomaíoch a sholáthar d'údaráis sláinte, oideachais agus rialtais áitiúil ar an tionscal baincéireachta, le haghaidh idir iasachtaí a fháil agus a thabhairt. Bhí €33 milliún in iasachtaí agus €84 milliún i dtaiscí amuigh le linn 2007.

- Déanann GBCN bainistiú ar shócmhainní an Chiste Árachais Shóisialaigh thar ceann na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. B'ionann na sócmhainní go léir a raibh bainistiú á ndéanamh orthu ag deireadh 2007 agus €3.3 billiún, agus é seo thuas ar €2.7 billiún ag deireadh 2006.
- Déanann GBCN bainistiú ar shócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin, arb ionann é agus €205 milliún ag deireadh Nollaig 2007 (€211.3 milliún ag deireadh 2006).
- Déanann GBCN bainistiú ar phunann éighníomhach bannaí don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean. Ghnóthaigh an phunann bannaí seo €405 milliún ó bunaíodh é agus sheas sé ag €2.3 billiún ag deireadh 2007. Déanann GBCN bainistiú freisin ar iarmhéideanna airgid an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, a sheas ag €720 milliún ar an meán sa bhliain 2007.
- Forghníomhaíonn GBCN idirbhearta malairte eachtraí an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean dá infheistiú i sócmhainní neamh-euro agus do straitéis fhadtéarmach fálaithe an Chiste. B'ionann láimhdeachas ar na gníomhaíochtaí seo sa bhliain 2007 agus breis is €43 billiún.
- Déanann GBCN bainistiú ar shócmhainní Chiste an Boird Airgeadais Oideachais. B'ionann iarmhéid an Chiste sin ag deireadh 2007 agus €8.6 milliún.
- Feidhmíonn GBCN mar ghníomhaire don Stát le freagracht creidmheasanna carbóin a cheannach d'fhonn oibleagáidí na hÉireann a chomhlíonadh faoi Phrótacal Kiótó. D'infheistigh GBCN €3.7 milliún sa bhliain 2007 de bhun comhaontuithe idir an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Banc Domhanda.

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

- Feidhmíonn GBCN anois mar Ghníomhaireacht um Éileamh ar an Stát (GÉS), agus déanann bainistiú ar éileamh do dhíobháil phearsanta, damáiste do mhaoin agus éilimh chliniciúla a dhéantar i gcoinne údaráis Stáit áirithe, lena n-áirítear Airí Rialtais agus fiontair shláinte.
- Faoi láthair láimhseálann an GÉS tuairim is 4,500 éileamh. Is ionann an cúlchiste iomlán amuigh agus tuairim is €565 milliún, a chuimsíonn:
  - » Éilimh Chliniciúla €449 milliún (79.5%)
  - » Dliteanas Fostóra/Dliteanas Poiblí/Damáiste do Mhaoin (DF/DP/DM) €116 milliún (20.5%)
- Treochtaí:
  - » Ó 2002 i leith thit éilimh DF faoi 84 faoin gcéad agus thit líon na n-éileamh DP faoi 28 faoin gcéad.
  - » Cibé scéal é, tá líon iomlán na n-éileamh atá á mbainistiú ag an GÉS tar éis dul i méid toisc gur sannadh catagóirí éilimh breise ar an GÉS. Áiríonn na catagóirí breise éilimh a bhaineann le caillteanas éisteachta, foghail ar an bpearsa, agus mí-úsáid ghnéasach leanaí.
- San iomlán fuair an GÉS 1,493 éileamh nua agus réitíodh 1,258 éileamh sa bhliain 2007.

- Mar thoradh ar chinneadh de chuid na Cúirte Uachtaraí i mí na Samhna 2007 i gcás a bhain le coinneáil orgán, tá sé beartaithe ag an GÉS tuairim is 200 cás dá leithéid i gcoinne ospidéal agus cosantóirí Stáit a dhúnadh.
- Chuathas i mbun clár cuimsitheach bainistithe riosca DF/DP sa bhliain 2007. D'áirigh an clár seo:
  - » iniúchtaí deimhniúcháin ar chóras bainistithe sláinte agus sábháilteachta na bhFórsaí Cosanta;
  - » athbhreithnithe riosca sa Gharda Síochána agus sa Roinn Talmhaíochta agus Bia;
  - » seoladh ar chóras bainistithe sláinte agus sábháilteacht Sheirbhís Príosún na hÉireann;
  - » bunú Líonra Bainistithe Riosca le haghaidh údaráis Stáit;
  - » cúrsaí agus seimineáir oiliúna do scoileanna agus do ranna Rialtais.
- Ar na príomhfhorbairtí ag eascairt as Plean Bainistithe Riosca na Scéime Slánaíochta Cliniciúla bhí na nithe seo a leanas:
  - » bunús Fóram Péidiatraiceach, Fóram Cnáimhseachais agus Fóram ar Ionfhabhtuithe atá Bainteach le Cúram Sláinte;
  - » óstáil ar chruinniú bliantúil an Líonra Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Cógas;
  - » comhairle a sholáthar tar éis anailís a dhéanamh ar éilimh dhúnta;
  - » oiliúint do bhainisteoirí riosca maidir le tuarascálacha a cheapadh agus anailís ar bhunchúiseanna

**Anailís ar Threochtaí na nÉileamh agus na dTarluithe DF/DP**




Foinse: GBCN

## An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

- Comhlíonann GBCN feidhmeanna na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, mar a gcuireann sí comhairle airgeadais ar fáil d'údaráis Stáit atá ag dul i mbun tionscadail bhonneagair. Bunaíodh an GAFN ar an 1 Eanáir 2003.
- San iomlán atreoraíodh 121 tionscadal chuig an GAFN. Go nuige seo chuir an ghníomhaireacht a comhairle i gcrích maidir le 38 tionscadal le comhluach iomlán caipitil de €6 bhilliún, agus is CPP atá i gceist le 21 díobh.

- Chuir an GAFN comhairle i gcrích maidir le deich dtionscadal le linn 2007:
  - » Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla
  - » Ionad Comhdhála Náisiúnta
  - » Bóthar Lansdúin
  - » Gairdíní Uí Dhuibheannaigh
  - » Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne Dhuga Spencer
  - » Iasacht Chomhairle Contae Loch Garman
  - » M3 Cluain Aodha – Ceanannas
  - » N6 Gaillimh – Béal Átha na Sluaighe
  - » N7/N8 Port Laoise – Cúlchoill
  - » Síneadh leis an M50

  Is ionann comhluach caipitil na dtionscadal seo agus €2.6 billiún.
- Tá an GAFN faoi láthair i mbun soláthair le haghaidh roinnt scoileanna agus chuir an ghníomhaireacht tús le réamhsholáthar don Cheoláras Náisiúnta, Amharclann na Mainistreach, agus do thionscadail oideachais agus tithe cúirte eile.
- Bíonn an GAFN i mbun comhairle airgeadais a sholáthar i gcónaí ar thionscadail amhail Príosún Halla Thornton, Limistéir Sheirbhísí Mótarbhealaí ar an M1 agus an M4, agus Metro Thuaidh agus Thoir. Ina theannta sin, bíonn an GAFN ag obair go dlúth i gcónaí le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le húdaráis áitiúla eile ar scéimeanna athnuachana tithíochta sóisialta agus inacmhainne, chomh maith le tionscadail in earnálacha na dramhaíola agus an uisce.

## An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

- Bunaíodh an CNP i mí Aibreáin na bliana 2001 agus an cuspóir a bhí aige ná freastal a mhéad ab fhéidir ar chostais na bpinsean leasa shóisialaigh agus na seirbhíse poiblí ón mbliain 2025 amach. Ceapadh GBCN mar bhainisteoir ar an gCiste do na deich mbliana go dtí 2011.
- D'fhás an Ciste faoi €2.253 billiún go dtí €21.153 billiún ag deireadh 2007 (€18.9 billiún ag deireadh 2006). Chuir torthaí ar infheistíochtaí €637 milliún leis an gciste, nó 3.3 faoin gcéad, agus chuir an Státchiste €1.616 billiún leis an gCiste.
- Tharla an toradh infheistíochta 3.3 faoin gcéad sa Chiste de bharr fhás a phunainne cothromais, d'ainneoin go bhfuil cúrsaí thar a bheith luaineach le linn dara leath na bliana toisc na géarchéime fophríomha agus an ghéarchoir chreidmheasa a tharla dá dheasca. Seasann toradh bliantúlaithe an Chiste ag 6 faoin gcéad anois ó cuireadh ar bun é.
- B'ionann luach an Chiste ag deireadh 2007 agus 13.1 faoin gcéad den OTN.
- Ag deireadh 2007 bhí scaireanna ag an gCiste i mbreis agus 2,500 cuideachta luaite. Bhí isteach is amach le 190 urrús i leith féich aige, maille le infheistíochtaí i 25 feithicil infheistíochta, 26 feithicil phríobháideach cothromais agus 11 tháirge speisialaithe infheistíochta (lena n-áirítear margaí airgeadra agus margaí nua agus teastais tráchtearraí).

**Leithdháileadh Sócmhainní GAFN – 31 Nollaig 2007**

| | €milliún | % |
|---|---|---|
| Cothromas Caidhpe Mór | 14,080 | 66.6 |
| Cothromas Caidhpe Beag | 749 | 3.5 |
| Cothromas na Margaí Nua | 430 | 2.0 |
| **Cothromas Luaite Iomlán** | **15,259** | **72.1** |
| Cothromas Príobháideach | 403 | 1.9 |
| Maoin | 647 | 3.1 |
| Tráchtearraí | 286 | 1.3 |
| **Sócmhainní Comhroghacha Iomlána** | **1,336** | **6.3** |
| Ioncam Seasta | 3,567 | 16.9 |
| Cistí Airgeadra | 165 | 0.8 |
| Airgead Tirim | 826 | 3.9 |
| **Sócmhainní Airgeadais Iomlána** | **4,558** | **21.6** |
| **Iomlán** | **21,153** | **100** |

## Gníomhaíochtaí Nua

- Ó mhí na Mheithimh 2007 i leith, rinne GBCN bainistiú ar riachtanais airgeadra eachtraigh – tuairim is €100 milliún in aghaidh na bliana – na Roinne Gnóthaí Eachtracha.
- D'fhoráil An tAcht Sláinte 2007 go bhféadfadh GBCN, ar iarratas ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, bainistiú a dhéanamh ar airgead i gcuntais mhaoin phríobháideach na n-othar ar théarmaí a aontófaí le FSS.
- Cuireadh le téarmaí tagartha na Seirbhíse Lárnaí Cisteáin sa bhliain 2007 ionas go gcuimseofaí gach foras stáit neamhthráchtála chomh maith.

## Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne

- Cineachtar roinnt feidhmeanna don GBCN faoin Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne 2001. Méadaíonn sé an táille bhliantúil a bhaineann le líon na mbannaí eisithe ag na hinstitiúidí sannta.
- Le linn 2007, eisíodh €12.2 billiún de na hurrúis faoi chumhdach sócmhainne in Éirinn faoin Acht, agus dá bharr sin b'ionann an t-iomlán a bhí eisithe agus €72.2 billiún

## Comhairleacht agus Caidrimh Idirnáisiúnta

- Bíonn tíortha eile i gcomhairle le GBCN i gcónaí maidir lena gníomhaíochtaí um bainistiú sócmhainní agus dliteanais.

## Acmhainní Daonna

- D'fhás líon na mball foirne i nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ó 130 go 151 le linn 2007. Earcaíodh daoine den chuid is mó sa Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus sa Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta. I mí na Mheithimh 2008, b'ionann líon iomlán na mball foirne fostaithe ag GBCN agus 163 duine.



# Maoiniú agus Riar Fiachais

## An Fiachas Náisiúnta

Is é atá i gceist leis an bhFiachas Náisiúnta, mar a tomhaiseadh go traidisiúnta in Éirinn é, ná luach ainmniúil fhiachas lárnach an rialtais lúide iarmhéideanna airgid an Státchiste. Mhéadaigh an Fiachas Náisiúnta faoi €1.642 billiún sa bhliain 2007 agus sheas sé ag €37.560 billiún ag deireadh na bliana. Ba é easnamh an Státchiste sa bhliain 2007 ba chúis leis an méadú go léir.

B'ionann easnamh an Státchiste agus €1.619 billiún. Nuair a chuirtear san áireamh an tarraingt anuas ón gCúlchiste Mionchoigiltis (€238 milliún) agus tabhairt anonn na méideanna caipitil leithdháilte (€33 milliún), b'ionann an t-easnamh airgid thirim agus €1.890 billiún.

Is léaráid í seo thíos a thaispeánann riachtanais maoiniúcháin agus oibríochtaí bainistithe leachtachta an Státchiste don bhliain 2007 (a rinneadh le haghaidh an Bhainc Cheannais Eorpaigh):




*Tar éis aisíoc a dhéanamh ar €330 milliún le sealbhóirí a raibh Cuntais Speisialta Dreasachta Coigiltis acu leis An Po

**Ollsreabhadh Airgid sa bhliain 2007**

| Cuntas | € billiún |
|---|---|
| Cuntas an Státchiste | 341 |
| Cúlchiste Náisiúnta Pinsean | 74 |
| An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 44 |
| An Ciste Árachais Shóisialaigh | 32 |
| Cuntais Airgeadra Eachtraigh | 31 |
| Ciste Bhanc Taisce an Phoist | 12 |
| An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla | 1 |
| Cuntais Eile | 3 |
| **Iomlán** | **538** |

**Athrú ar Luach Ainmniúil an Fhiachais Náisiúnta sa bhliain 2007**

| | € milliún | € milliún |
|---|---|---|
| **Fiachas Náisiúnta (deireadh 2006)** | | **35,917** |
| **Móide** | | |
| (i) Easnamh an Státchiste | 1,619 | |
| (ii) Gluaiseachtaí neamhairgid* | 23 | |
| **Athrú ar luach ainmniúil an Fhiachais Náisiúnta** | | **1,642** |
| **An Fiachas Náisiúnta (deireadh 2007)** | | **37,560** |

* Tionchar ghluaiseachtaí an ráta mhalairte agus glanlascainí ar thráinsí agus ar chealú bannaí rialtais. Tháinig préimheanna agus lascainí chun cinn nuair a eisíodh nó nuair a cealaíodh bannaí ag praghas eile seachas an parluach toisc difríocht a bheith ann idir an cúpón ar an bhfiachas agus torthaí an mhargaidh.

## Fiachas Ginearálta an Rialtais

Úsáidtear an sainmhíniú Fiachas Ginearálta an Rialtas (FGR) chun comparáidí a dhéanamh san Aontas Eorpach. Tá an Fiachas Náisiúnta ar phríomhpháirt an Fhiachais Ghinearálta. Neamhchosúil leis an bhFiachas Náisiúnta, ní cheadaíonn an FGR aon fhritháireamh d'iarmhéideanna airgid an Státchiste. Ina theannta sin, cuireann an FGR san áireamh fiachas an rialtais áitiúil, cistí seachbhuiséid áirithe eile agus an t-ús fabhraithe nach bhforáiltear dó i ndáil leis na scéimeanna coigiltis mhiondíola.

B'ionann meastachán an FGR agus €47.2 billiún ag deireadh 2007, sin méadú €3.4 billiún ar dheireadh na bliana 2006. Chuir easnamh an Státchiste agus carnadh iarmhéideanna airgid thirim an Státchiste leis an méadú sin.

**Fiachas amuigh**




Foinsí: Eurostat, An Roinn Airgeadais & GBCN

## Cóimheasa Fiachais

Thit an cóimheas Fiachas Náisiúnta/OTN ó 23.6 faoin gcéad ag deireadh 2006 go dtí 23.3 faoin gcéad ag deireadh 2007. Sheas an cóimheas Fiachas Ginearálta an Rialtais/OTI ag 24.8 faoin gcéad, thus 24.7 faoin gcéad ag deireadh 2006.

Tá bunstaid na hÉireann níos tréine fós – nuair a chuirtear san áireamh an €21.2 billiún a bhí sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ag deireadh 2007, titeann cóimheas Fiachas Ginearálta an Rialtais go dtí 13.7 faoin gcéad.

Tá Plean Buiséid trí bliana an Rialtais, a fógraíodh i mí na Nollag 2007, ag tuar go mbeidh méadú beag ann ar an gcóimheas Fiachas Ginearálta an Rialtais/OTI don tréimhse 2008-2010 — ó 25.9 faoin gcéad ag deireadh 2008 go dtí 28.7 faoin gcéad ag deireadh 2010.

**Cóimheasa Fiachais an Fhiachais Náisiúnta & Fhiachas Ginearálta an Rialtais**




Foinsí: Eurostat, An Roinn Airgeadais agus GBCN

## Comparáidí Idirnáisiúnta

Ag deireadh 2007, bhí féichiúnas na hÉireann ar cheann de na féichiúnais is ísle i measc Bhallstáit an AE agus níos ísle ná leath an mheáin san AE.

**Cóimheasa FGR/OTI do Bhallstáit-27 don bhliain 2007**




Foinse: Eurostat

Seo i gcomparáid le staid a bhí i bhfad níos airde ná an meán sa bhliain 1990.

**Cóimheas FGR/OTI na hÉireann i gCoibhneas leis an Meán san AE-15** (Éire as an áireamh)




Foinsí: Eurostat, an Roinn Airgeadais (meastachán 2007 d'Éirinn)

Léiríonn an treocht fhabhrach seo feidhmíocht na hÉireann seachas aon athrú ábhartha ar mheán an AE féin, mar is léir ón ngraf thíos.

**Cóimheasa Meánfhiachais na hÉireann**




Foinsí: Eurostat, an Roinn Airgeadais (meastachán 2007 d'Éirinn)

## An Costas ar Fhónamh don Fhiachas Náisiúnta

D'íoc an Státchiste €1.618 billiún in ús i leith an Fhiachais Náisiúnta sa bhliain 2007, i gcomparáid le €1.859 billiún sa bhliain 2006. I measc na míreanna eile a cuireadh chun dochair costais seirbhís fhiacha bhí cistí fiachmhúchta de €466 milliún – go bunúsach is muirear teicniúil ar an mbuiséad reatha a thagann ar ais mar fháltas sa bhuiséad caipitil é seo– mar aon le táillí agus speansais riaracháin de €59 milliún.

Íocadh €238 milliún in ús a íocadh as an gCúlchiste Mionchoigiltis (CM). Tá An Státchiste ag carnadh an CM ó 1994 i leith chun íoc as roinnt den ús a bhí fabhraithe ar scéimeanna coigiltis mhiondíola de réir mar a chaithfear suimeanna móra a íoc (féach leathanach 17).

Rinneadh coigilteas seirbhís fiacha de €358 milliún in aghaidh an Bhuiséid. Eascraíonn an coigilteas as saincheisteanna ama a bhain leis an gcéad íocaíocht úis ar an mbanna nua €6 bhilliún a eisíodh i mí Dheireadh Fómhair 2007, staid láidir tosaigh an státchiste agus tograí éagsúla bainistithe fiacha de chuid GBCN.

**Anailís ar thoradh an fhónaimh don fhiachas i gCoibhneas leis an mBuiséad —€milliún**




Níl ach 3.4 faoin gcéad den ioncam cánach ag teastáil anois chun ús an Fhiachais Náisiúnta a íoc, i gcomparáid le 25.7 faoin gcéad i 1991.

**Ús mar Chéatadán den Ioncam Cánach**




Foinse: GBCN

Tá costais úis tar éis titim ó 8.1 faoin gcéad den OTN sa bhliain 1991 go 1 faoin gcéad sa bhliain 2007.

**Ús mar Chéatadán den OTN**




Foinse: GBCN

Thit meánchostas úis an fhónaimh ar an bhFiachas Náisiúnta go mór ó 8.5 faoin gcéad sa bhliain 1991 go 4.4 faoin gcéad sa bhliain 2007. Tharla sé seo den chuid is mó mar gheall ar go bhfuil rátaí úis domhanda ag ísliú, toisc tionscnaimh bhainistíochta GBCN agus rannpháirtíocht na hÉireann i limistéar an euro.

**Meánchostas Úis d'Fhónamh don Fhiachas Náisiúnta 1991-2007**




Foinse: GBCN

## Comhdhéanamh an Fhiachais

| | **€ milliún (ainmniúil))** | |
|---|---|---|
| | 31 Nollaig 2007 | 31 Nollaig 2006 |
| Bannaí Rialtas na hÉireann | 30,945 | 31,189 |
| Fiachas Meántéarma agus Fadtéarma eile | 616 | 628 |
| Scéimeanna Coigiltis Mhiondíola | 6,241 | 6,453 |
| Glanfhiachas Gearrthéarmach | (242) | (2,353) |
| **Iomlán** | **37,560** | **35,917** |

## Airgeadra agus Marthanacht an Fhiachais

Ag deireadh na bliana 2007 bhí an Fiachas Náisiúnta uile ainmnithe in euro nó malartaithe go euro.

Mhéadaigh marthanacht an Fhiachais Náisiúnta ó 5.29 go 5.67 bliain, de bharr banna nua a eisíodh den chuid is mó.

**Próifíl Aibíochta an Fhiachais Náisiúnta**




Foinse: GBCN

## Gníomhaíocht Maoiniúcháin

**2007 – Seoladh Banna Státchiste 4.5% 2018**

I mí Dheireadh Fómhair sheol GBCN, trí shindeacáitiú, banna nua 11 bhliain chun athmhaoiniú a dhéanamh ar bhanna a bhí le teacht in aibíocht ar an 18 Deireadh Fómhair 2007. Bhí sprioceisiúint idir €3 bhilliún agus €5 bhilliún ag GBCN ar dtús, ach bhí an oiread sin éilimh air ó infheisteoirí go rabhthas in ann é a mhéadú go €6 bhilliún. Ba í seo an eisiúint bhannaí ba mhó a rinne aon rialtas san Eoraip sa bhliain 2007, agus ag an am, ba í an eisiúint ba mhó í a rinne Éire riamh. Eisíodh an banna le toradh de 4.58 faoin gcéad, 15 bhonnphointe os cionn banna tagarmhairc 10 mbliana na Gearmáine.

Tháinig an t-éileamh ó raon leathan infheisteoirí: bainisteoirí ciste (42 faoin gcéad), bainc (26 faoin gcéad) agus gnólachtaí pinsin/árachais (19 faoin gcéad) agus bhí scaipeadh tíreolaíoch air: An Ghearmáin agus An Ostair chun cinn le 22 faoin gcéad, an RA le 20 faoin gcéad agus an Fhrainc le 16 faoin gcéad. Ghlac infheisteoirí Éireannacha le 11 faoin gcéad den iomlán.

**2008 – Seoladh Banna Státchiste 4.4% 2019**

I mí Aibreáin 2008, tar éis plé fada le hinstitiúidí airgeadais, sheol GBCN banna tagarmhairc eile – Banna Státchiste 4.4% 2019 – ag baint buntáiste as deis mhaoiniúcháin ar leith a bhaineann le cúinsí deacra margaidh. Bhí éileamh láidir ar an mbanna arís, agus eisíodh suim gan fasach €7 mbilliún. Ba í seo an eisiúint bhanna ba mhó san Eoraip ó 2004 ag iasachtóir ar bith. Eisíodh an banna ag toradh 4.51 faoin gcéad.

Ghlac os cionn 180 infheisteoir páirt i leabhar a ndearnadh rófhorscríobh beagnach faoi dhó air, agus bhí sé ar cheann de na bannaí ba mhó agus b'éagsúlaithe sa bhliain 2008. Dáileadh na bannaí ar fud na hEorpa, agus tháinig éileamh mór as lasmuigh den Eoraip freisin – go háirithe ón Áise agus ó Mheiriceá Thuaidh. Ghlac bainisteoirí sócmhainní 38 faoin gcéad den eisiúint, ghlac bainc 27 faoin gcéad, agus ghlac cistí pinsin agus cuideachtaí árachais 18 faoin gcéad. Ghlac bainc cheannais agus institiúidí fornáisiúnta páirt san eisiúint freisin, le timpeall 8 faoin gcéad. Cuireann an dáileadh leathan béim ar mhealltacht bhannaí na hÉireann, le breis agus 94 faoin gcéad cionroinnte lasmuigh d'Éirinn.

**Dáileadh Bhanna Státchiste 4.5% 2018 – de réir cineál infheisteora**




Foinse: GBCN

**Dáileadh Bhanna Státchiste 4.4% 2019 – de réir cineál infheisteora**




Foinse: GBCN

**Dáileadh Bhanna Státchiste 4.5% 2018 – de réir ionad tíreolaíochta**




Foinse: GBCN

**Dáileadh Bhanna Státchiste 4.4% 2019 – de réir ionad tíreolaíochta**




Foinse: GBCN

## Bannaí agus Fiachas Fadtéarmach eile

### Bannaí Tagarmhairc Rialtais

Tá cúig mhórbhanna tagarmhairc ag Éirinn anois le haibíochtaí a shíneann thar an cuar toraidh go 2020. Sáraíonn an tsuim atá amuigh ar gach ceann díobh €5 bhilliún. Is ionann na bannaí tagarmhairc, mar aon leis an mbanna tagarmhairc roimhe seo atá le teacht in aibíocht i mí Aibreáin 2009, agus beagnach 98 faoin gcéad de na bannaí iomlána atá amuigh.

**Bannaí Tagarmhairc**

| Bannaí | Amuigh 30 Meitheamh 2008 (€m) | Cód ISIN | Dáta Íocaíochta Bliantúil |
|---|---|---|---|
| Banna Státchiste 5% 2013 | 6,028 | IE0031256328 | 18 Aibreán |
| Banna Státchiste 4.6% 2016 | 5,849 | IE0006857530 | 18 Aibreán |
| Banna Státchiste 4.5% 2018 | 6,000 | IE00B28HXX02 | 18 D. Fómhair |
| Banna Státchiste 4.4% 2019 | 7,000 | IE00B2QTFG59 | 18 Meitheamh |
| Banna Státchiste 4.5% 2020 | 7,073 | IE0034074488 | 18 Aibreán |

**Banna Tagarmhairc Amuigh ar an 20 Meitheamh 2008**




Foinse: GBCN

### Córas an Déileálaí Phríomhúil

Tá ocht gcinn de Dhéileálaithe Príomhúla i margadh bannaí Rialtas na hÉireann, atá aitheanta ag GBCN, a cheapann praghsanna déthreo i mbannaí ainmnithe i Sainsuimeanna íosta atá laistigh de shainleathadh uasta.

Chomh maith leis sin, tá roinnt stocbhróicéirí ann a mheaitseálann orduithe na gcliant. Bíonn Déileálaithe Príomhúla freagrach as 95 faoin gcéad den láimhdeachas i margadh bhannaí rialtas na hÉireann.

Rinneadh Déileálaí Príomhúil de ING Bank i mí Aibreáin 2007. D'éirigh ABN Amro as a bheith ina Dhéileálaí Príomhúil i mí Márta 2008. Faoi láthair is mórbhainc idirnáisiúnta iad seacht gcinn de na hocht Déileálaí Phríomhúla.

Is iad na Déileálaithe Príomhúla:

- Barclays Capital
- Calyon
- Citigroup
- Davy stockbrokers
- Deutsche Bank
- HSBC
- ING Bank
- Royal Bank of Scotland

Is baill de Stocmhalartán na hÉireann, mar a bhfuil bannaí Rialtas na hÉireann liostáilte, iad na Déileálaithe Príomhúla.

Is baill iad freisin den EuroMTS agus MTS Ireland. Tá rochtain eisiach acu ar cheantanna bannaí GBCN agus is féidir leo úsáid a bhaint as áiseanna comhaontuithe ceannaigh a chuireann GBCN ar fáil i mbannaí Rialtas na hÉireann.

**Gníomhaíocht na nDéileálaithe Príomhúla: Sciar Margaidh Miondíola 2007**




Foinse: GBCN

### Ceantanna Bannaí

Mar gheall ar shaincheisteanna sindeacáitithe i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus i mí Aibreáin 2008, ní raibh gá le ceantanna bannaí i 2007 ná suas go deireadh Mheitheamh 2008.

Nuair a bhíonn gá leo, tarlaíonn ceantanna bannaí ar an tríú Déardaoin den mhí. Tá rochtain eisiach ag na hocht nDéileálaí Phríomhúla ar na ceantanna seo. Ag 10.00r.n. ar an Déardaoin seachtain amháin roimhe sin, fógraíonn GBCN sonraí an bhanna atá le cur ar ceant agus méid an cheant trí Bloomberg, Reuters agus a shuíomh idirlín www.ntma.ie.

Reáchtáiltear ceantanna trí chóras ceantanna Bloomberg agus is ceantanna praghsanna iolracha iad. Bíonn torthaí an cheant ar fáil de ghnáth laistigh de dhá nóiméad ón am scoite do thairiscintí 9.15r.n. Leanann ceant neamh-iomaíoch do suas le 20 faoin gcéad den tsuim a díoladh sa cheant iomaíoch díreach tar éis don cheant iomaíoch dúnadh. Tá sé de rogha ag Déileálaithe Príomhúla glacadh lena dteidlíocht neamhiomaíoch go dtí 10.00r.n. ar an dara lá gnó tar éis an cheant iomaíoch.

## Trádáil Leictreonach EuroMTS agus MTS Ireland

Tá 17 rannpháirtí sa mhargadh do bhannaí tagarmhairc Rialtas na hÉireann ar EurpMTS:

| Cruthaitheoirí Margaidh | Glacadóirí Margaidh |
|---|---|
| Bank of America Securities | Banco Santander Central Hispano |
| Barclays Capital* | BHF-BANK |
| Bayerische-Hypovereinsbank | Commerzbank |
| Calyon* | Landesbank Baden Wuerttemberg |
| Citigroup* | Morgan Stanley |
| Davy Stockbrokers* | Westdeutsche Landesbank |
| Deutsche Bank* | |
| HSBC* | |
| ING Bank* | |
| Royal Bank of Scotland* | |
| UBS Limited | |

** Déileálaithe Príomhúla*

Tá cúig bhanna tagarmhairc Rialtas na hÉireann liostaithe freisin sa chóras baile, MTS Ireland i luachan comhthreomhar.

### Sealúchais Éagsúlaithe Bhannaí Rialtas na hÉireann

Tá bonn éagsúlaithe ar bhannaí rialtas na hÉireann ó tugadh an euro isteach. Tá sealúchais infheisteoirí idirnáisiúnta méadaithe ó 22 faoin gcéad den iomlán i 1998 go 93 faoin gcéad sa bhliain 2007. Mhéadaigh suim iomlán na mbannaí ar eisiúint de 52% sa tréimhse chéanna.




Foinse: Feasachán Ráithiúil Bhanc Ceannais na hÉireann

### Láimhdeachas agus Leachtacht

B'ionann an láimhdeachas ar bhannaí Rialtas na hÉireann ar Stocmhalartán na hÉireann sa bhliain 2007 agus €52 billiún.




Foinse: Stocmhalartán na hÉireann

Cuireann gníomhaíocht trádála sna bannaí ar EuroMTS agus MTS Ireland go mór leis an láimhdeachas. B'ionann an comhláimhdeachas ar bhannaí Rialtas na hÉireann ón dá chóras agus €15 bhilliún sa bhliain 2007.




Foinse: MTS

### Torthaí Bhannaí Rialtas na hÉireann i Limistéar an Euro




Foinse: Bloomberg

### Comhaontuithe Ceannaigh

Is comhpháirt thábhachtach den leachtacht sa mhargadh bannaí iad na comhaontuithe ceannaigh agus gineann siad níos mó ná cúig oiread láimhdeachas an mhargaidh airgid. Cuireann siad meicníocht chomhthaobhachtaithe ar fáil d'infheisteoirí chun gur féidir leo a gcuid torthaí a bhreisiú ar na sealúchais bannaí atá acu a ligean ar iasacht ar bhonn gearrthéarmach. B'ionann an láimhdeachas comhaontuithe ceannaigh a thuaisiscigh Stocmhalartán na hÉireann agus €377 billiún sa bhliain 2007.




Foinse: Stocmhalartán na hÉireann

Bhí ról gníomhach ag an GBCN i rith na bliana sa mhargadh comhaontuithe ceannaigh, mar ar chuir sí áiseanna comhaontuithe ceannaigh agus áiseanna droim ar ais comhaontuithe ceannaigh ar fáil do na Déileálaithe Príomhúla. Tríd is tríd, b'ionann gníomhaíocht comhaontuithe ceannaigh GBCN agus €14 bhilliún. Chuir an ghníomhaíocht seo le feidhmiú mín réidh an mhargaidh do na rannpháirtithe uile agus ba úsáideach an fhoinse eolais margaidh é do GBCN.

### Bannaí a Cheannach ar Ais

I gcaitheamh na mblianta bhí bannaí seachreatha neamhleachtacha Rialtas na hÉireann á gceannach ar ais ag GBCN nuair a d'eascair deiseanna sna margaí. Tá deiseanna dá leithéid teoranta anois mar gheall ar ghníomhaíocht cheannach ar ais na mblianta roimhe seo. Mar sin féin ceannaíodh timpeall €162 milliún ar ais sa bhliain 2007.

### Bannaí Rialtas na hÉireann a Imréiteach agus a Shocrú in Euroclear

Is é Euroclear Bank, An Bhruiséil, a dhéanann feidhm a imréiteach agus a shocrú do Rialtas na hÉireann. Is é Banc Ceannais na hÉireann a chothaíonn clár sealbhóirí na mbannaí, agus tá a bhformhór in ainm Euroclear Bank. Socraítear beartaíocht bannaí de ghnáth ar bhonn T+3 (.i. trí lá gnó tar éis dháta na trádála).

### Innéacsanna Bannaí

Áirítear bannaí Rialtas na hÉireann sna hinnéacsanna bannaí seo a leanas:

- Bloomberg/EFFAS – Innéacs Bannaí Rialtais an Eurobhloic
- Citigroup – Innéacs Bannaí Rialtais Domhanda
- EuroMTS – Innéacs Limistéar an Euro
- Stocmhalartán na hÉireann – Innéacs Bannaí ISEQ
- Lehman Brothers – Innéacs na gCisteán Domhanda
- Merrill Lynch – Innéacs bannaí Rialtais Uile-Eorpach

## Deasc Trádála Tánaistí

Coimeádann GBCN feidhm thrádála tánaistí di féin chun a cuid bannaí a thrádáil le rannpháirtithe margaidh eile. Tá sé seo scartha ó dheasc na mbannaí príomhúla ag "Ballaí Síneacha". Is é ról an deasc trádála tánaistí leachtacht a sholáthar don mhargadh agus feidhmiú mar fhoinse bhreise faisnéis mhargaidh do GBCN. Rinneadh trádáil ghníomhach ar phunann €98 milliún bannaí Rialtas na hÉireann i rith na bliana, as ar eascair láimhdeachas €3.7 billiún.

Tugadh sainúdarás don deasc trádála tánaistí chun sócmhainní €5.705 billiún a bhainistiú, is é sin punann neamhghníomhach bannaí an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (os cionn €2.3 billiún ag deireadh na bliana 2007), barrachas carntha an Chiste Árachais Shóisialaigh (€3.2 billiún ag deireadh 2007), agus sócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin (€205 milliún ag deireadh 2007).

## Clár Nótaí Meántéarmach

Tá Clár Nótaí Meántéarmach US$15 bhilliún ag GBCN a athnuaitear gach bliain. Áisíonn an clár ilairgeadra seo eisiúint trí mheán struchtúir éagsúla.

Is iad na díoltóirí atá ceaptha faoin gclár ag Éirinn:

- Credit Suisse Securities (Europe) Limited;
- J.P. Morgan Securities Ltd;
- Merrill Lynch International;
- Morgan Stanley & Co. International plc;
- UBS Limited.

Is é Merrill Lynch International an t-eagraí.

## Fiachas Gearrthéarmach agus Bainistiú Airgid

Bhí an-chuid gníomhaíochta i gcláir fiachas ghearrthéarmacha GBCN le linn na bliana 2007. Méadaíodh iasachtaí go timpeall €10 mbilliún faoi mhí Dheireadh Fómhair chun caiteachas rialtais a mhaoiniú agus chun aisíocaíocht an bhanna €6 bhilliún a tháinig in aibíocht ar an 18 Deireadh Fómhair 2007

Nuair a bhí banna 2007 athmhaoinithe ag banna nua 2018, laghdaíodh an fiachas gearrthéarmach. Bhí fiachas gearrthéarmach de timpeall €3 bhilliún ann ag deireadh na bliana.

Tá na cláir ghearrthéarmacha seo a leanas á bhfeidhmiú ag GBCN:

- Clár Páipéir Tráchtála euro US$15 bhilliún na hÉireann;
- Clár Páipéar Tráchtála Euro €4.4 billiún de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe;
- Nótaí Státchiste;
- Nótaí Ilairgeadra Alt 69;
- Billí Idirghabhála Tráchtearraí Talmhaíochta (BITTanna);
- Nótaí Cisteáin Láir do chomhlachtaí Stáit neamhthráchtála;
- Iasachtaí Bainistithe Airgid mar chuid de bhainistiú leachtachta na ECB do limistéar an euro.




Source: GBCN

### Clár Páipéar Tráchtála na hÉireann

Tá Clár US$15 bhilliún ilairgeadra Páipéar Tráchtála Euro na hÉireann liostáilte ar stocmhalartán na hÉireann. Dearadh an clár chun cistí gearrthéarmacha a chruinniú ó mhargaí idirnáisiúnta ag rátaí mealltacha, a bhíonn go maith faoi bhun Eurobor de ghnáth, mar mhaoiniú idirlinne in áit fiachais níos fadtéarmaí, agus ar son cuspóirí bainistithe leachtachta eile. Bíonn bearta gnácha suas le $100 milliún á ndéanamh.

Bíonn tréimhse suas le bliain ar fáil, faoi réir ag riachtanais mhaoinithe. Glactar le fiosrúcháin droim ar ais. Bhí an clár an-ghníomhach le linn 2007 le láimhdeachas €23.4 billiún.

Is iad na díoltóirí atá ceaptha faoin gclár ag GBCN:

- Bank of America Securities
- Barclays Bank
- Citibank International
- Credit Suisse Securities (Europe)
- Deutsche Bank
- Goldman Sachs International
- INg Bank
- Lehman Brothers international (Europe)
- Royal Bank of Scotland
- UBS

Is é Bank of New York Mellon an gníomhaire eisiúna agus an gníomhaire íoctha.

**Clár Páipéar Tráchtála na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe**
Faigheann GBCN iasachtaí thar ceann na GAT faoina clár páipéar tráchtála €4.4 billiún Il-airgeadra. Cuirtear iasachtaí na GAT ar aghaidh mar iasachtaí chuig údaráis áitiúla i gcomhair fothionscadail do thithíocht shóisialta. Déanann an tAire Airgeadas iasachtaí na GAT a ráthú, agus tá barr-rátálacha creidmheasa gearrthéarma ag an gClár ó Moody's agus Standard and Poor's. Is iad na déileálaithe céanna atá ag clár na GAT agus atá ag Clár Páipéar US$15 billíun euro na hÉireann. Déantar gach iasacht neamh-euro a mhalartú láithreach le haghaidh euro ag baint úsáide as conarthaí malartán eachtrannacha. B'ionann an láimhdeachas sa bhliain 2007 agus €12.1 billiún.

**Nótaí Státchiste**
Is ionstraimí bainistithe gearrthéarmacha maoinithe agus leachtachta iad Nótaí Státchiste a eisíonn GBCN chuig raon leathan infheisteoirí, lena n-áirítear infheisteoirí corparáideacha, bainc agus cliaint institiúideacha eile. Bhí láimhdeachas €22 billiún ann sa bhliain 2007.

**Billí Idirghabhála Tráchtearraí Talmhaíochta**
Eisíonn GBCN Billí Idirghabhála Tráchtearraí Talmhaíochta (BITT) thar ceann an Aire Talmhaíochta agus Bia. Comhlíonann siad riachtanas gearrthéarmach maoinithe trí fheidhmiú mar iasachtaí idirlinne idir íocaíochtaí idirghabhála a dhéanann an tAire Talmhaíochta agus Bia agus aisghabháil an airgid ón AE. €400 milliún de láimhdeachas a bhí ann sa bhliain 2007.

**Nótaí Ilairgeadra Alt 69**
Tugadh Alt 69 den Acht Airgeadais 1985 isteach chun cuideachtaí iasachta atá lonnaithe in Éirinn a spreagadh chun a gcistí barrachais a infheistiú anseo, seachas iad a chur abhaile. Féadfaidh cuideachtaí incháilithe infheistíocht dhíreach a dhéanamh le GBCN in aon mhóraigeadra. Féadfaidh siad freisin infheistiú trí gach mórbhanc in Éirinn. B'ionann láimhdeachas na bliana 2007 agus €27.7 billiún.

**Bainistiú Leachtachta Bhanc Ceannais na hEorpa**
Bíonn GBCN rannpháirteach in oibríochtaí gearrthéarmacha airgid go laethúil chun leibhéal iarmhéideanna airgid an rialtais a rialú ag Banc Ceannais na hÉireann. Déantar é seo mar chuid de bhainistiú iomlán na leachtachta i limistéar an euro ag Banc Ceannais na hEorpa. Bhí láimhdeachas €190 billiún ann sa bhliain 2007. €465 milliún an meánbheart laethúil a bhí ann.

**Bearta thar ceann Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean**
Tá sainordú ag GBCN ó choimisinéirí an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) chun bainistiú a dhéanamh ar phunann éighníomhach bannaí arbh ionann a luach ag deireadh na bliana 2007 agus €2.3 billiún. Lena chois sin, forghníomhaíonn GBCN FX chun fálú a dhéanamh ar neamhchosaint malartán eachtrannach chuid d'infheistíochtaí neamh-euro an CNP. €43 billiún de bhearta malartán eachtrannach a bhí ann sa bhliain 2007. Tá sainordú ag GBCN freisin chun bainistiú a dhéanamh ar iarmhéideanna neamhinfheistithe airgid an CNP. Bhí meán-iarmhéid airgid tirim de €720 milliún ag an CNP sa bhliain 2007.

# Coigiltis Mhiondíola

Méadaíodh na rátaí úis ar scéimeanna coigiltis mhiondíola an rialtais i rith 2007 ar aon dul leis na treochtaí ginearálta. Fuarthas freagairt dhearfach ón margadh, agus faoi dheireadh na bliana tháinig glansreabhadh caipitil de €107 milliún isteach sna scéimeanna. Chomh maith leis sin, rinneadh aisíoc €330 milliún le sealbhóirí scéimeanna SCDC a tháinig in aibíocht in An Post. Ag deireadh 2007 bhí suim iomlán €6.24 billiún amuigh, coibhéis 16.6 faoin gcéad den Fhiachas Náisiúnta.

Bhí €780 milliún eile amuigh in ús carntha. Mar fhoráil dó seo, tá €344 milliún curtha ar leataobh sa Chúlchiste Mionchoigiltis.

Is ó infheisteoirí príobháideacha baile is mó a mhealltar cistí sna scéimeanna agus, seachas Duaisbhannaí, feidhmíonn An Post iad thar ceann GBCN. Is é Cuideachta na nDuaisbhannaí Teoranta, comhfhiontar idir An Post agus FexCo, cuideachta seirbhísí airgeadais, a fheidhmíonn na Duaisbhannaí. Tá ús ó na scéimeanna seo saor ó cháin ioncaim na hÉireann.

I mí na Mheithimh 2007, rinne GBCN óstaíocht ar Chomhdháil Idirnáisiúnta Bainistithe Fiachais (IRDMC) i mBaile Átha Cliath. Bhí ionadaithe ó dheich dtír rannpháirteach sa chomhdháil. Is fóram é an IRDMC do bhainisteoirí fiachas flaithiúnais chun ábhair chomhleasa teicneolaíocha, margaíochta agus eile a bhaineann le cláir choigiltis mhiondíola a phlé.

**Suimeanna Amuigh sna Scéimeanna Miondíola Coigiltis 31 Nollaig 2007**




Foinse: GBCN

**Savings Schemes**

| | Amuigh ag an 31 Nollaig 2007 € milliún | Airgead a cruinníodh (a aisíocadh) sa bhliain 2007 (glanmhéid) € milliún |
|---|---|---|
| Cairteachas Coigiltis | 2,222 | 7 |
| Bannaí Coigiltis | 1,675 | (34) |
| Tráthchoigilt Náisiúnta | 408 | 14 |
| Duaisbhannaí | 632 | 42 |
| Stampaí Coigiltis | 2 | – |
| **Banc Taisce an Phoist (BTAP)** | | |
| Cuntais Taisce | 1,302 | 86 |
| Coigeartaithe d'ús BATP a fabhraíodh ach nár íocadh | – | (8) |
| **Iomlán na Príomhshuime** | **6,241**[1] | **107** |
| Aisíoc Cuntais CSDC | – | (330) |
| Ús fabhraithe ar Scéimeanna Coigiltis eile | 780 | (258) |
| **Iomláin Ghlana** | **7,021** | **(481)** |

1 Íocadh na táillí seo le Cuideachta na nDuaisbhannaí. Íocadh na táillí eile go díreach leis An Post.

### Costais Riaracháin

Is iad seo a leanas na táillí riaracháin a íocadh leis An Post agus cuideachta na nDuaisbhannaí i 2007 maidir le scéimeanna coigiltis miondíola an Rialtais:

**Scéimeanna Coigiltis**

| | €milliún |
|---|---|
| Cairteachas Coigiltis | 5.1 |
| Bannaí Coigiltis | 4.7 |
| Tráthchoigiltis | 1.7 |
| Duaisbhannaí[1] | 7.4 |
| Stampaí Coigiltis | 1.0 |
| Banc Taisce an Phoist | 28.9 |
| Cuntais Speisialta Dreasachta Coigiltis | 5.7 |
| **Iomlán** | **54.5** |

1 Íocadh na táillí seo leis an Chuideachta Duaisbhannaí. Íocadh na táillí eile go díreach le An Post.
2 Íoctar táillí a bhaineann le Banc Coigiltis Oifig an Phoist, lena n-áirítear iad sin a bhaineann leis na Cuntais Speisialta Dreasachta Coigiltis, as Ciste Bhanc Taisce an Phoist.
3 Cé gur íocadh na táillí seo sa bhliain 2007, baineann siad leis an tréimhse 2001-2007.

Socraíodh struchtúr nua táillí do scéimeanna seachas na Duaisbhannaí leis An Post agus cuireadh i bhfeidhm é sa bhliain 2007. Eascraíonn táillí na nDuaisbhannaí as conradh ar leith le cuideachta na nDuaisbhannaí agus beidh sé i bhfeidhm go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2009.

### Banc Taisce an Phoist

B'ionann bonn taisce Bhanc Taisce an Phoist ag deireadh na bliana 2007 agus €1.302 billiún. Cuireann sé sin san áireamh aisíoc €330 milliún do shealbhóirí na gCuntas Speisialta Dreasachta Coigiltis (SSIA) in An Post.

Is iad an dá chuntas nua BTAP atá ar tairiscint anois Cuntas Éilimh leabharbhunaithe agus cuntas fógra 30 lá ar a dtugtar Cuntas Taisce Plus. Méadaíodh rátaí úis na gcuntas seo le feidhm ón 1 Lúnasa 2007 mar seo a leanas:

- Cuntas Éilimh: 1 faoin gcéad sa bhliain (méadaithe ó 0.1 faoin gcéad do shuimeanna níos lú ná €6,000 agus 0.25 faoin gcéad do shuimeanna de €6,000 agus níos mó).
- Cuntas Taisce Plus: 3 faoin gcéad sa bhliain (méadaithe ó 1 faoin gcéad do shuimeanna níos lú ná €30,000 agus 1.5 faoin gcéad do shuimeanna de €30,000 agus níos mó).

### Rátaí Toraidh ar Scéimeanna Miondíola eile Rialtais

Méadaíodh iad seo freisin le feidhm ón 1 Lúnasa 2007:

- Cairteachas Coigiltis 21 faoin gcéad thar tréimhse 5½ bliana, cothrom le 3.53 faoin gcéad sa bhliain má choinnítear go haibíocht iad. 16 faoin gcéad an ráta a bhí ann roimhe seo. €50 an t-íosmhéid infheistíochta i gcairteacha coigiltis, le huasmhéid €120,000 do dhuine aonair agus €240,000 do chomhghabháltas.
- Bannaí Coigiltis 10 faoin gcéad thar tréimhse 5 bliana, cothrom le 3.23 faoin gcéad sa bhliain má choinnítear go haibíocht iad. 8 faoin gcéad an ráta a bhí ann roimhe seo. €100 an t-íosmhéid infheistíochta i gcairteacha coigiltis, le huasmhéid €120,000 do dhuine aonair agus €240,000 do chomhghabháltas.
- Tráthchoigilt Náisiúnta (TCN): 20 faoin gcéad thar 5 bliana ar an tsuim a shábháiltear le tráthchodanna míosúla sa dá mhí dhéag roimhe sin, cothrom le meántoradh bliantúil 3.37 faoin gcéad. 15 faoin gcéad an ráta a bhí ann roimhe seo. €25 an t-íosmhéid míosúil infheistíochta i TCN agus tá uasmhéid €500 ann.

### Duaisbhannaí

Comóradh leathchéad bliain de scéim na nDuaisbhannaí sa bhliain 2007. Bhí glandíolacháin €40 milliún ann, ardú ó €29 milliún sa bhliain 2006. €632 milliún an tsuim iomlán a bhí amuigh ag deireadh na bliana 2007.

I mí Mheán Fómhair méadaíodh an ráta úis a úsáidtear chun an duaischiste do scéim na nDuaisbhannaí a ardú ó 2.4 faoin gcéad sa bhliain go 3 faoin gcéad. Tugadh isteach struchtúr nua duaiseanna, le holldhuais nua míosúil de €1 mhilliún (méadaithe ó €150,000). Bhuaigh sealbhóir i mBaile Átha Cliath an chéad olldhuais €1 mhilliún i mí na Nollag. Méadaíodh an olldhuais mhíosúil i mí Mheán Fómhair, Dheireadh Fómhair agus na Samhna 2007 ó €150,000 go €500,000.

Íocadh amach os cionn 148,000 duais saor ó cháin, dar luach €15 mhilliún, i 2007. Reáchtáiltear tarraingt le haghaidh duaiseanna gach seachtain, agus iad seo a leanas sonraí na nduaiseanna a bronnadh i rith na bliana:

**Duaisbhannaí 2007**

| Luach | Líon Duaiseanna |
|---|---|
| Ollduais €1 milliún | 1 |
| Ollduais €500,000 | 3 |
| Ollduais €150,000 | 8 |
| Réaltadhuais €20,000 | 40 |
| €1,000 | 260 |
| €250 | 520 |
| €75 | 147,399 |
| **Líon Iomlán Duaiseanna sa bhliain 200707** | **148,231** |
| **Luach Iomlán na nDuaiseanna sa bhliain 2007** | **€15,944,925** |

Rinneadh díolacháin de luach €19 milliún trí shuíomh idirlín chuideachta na nDuaisbhannaí sa bhliain 2007, méadú 73 faoin gcéad ón mbliain roimhe sin. Is féidir le hinfheisteoirí breathnú ar tharraingt na seachtaine, a ngabháltas bannaí a rianú agus duaiseanna neamhéilithe a fhiosrú ar an suíomh idirlín chomh maith. Scríobhann cuideachta na nDuaisbhannaí chuig gach duaiseoir ag an seoladh atá cláraithe ar an mbanna buacach, ach i gcásanna áirithe ní féidir teagmháil a dhéanamh leo. Tá os cionn 11,000 duais neamhéilithe ann, le luach comhlán díreach os cionn €1.3 milliún. Téann roinnt díobh seo siar go dtí laethanta tosaigh na scéime sna 1950í. Tá leabhrán le fáil in oifigí Poist le liosta de na huimhreacha bannaí nár éilíodh faoi dheireadh mhí Mhárta 2008.

### Ús fabhraithe ar Scéimeanna Coigiltis Mhiondíola

Mar nach n-íoctar ús ar chairteacha coigiltis, bannaí coigiltis agus taiscí tráthchoigiltis náisiúnta go dtí go mbristear iad, tá dliteanas mór carntha thar na blianta maidir le hús fabhraithe. Bunaíodh an Cúlchiste Mionchoigiltis i 1994 chun dul i ngleic leis an ábhar seo. Ó 1999 i leith tá foráil déanta ag an t-Aire Airgeadais i ngach buiséad d'fhabhrú iomlán an úis. Ag deireadh na bliana 2007 bhí cúlchiste €344 milliún ann, nó díreach os cionn 44 faoin gcéad den ús fabhraithe de €780 milliún.

## Cuntais Dhíomhaoine

Faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 agus faoin Acht um Polasaithe Árachais Neamhéilithe, 2003, tugtar ar ais don stát go bliantúil iarmhéideanna ar chuntais dhíomhaoine atá i mbainc, i gcumainn foirgníochta agus in An Post, mar aon le luach airgid pholasaithe árachas saoil áirithe agus déantar iad a íoc amach chun críche carthanachta nó do chuspóirí leas an phobail. De ghnáth is é 15 bliana ón mbeart deireanach a thiomsaigh an custaiméir an tréimhse a cheadaítear chun díomhaointeas a dheimhniú. I gcás polasaithe árachais saoil a bhfuil téarma socraithe acu, tréimhse cúig bliana tar éis dheireadh an téarma sin atá i gceist. Ráthaíonn an reachtaíocht ceart sealbhóirí cuntas agus polasaithe chun a gcuid airgid a éileamh ar ais ag am ar bith ó na hinstitiúidí airgeadais.

Is é an Rialtas a dhéanann cinneadh faoi íoc amach an airgid. Tugann Bord na gCuntas Díomhaoin, a bunaíodh faoi Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2005, comhairle faoi réimsí tosaíochta do mhaoiniú. Tá ról monatóireachta ag an mBord freisin ar thionchar an mhaoiniúcháin seo.

Nuair atá íocaíochtaí ar feitheamh, déanann GBCN bainistiú ar airgead sa Chiste. Bhí €205 milliún á bhainistiú ag GBCN ag deireadh mhí na Nollag 2007, i gcomparáid le €211.3 milliún ag deireadh 2006. Aistríodh timpeall €66.3 milliún chuig an gCiste sa bhliain 2007, agus rinneadh aiséileamh ar €34.1 milliún de chistí a bhí díomhaoin go dtí sin. Íocadh €45.5 milliún amach as an gCiste sa bhliain 2007.

## An Ciste Árachais Shóisialaigh

Tagann ioncam an Chiste Árachais Shóisialaigh den chuid is mó ó ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-choibhneasta (ÁSPC) a íocann fostaithe, fostóirí agus daoine féinfhostaithe. Déantar íocaíocht ón gCiste i leith míreanna ar nós Pinsin Stáit, Sochair Bhreoiteachta, agus Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta. Thosaigh GBCN ag bainistiú barrachas carntha an chiste í mí Iúil 2001, agus rinneadh a fheidhmíocht a thomhas i gcoinne tagarmhairc a aontaíodh leis an Aire Airgeadais.

Le linn 2007 d'aistrigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh €700 milliún breise den Chiste chuig an GBCN, rud a thug an t-iomlán ag deireadh na bliana go €3.2 milliún. Aistríodh €200 milliún breise go dtí seo sa bhliain 2008.

B'ionann an toradh a baineadh amach ar bhainistiú an airgid seo sa bhliain 2007, ag cur treoirlínte infheistíochta an Aire Airgeadais san áireamh, agus 3.82 faoin gcéad sa bhliain 2007.

## Trádáil Astuithe

D'aontaigh páirtithe Phrótacal Kiótó, a tháinig i bhfeidhm i mí Feabhra 2005, go laghdófaí astuithe bliantúla de gháir ceaptha teasa thar an tréimhse 2008-2012. Mar chuid de chomhaontú comhroinnt ualaigh idir Bhallstáit an AE, tá Éire tiomanta do theorainn 13 os cionn leibhéal na bliana 1990 a chur ar astuithe sa tréimhse seo.

Tá straitéis an Rialtais chun sprioc Kiótó na hÉireann a bhaint mach leagtha síos sa *Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012,* a foilsíodh i mí Aibreáin 2007. Meastar go mbeidh mean-astuithe gás ceaptha teasa bliantúil na hÉireann sa tréimhse 2008-2012 cothrom le 79.2 milliún tonna de choibhéis dhé-ocsaíd charbóin mura gcuirtear bearta i gcrích chun iad a laghdú. Leis na bearta atá glactha cheana, i gcomhar le bearta eile atá beartaithe, laghdófar meán-astuithe bliantúla de 12.8 milliún tonna, nó 78 faoin gcéad atá riachtanach chun go mbainfeadh Éire a teorainn do Kiótó amach. Chomh maith leis sin, úsáidfidh an Rialtas na Meicníochtaí Solúbtha chun creidiúintí a fháil do 3.6 milliún tonna d'astuithe gás ceaptha teasa maidir le gach bliain sa tréimhse 2008-2012. Is bunchuid de Phrótacal Kiótó iad na Meicníochtaí Solúbtha – is é an prionsabal atá laistiar de go bhfuil an tionchar fabhrach céanna ag laghdú astuithe de thonn ar an gcomhshaol, is cuma cibé áit ar domhan a tharlaíonn sé. Cruthaíonn Meicníochtaí Solúbtha creidiúintí trí infheistiú i dteicneolaíochtaí glana i dtíortha atá ag forbairt agus i dtíortha áirithe in Oirthear na hEorpa.

Ainmníodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar ghníomhaire ceannacháin an Rialtais chun creidiúintí carbóin a cheannach chun go mbeadh an Stát géilliúil do dhualgais Kiótó. Déanfar gach ceannachán de réir na gcuspóirí atá imlínithe ag an *Rialtas ina Straitéis um Athrú Aeráide 2007-2012:*

- go gcuireann siad le cuspóir Coinbhinsiún Chreat na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide, is é sin, comhdhlúthú gáis ceaptha teasa san atmaisféar a dhéanamh cobhsaí ag leibhéal a chuirfeadh cosc ar chur isteach dainséarach leis an gcóras aeráide;
- go ndéanfaí an riosca a íoslaghdú, go háirithe maidir le seachadadh tráthúil creidiúintí;
- gur luach maith ar airgead iad.

Sa *Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013,* chuir an Rialtas €270 milliún ar fáil chun creidiúintí carbóin a cheannach. Is breis é seo ar an gcéad fhoráil €20 milliún a rinneadh sa bhliain 2006, sular achtaíodh *Acht an Chiste Carbóin 2007.*

Éilítear ar GBCN tuarascáil bhliantúil agus cuntais an chiste a chur faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Foilseacháin ar leith is ea iad seo.

## Rátálacha Creidmheasa

Tá rátála creidmheasa fadtéarmacha agus gearrthéarmacha ag Éirinn ón gceithre phríomhghníomhaireacht rátáil chreidmheasa. Sa bhliain 2007 d'athdheimhnigh na gníomhaireachtaí go léir na rátálacha seo le todhchaí cobhsaí.

**Rátálacha Creidmheasa**

| Gníomhaireacht Rátála | Rátáil Fhadtéarmach Creidmheasa | Rátáil Ghearrthéarmach Creidmheasa |
|---|---|---|
| Moody's | Aaa | P-1 |
| Standard & Poor's | AAA | A-1+ |
| Fitch Ratings | AAA | F1+ |
| Rating & Investment Information Inc. | AAA | a-1+ |

Tá dearcadh dearfach ag na gníomhaireachtaí rátála fós ar chreidmheas na hÉireann, rud a thugann le tuiscint go bhfuil caoi mhaith ar airgeadas poiblí agus go bhfuil geilleagar solúbtha éagsúlaithe ann a mheallann infheistíocht choigríche dhíreach isteach le blianta beaga anuas agus gurb é seo an geilleagar is airde fáis san AE ó 1995 i leith. Aithníonn siad go bhfuil ualach fiachais na hÉireann ar cheann de na cinn is ísle san AE, le cóimheas fiacha-go-OTN de 24.8 faoin gcéad ag deireadh 2007. Aithníonn siad freisin go bhfuil solúbthacht ard fhioscach ag Éirinn – le leibhéil arda solúbthacht ioncaim agus caiteachais – rud a chiallaíonn gur féidir le beartais Rialtais freagairt go mear agus go héifeachtúil do threochtaí neamhfhabhracha eacnamaíocha. Ar na tosca eile atá sa mheasúnú dearfach ag na gníomhaireachtaí tá timpeallacht rialaitheach ghnó-chairdiúil, leibhéil ísle cánachais agus fórsa oibre sároilte.

Is toisc thábhachtach í an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean a chuireann le rátáil láidir creidmheasa na hÉireann. Toisc go mbeidh teacht ar acmhainní an Chiste, agus go bhfuil próifíl fhabhrach dhéimeagrafach ag an tír, ní bhraithfear an tionchar a bheith ag an daonra atá ag dul in aois chomh mór sin in Éirinn agus a bhraithfear i dtíortha Eorpacha eile.

## Lársheirbhísí Cisteáin

Glacann Lársheirbhísí Cisteáin (CTS) GBCN lóisteálacha ó chomhlachtaí neamhthráchtála stáit, ó údaráis áitiúla, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó choistí gairmoideachais, agus déanann sé airleacain dóibh. Is é cuspóir na seirbhíse seo rogha iomaíoch a sholáthar do na comhlachtaí seo seachas an earnáil bhaincéireachta dá ngnó cisteáin agus airgead a shábháil don Státchiste dá réir.

Tugadh iasachtaí €33.4 milliún do na comhlachtaí ainmnithe ar an meán sa bhliain 2007. Rinneadh 770 lóisteáil leis an CTS sa bhliain 2007, le hiarmhéid €84 milliún ar an meán.

## Ciste an Bhoird Airgeadais Oideachais

Cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Bord Airgeadais Oideachais chun riar a dhéanamh ar scéim deontais oideachais le haghaidh daoine a bhí ina gcónaí i scoileanna saothair, i scoileanna ceartúcháin agus in institiúidí áirithe eile, agus lena dteaghlaigh. Cuireadh an Bord ar bun go foirmiúil i mí Feabhra 2006 faoin Acht um Choimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú (Leasú), 2005.

Déanann GBCN bainistiú ar an gCiste atá ar fáil don Bhord. Bhí iarmhéid €8.6 milliún sa Chiste ag deireadh na bliana 2007.

## Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne

Ceadaíonn an tAcht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne 2001 d'institiúidí airgeadais atá bunaithe in Éirinn, idir idirnáisiúnta agus bhaile, bannaí a eisiúint ar na margaí idirnáisiúnta caipitil atá tiomsaithe chun leibhéal ard slándála a sholáthar d'infheisteoirí. Déantar urrúis faoi chumhdach sócmhainne ('bannaí cumhdaithe") atá urraithe i gcoinne sócmhainní comhthiomsaithe – i gcomhthéacs na hÉireann, morgáistí tí nó iasachtaí don earnáil phoiblí – atá imfhálaithe ó chreidiúnaithe eile na n-institiúidí.

D'fhoráil an tAcht, sa chás go mainníonn aon eisitheoir urrús faoin Acht, nach mór do GBCN é seo a leanas a dhéanamh, san ord atá luaite:

- Soláthraí seirbhíse eile a fháil chun na sócmhainní comhthiomsaithe a bhainistiú; nó
- oibleagáideoir eile a fháil do na sócmhainní comhthiomsaithe ábhartha; nó
- na sócmhainní a bhainistiú í féin.

Faigheann GBCN táille ceangaltais bliantúil den deichiú cuid de bhunphointe de mhéid ainmniúil na mbannaí faoi chumhdach sócmhainne a eisítear. Eisíodh €12.2 billiún sa bhliain 2007, rud a thugann an t-iomlán a eisíodh faoin reachtaíocht go €72.2 billiún.

## Ulysses Securitisation p.l.c.

Cuireadh Ulysses Securitisation p.l.c ar bun i 1995 chun urrúis a chur ar fáil d'íocaíochtaí morgáiste na nÚdarás Áitiúil agus déanann GBCN é a bhainistiú faoi chomhaontú seirbhísí corparáideacha. Cuireadh urrúis ar fáil d'íocaíochtaí morgáiste de timpeall €240 milliún i 1995 agus 1996 trí bhannaí a eisiúint.

Is ionann cúlchistí carntha na cuideachta anois agus beagnach €156 milliún agus coinnítear iad seo le haghaidh úinéireacht shochrach an Státchiste. Déantar barrachas airgid na cuideachta a thabhairt ar iasacht ansin don Státchiste faoi Chomhaontú Infheistíochta. Aisíocadh na bannaí i mí Lúnasa 2006.



## An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean i mí Aibreáin 2001. Tá sé de chuspóir aige, a oiread is féidir, costais na bpinsean leasa shóisialaigh agus na bpinsean seirbhíse poiblí a bhaint amach ó 2025 ar aghaidh nuair a mheastar go n-ardóidh na costais siad go drámatúil mar gheall ar an daonra a bheith ag dul in aois.

Tá an Ciste faoi rialú an Choimisiúin um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, comhlacht corparáideach atá ceaptha ag an Aire Airgeadas agus tá Príomhfheidhmeannach GBCN ina chomhalta ex officio. Comhlíonann an Coimisiún a chuid feidhmeanna trí GBCN, a ceapadh mar Bhainisteoir an Chiste go ceann deich mbliana go dtí mí Aibreáin 2011.

Éilítear ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil agus cuntais an chiste a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Foilseacháin ar leith is ea iad seo.

### Feidhmíocht

Thuill an Ciste toradh infheistíochta 3.3 faoin gcéad, nó €637 milliún, sa bhliain 2007, Bhí luach margaidh €21.153 billiún (13.1 faoin gcéad den OTN) aige ag deireadh na bliana i gcomparáid le €18.9 billiún ag deireadh 2006. Thuill sé toradh bliantúil de 6% ó cuireadh ar bun é.

Thiomáin infheistíochtaí cothromais an Chiste feidhmíocht na bliana 2007 in ainneoin luaineacht an-ghéar a bheith ann sa dara leath den bhliain a d'eascair as an ngéarchéim fhophríomha agus an géarchor creidmheasa a d'eascair aisti. Chabhraigh beartas an Chiste 50 faoin gcéad dá neamhchosaint ar airgeadra eachtrannach a fhálú leis an bhfeidhmíocht. Chuir sé teorainn le tionchar diúltach neart an euro ar shócmhainní nach raibh ainmnithe in euro.

### Cionroinnt Sócmhainní

Tá straitéis infheistíochta an Chiste bunaithe ar an ionchas go leanfaidh cothromais agus fíorshócmhainní eile ar nós maoine, a bhfuil a bhfeidhmíocht nasctha le fás eacnamaíoch, ar aghaidh ag feidhmiú níos fearr ná sócmhainní reatha ar nós bannaí san fhadtéarma. Cé bhfuil níos mó luaineachta i gcothromais ná mar atá i mbannaí go bunúsach, cuireann léaslíne fhadtéarmach infheistíochta an Chiste ar a chumas glacadh leis an luaineacht seo mar gheall ar an toradh ionchasach fadtéarmach a bheith níos airde. Ciallaíonn an léargas fadtéarmach seo gur féidir leis an gCiste leas a bhaint as toradh breise agus as sochair éagsúlaithe atá ar fáil as níos lú sócmhainní leachtacha amhail maoin agus cothromas príobháideach a choinneáil.

Tá straitéis infheistíochta an Chiste á fhorfheidhmiú ag GBCN laistigh de chreat chionroinnt sprice sócmhainní do dheireadh 2009 – tá meánna i leith cothromas luaite mórchaidhpe á laghdú agus cionroinntí do mhaoin agus do chothromas príobháideach ag méadú. Tá an cuspóir i leith na gcionroinntí sprice maoine agus cothromais phríobháidigh faoi dheireadh 2009 a bhaint amach faoi réir ag coinníollacha ceannasacha an mhargaidh.

Mhoilligh an Ciste luas na hinfheistíochta sna cláir mhaoine agus chothromais phríobháidigh sa bhliain 2007, mar gheall ar a thuairim nach bhféadfaí mórán feabhsúcháin bhreise a dhéanamh ar choinníollacha creidmheasa ar an gcéad dul síos, agus mar gheall ar thionchair an ghéarchoir chreidmheasa ar an dara dul síos.

Ag deireadh bhí ceangaltais €1.051 billiún aige d'infheistíochtaí maoine agus €941 milliún d'infheistíochtaí i gcothromas príobháideach. Déanfar airgead atá tiomanta a tharraingt anuas ag feithiclí infheistíochta maoine agus cothromas príobháideach an Chiste de réir mar a thagann deiseanna oiriúnacha infheistíochta chun cinn.

Tá scaireanna ag an gCiste faoi láthair in os cionn 2,500 cuideachta luaite ar fud an domhain agus tá timpeall 190 urrús fiachais aige. Tá infheistíochtaí aige freisin i 25 feithicil infheistíocht maoine, 26 infheistíocht i gcothromas príobháideach agus 11 táirge speisialaithe infheistíochta (lena n-áirítear cistí airgid agus i margaí atá ag teacht chun cinn agus teastais tráchtearraí).

**Cionroinnt Sócmhainní an CNP**

| | 31 Nollaig 2007 | | Sprioc Deireadh 2009 |
|---|---|---|---|
| | €m | % | % |
| Cothromas Mórchaidhpe | 14,080 | 66.6 | 56 |
| Cothromas Mionchaidhpe | 749 | 3.5 | 5 |
| Cothromas i Margaí atá ag Teacht chun Cinn | 430 | 2.0 | 5 |
| **Iomlán Cothromas Luaite** | **15,259** | **72.1** | **66** |
| Cothromas Príobháideach | 403 | 1.9 | 10* |
| Maoin | 647 | 3.1 | 8 |
| Tráchtearraí | 286 | 1.3 | 2 |
| **Iomlán Sócmhainní Malartacha** | **1,336** | **6.3** | **20** |
| Ioncam Seasta | 3,567 | 16.9 | 13 |
| Cistí Airgeadra | 165 | 0.8 | 1 |
| Airgead Tirim | 826 | 3.9 | 0 |
| **Iomlán Sócmhainní Airgeadais** | **4,558** | **21.6** | **14** |
| **Iomlán** | **21,153** | **100** | **100** |

* lena n-airítear cionroinnt 2% do bhonneagar.

### Príomhghníomhaíochtaí GBCN

Ba iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí GBCN mar Bhainisteoir an Chiste:

- comhairle beartais a sholáthar don Choimisiún;
- forfheidhmiú straitéis infheistíochta an Chiste;
- bainisteoirí infheistíochta agus sainfheithiclí infheistíochta a roghnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht;
- rialuithe an Chiste a fhorbairt agus a oibriú le cinntiú go ndéantar bainistíocht ar an gCiste laistigh de na paraiméadair atá leagtha síos ag an gCoimisiún agus go ndéantar na rioscaí oibriúcháin a íoslaghdú don Chiste;
- ráitis airgeadais an Chiste a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh ar chaomhnóir domhanda an Chiste.
- Bainistiú punainne. Den chuid is mó, tá bainistiú laethúil an Chiste tugtha amach do chuideachtaí bainistithe infheistíochta idirnáisiúnta.

Déanann GCBN bainistiú ar roinnt de na sainorduithe infheistíochta go díreach. Is iad seo sainordú na mbannaí neamhghníomhacha, airgead an Chiste a bhainistiú agus a chlár fálaithe straitéiseacha airgeadais.

## An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Cuireadh an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) ar bun ar an 1 Eanáir 2003 chun comhairle airgeadais a thabhairt d'Údaráis Stáit atá ag tabhairt faoi mhórthionscadail bhonneagair. Cuireann sé a fheidhmeanna i gcrích tríd an GCBN. Tá Príomhfheidhmeannach an GBCN ina chathaoirleach, ex officio, ar an GAFN. Tá stiúrthóir den GBCN ina phríomhfheidhmeannach ar an GAFN.

Éilítear ar an GAFN tuarascáil bhliantúil agus cuntais an chiste a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Foilseacháin ar leith is ea iad seo.

Is iad seo a leanas a fheidhmeanna faoin Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002:

- comhairle a chur ar údaráis stáit maidir leis na modhanna is fearr maoiniú a chur ar fáil do thionscadail infheistíochta poiblí;
- Airgead a thabhairt ar iasacht, lena n-áirítear iasachtaí inaisíoctha agus cothromas, ráthaíocht a chur ar fáil agus tabhairt faoi shocruithe airgeadais eile maidir le tionscadail atá faofa ag Údaráis Stáit.
- Comhairle a chur ar fáil d'údaráis stáit faoi gach gné de mhaoiniú, riosca agus árachas do thionscadail infheistíochta poiblí atá le déanamh faoin gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí nó laistigh den earnáil phoiblí;
- Cuideachtaí sainchuspóra a bhunú chun tionscadail a mhaoiniú.

Sonraíodh san Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta 2002 go bhfuil sé de dhualgas ar údaráis stáit atá ag tabhairt faoi mhórthionscadail bhonneagair comhairle a lorg ón GAFN. Is an tÚdarás Áitiúil féin áfach, a dhéanann an cinneadh deiridh. Faoi threoirlínte reatha an Aire, ní mór d'údaráis stáit gach tionscadal infheistíochta caipitil a chosnaíonn nós mó ná €30 milliún a atreorú chuig an GAFN. Áirítear ranna rialtais, údaráis áitiúla, Údarás Náisiúnta na mBóithre, agus an Ghníomhaireacht um Sholáthar Iarnróid i measc na n-údarás ábhartha stáit.

Bhí dhá fhorbairt shuntasacha ann don GAFN sa bhliain 2007:

- D'fhoilsigh an Rialtas an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 inar leagadh amach tionscadail infheistíochta phoiblí de luach €76 billiún. Tugann an Plean cionroinnt os cionn €13 billiún do thionscadail CPP. Déanann Buiséad 2008 foráil do chaiteachas caipitil a choinneáil ag meán de 6 faoin gcéad den OTN go ceann cúig bliana.
- Achtaíodh an tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (leasú) 2007. Leathnaigh sé sainordú an GAFN, agus chuir de chúram air tabhairt faoi sholáthar agus seachadadh tionscadal i ngach earnáil seachas iompar agus rialtas áitiúil. Mar ghníomhaire soláthair, tá dul chun cinn déanta cheana féin ag an GAFN ar luach timpeall €2 bhilliún de thionscadail sna hearnálacha oideachais, ceartais, sláinte agus cultúrtha.

Is féidir leis an GAFN iasacht airgid a fháil go díreach nó trí chuideachtaí sainchuspóra, suas go €5 bhilliún san iomlán. Féadfaidh an tAire Airgeadais airleacain suas le €250 milliún a thabhairt don GAFN nó do chuideachta sainchuspóra a bhunaíonn sé. Féadfaidh an GAFN na hairleacain seo a úsáid chun infheistíocht chothromais a dhéanamh i gcuideachta shainchuspóra, nó iasacht inaisíoctha a thabhairt di. Go dtí seo, níor ghá aon cheann de na feidhmeanna seo a úsáid.

Tá cúnamh á thabhairt ag an GAFN don Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoi láthair chun 23 iarbhunscoil nua agus 4 bhunscoil nua a sholáthar tríd an CPP, agus tá an chéad agus an dara beart scoileanna á sholáthar faoi láthair. Chuir sé tús le gairid ar Cheoláras Náisiúnta a sholáthar. Chuir an GAFN tús le hobair réamhsholáthair Amharclann na Mainistreach sa bhliain 2007, le clár CPP oideachas tríú leibhéal agus le tithe nua cúirte (in áiteanna éagsúla ar fud na tíre). Tabharfar na tionscadail seo ar lámh don GAFN sa dá mhí dhéag atá romhainn le haghaidh soláthair.

Tá 121 tionscadal ar fad atreoraithe chuig an GAFN. Tá críoch curtha lena comhairle maidir le 38 tionscadal go dtí seo le luach comhcheangailte de €6 bhilliún, agus is CPP 21 díobh seo.

Chuir an GAFN a chomhairle i gcrích maidir le deich dtionscadal sa bhliain 2007:

- Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla
- Ionad Náisiúnta Comhdhála
- Bóthar Lansdúin
- Gairdíní Uí Dhuibheannaigh
- Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne Dhuga Spencer
- Iasacht Chomhairle Contae Loch Garman
- M3 Cluain Aodha - Ceannanas
- N6 Gaillimh – Béal Átha na Slua
- N7/N8 Port Laoise – An Chúlchoill
- Síneadh an M50

Tá luach comhcheangailte caipitil de €2.6 billiún ag na tionscadail seo.

Cuireann an GAFN comhairle airgeadais ar fáil go leanúnach do thionscadail lena n-áirítear Príosún Thornton Hall, Metro Thuaidh agus Metro Thiar, agus láithreacha seirbhíse ar mhótarbhealaí M1 agus M4. Chomh maith leis sin tá an GAFN ag obair go dlúth le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le húdaráis áitiúla eile ar scéimeanna éagsúla tithíochta sóisialta agus athnuachan tithíochta, agus ar thionscadail sna hearnálacha dramhaíola agus uisce.



# An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh an Stáit (GÉS) ar GBCN nuair a bhíonn sí ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna bainistithe éilimh agus riosca a tharmlig an Rialtas uirthi faoin Acht um Ghníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (leasú) 2001. Is iad na príomhchuspóirí atá aici:

- Seirbhís ghairmiúil chostéifeachtach a chur ar fáil chun bainistiú a dhéanamh ar éilimh a dhéantar i gcoinne an stáit i leith gortú pearsanta agus damáiste do mhaoin
- Seirbhís chomhairleach bainistithe riosca a sholáthar a mbeadh sé d'aidhm aici dlíthíocht a laghdú sa todhchaí.

Cuimsíonn sainordú an GÉS éilimh i gcoinne údaráis áirithe stáit, lena n-áirítear an Stát féin, Airí Rialtais, an tArd-Aighne, Fiontair Sláinte, Coimisinéir na nGardaí Síochána, Gobharnóirí Príosúin, scoileanna pobail agus cuimsitheacha agus comhlachtaí éagsúla eile.

## An Staid faoi Láthair

Faoi láthair láimhseálann an GÉS timpeall 4,500 éileamh. Is ionann an cúlchiste amuigh faoi láthair i gcoinne gach éilimh ghníomhaigh agus timpeall €565 milliún agus é miondealaithe mar seo a leanas:

- Faillí Chliniciúil €449 milliún (79.5%)
- Dliteanas Fostóra, Dliteanas Poiblí agus Damáiste do Mhaoin (DF/DP/DM) €166 milliún (20.5%)

Ar an iomlán fuair an GÉS 1,493 éileamh nua agus réitíodh 1,258 éileamh sa bhliain 2007.

## Cásanna Luach Fasaigh

Mar chuid de straitéis bhainistithe éilimh an GÉS, aithnítear cásanna ina bhfuil ceisteanna beartais nó leas an phobail, nó a bhfuil luach fasaigh acu, ag céim luath agus cosnaítear go tréan iad. D'éirigh leis an GÉS roinnt cásanna mar seo a chosaint sa bhliain 2007.

## Éilimh Dliteanas Fostóra, Dliteanas Poiblí agus Damáiste Maoine

Ag tús 2007, bhí 2,431 éileamh DF/DP/DM faoi bhainistiú ag an GÉS. Fuarthas 1,020 éileamh nua sa bhliain 2007 agus réitíodh 979 éileamh. Íocadh €39 milliún amach in iomlán i leith éileamh lánréitithe ó cuireadh tús leis.

**Éilimh DF/DP/DM de réir Clúdaigh**




Foinse: GBCN

**Treochtaí**

Tá meath suntasach i gcónaí ar líon na n-éileamh DF agus DP a bhaineann le teagmhais a tharla ó cuireadh GÉS ar bun. Ó 2002 i leith thit an líon éileamh DF 84 faoin gcéad agus thit líon na n-éileamh DF 28 faoin gcéad. D'fhéadfadh go bhfuil áibhéil i gceist, áfach, leis an laghdú sin mar go mb'fhéidir go mbeadh éilimh ag eascairt fós as teagmhais a tharla sa bhliain 2007. Ní chuireann an anailís seo éilimh san áireamh a bhaineann le foghail ar an bpearsa (lena n-áirítear éilimh a bhaineann le mí-úsáid gnéasach leanaí) agus éileamh caillteanas éisteachta, mar gur cásanna stairiúla a bhformhór seo ó nádúr. Nuair a chuirtear na hearnálacha éilimh seo san áireamh, tá méadú tagtha ar líon na n-éileamh gníomhach atá faoi bhainistiú ag GÉS.

**Éilimh de Réir Dháta an Teagmhais**




Foinse: GBCN

Timpistí tráchta bóthair (29 faoin gcéad); nochtadh líomhnaithe do shubstaintí guaiseacha (28 faoin gcéad); sleamhnú, tuisle agus titim (12 faoin gcéad); agus gortaithe ag duine (9 faoin gcéad) na príomhchúiseanna a bhíonn ann d'éilimh DP/DM/DF.

**Éilimh DF/DP/DM de réir Príomhchúise**




Foinse: GBCN

**Éilimh DF/DP/DM de réir Earnáil an Pháirtí Díobhálaithe**




Foinse: GBCN

### Éilimh i Leith Mí-Úsáid Gnéasach Leanaí

Baineann an chuid is mó de na héilimh seo le cásanna mí-úsáide leanaí i scoileanna lae .i. bunscoileanna maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ach atá á mbainistiú ag pátrúin/bainisteoirí nó ag Boird Bhainistíochta (ó 1975 i leith). Baineann mionlach de na héileamh le mí-úsáid in institiúidí cónaitheacha.

Tá 471 éileamh maidir le mí-úsáid fhisiceach agus ghnéasach faighte ag an GÉS ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ón Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Éilimh ghníomhacha 314 de na héilimh seo agus tá 157 réitithe.

### Éilimh i leith Aispeiste

De réir bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí 2003 Fletcher v Commissioners for Public Works, cinneadh go bhfágann dlí na hÉireann ar lár go ndéanfadh gearánaithe aisghabháil ar dhamáistí le haghaidh gortú síciatrach a eascraíonn as eagla neamhréasúnach go bhfaighfí a leithéid de ghalar (cásanna "folláine buartha").

Tar éis breithiúnas breise de chuid na Cúirte Uachtaraí i mí Eanáir 2005, bhí an GÉS gníomhach ag iarraidh costais an Stáit a aisghabháil. Go dtí seo d'éirigh leis an GÉS orduithe cúirte a fháil i roinnt cásanna inar lorgaíodh go n-íocfaí a chostais agus d'éirigh leis na costais sin a aisghabháil.

D'fhéadfadh an dara céim dlíthíochta a bheith ann maidir le cúrsaí aispeiste, áfach. Mar thoradh ar an mbreithiúnas i gcás Fletcher tháinig an tsaincheist chun cinn – cibé acu ar gortú fisiceach é gur ionchlannaigh píosaí aispeiste sa scamhóg nó nárbh ea, go háirithe nuair a bhí athlasadh sa scamhóg (plaiceanna pleoracha). Ní raibh plaiceanna faighte ag aon duine de na gearánaithe i Fletcher, ná sna hachomhairc bhainteacha.

Chuaigh aturnaetha, a d'fheidhmigh ar son roinnt de na gearánaithe "buartha folláine", ar aghaidh le héilimh a líomhain go raibh a gcliaint (i) faoi lé aispeiste agus (ii) gur tholg siad plaiceanna pleoracha. Ach de bhíthin cinntí áirithe a rinne na cúirteanna Sasanacha nach bhfuil plaiceanna pleoracha inchúitithe, tá scríofa ag an GÉS chuig na haturnaetha, ag iarraidh ar a gcliaint a gcásanna a aistarraingt. Má aontaíonn siad leis seo, ní bheidh an GÉS ag súil le costais a athghabháil.

### Éilimh i leith Coinneáil Orgán

Eascraíonn na héilimh seo as cleachtas a bhí ag na hospidéil sna 1970í, na 1980í, agus na 1990í, i gcásanna iarbháis, orgáin agus fíocháin leanaí a bhaint amach agus a choinneáil gach toiliú a dtuismitheoirí. Tá imeachtaí tosaithe ag tuismitheoirí éagóraithe i gcoinne ospidéil agus paiteolaithe ainmnithe ag éilimh damáiste ar son néarthurrainge. Tá 175 éileamh mar seo á láimhseáil ag an GÉS faoi láthair.

Dar le breithiúnas na Cúirte Uachtaraí i mi na Samhna 2007 níl teaghlaigh na leanaí ar coinníodh orgáin agus fíocháin astu i dteideal damáistí a fháil. Ar bhonn an chinnidh seo, tá iarrtha ag an GÉS go ndúnfaí na cásanna seo ach thug sé le fios nach n-éileodh sé a chuid costas cosanta, mar gheall ar íogaire an ábhair.

## Éilimh Dliteanas Fostóra, Dliteanas Poiblí agus Damáiste do Mhaoin Bainistiú Riosca Damáiste

Tá sainordú reachtúil ag an GÉS comhairle agus cúnamh a thabhairt d'Údaráis Stáit i mbainistiú rioscaí a bhféadfadh dlíthíocht ghortú pearsanta nó damáiste maoine eascairt astu. Tá dualgas dlí ar údaráis tuairisc a thabhairt don GÉS maidir le haon teagmhas a bhféadfadh éileamh eascairt astu, agus ó cuireadh ar bun é, tá fógraí faoi 6,678 drochtheagmhas faighte aige. Tá tuairisciú luath ríthábhachtach chun go mbeadh rath ar bhainistiú éilimh agus rioscaí. Cuireann sé seo ar chumas na gníomhaireachta scrúdú luath sonrach a dhéanamh ar na teagmhais is tromchúisí ionas gur féidir ceist an dliteanais a dheimhniú sula dtosaíonn aon dlíthíocht. Chomh maith leis sin, cuidíonn sonraí faoi dhrochtheagmhais leis an GÉS aon phatrún a aithint a bhaineann le cleachtais atá fochaighdeánach, rud a d'fhéadfadh foláireamh a thabhairt faoi laigí sna nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta atá ann i láthair na huaire. Déanann an GÉS athbhreithnithe foirmiúla ar gach údarás stáit, mar is cuí, agus i gcomhar leis an údarás sin. Aithnítear go córasach, sna hathbhreithnithe seo, aon easnamh i gcaighdeáin sláinte agus sábháilteachta i ngníomhaíochtaí an údaráis nó san áitreabh ina bhfuil sé lonnaithe. I gcomhar leis na sonraí ar éilimh agus drochtheagmhais, cuireann siad ar chumas an GÉS tograí a bheartú chun dul i ngleic leo.

Tiomsaíodh na tograí athbhreithnithe riosca seo a leanas le linn 2007:

- Idirchaidreamh le hÚdaráis Stáit

  Tá caidrimh láidre bunaithe ag an GES le gach údarás Stáit chun bainistiú riosca a chothú. Is ag Óglaigh na hÉireann, An tSeirbhís Phríosúin, An Garda Síochána, Oifig na nOibreacha Poiblí, agus an Roinn Talmhaíochta agus Bia atá na leibhéil riosca is airde ó thaobh líon na foirne atá fostaithe agus cineál na gníomhaíochta ina mbíonn siad rannpháirteach. Tá grúpaí idirbheartaíochta bainistithe riosca bunaithe ag an GÉS le gach ceann de na húdaráis seo. Tagann na grúpaí seo le chéile go ráithiúil chun faisnéis a mhalartú agus nuashonrú a dhéanamh ar aon dul chun cinn ar thograí atá ar bun.

  Cuirtear tuarascálacha leathbhliantúla faoi éilimh agus teagmhais atá faighte chuig gach údarás Stáit. Cuireann an GÉS oiliúint agus seimineáir ar fáil freisin do na húdaráis ábhartha.

- Forfheidhmiú ar Chóras Bainistithe Riosca Sláinte agus Sábháilteachta

  Tá sé molta ag an GÉS go ndéanfadh gach údarás Stáit córais bainistiú riosca sláinte agus sábháilteachta a fhorfheidhmiú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta.

  D'iarr Óglaigh na hÉireann ar an GÉS córas bainistithe riosca sláinte agus sábháilteachta a bhí le bunú a áisiú agus a iniúchadh. Sa bhliain 2007, don dara bliain as a chéile, d'éirigh le hÓglaigh na hÉireann caighdeán an chórais a chomhlíonadh.

  I mí Dheireadh Fómhair 2007 sheol Stiúrthóir Ginearálta na Seirbhíse Príosúin agus Stiúrthóir an GÉS córas bainistithe riosca sláinte agus sábháilteachta sa Seirbhíse Phríosúin.

  Chuir an GÉS athbhreithniú ar na córais a bhí ann cheana chun riosca sláinte agus sábháilteachta sa Gharda Síochána agus sa Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a bhainistiú.

**Suirbhé ar Bhainistiú Riosca**

Rinneadh suirbhé le fáil amach cad iad na gnéithe de na córais bainistithe riosca sláinte agus sábháilteachta atá á n-úsáid sna húdaráis Stáit. Cuireadh torthaí an tsuirbhé i láthair i dTuarascáil an GÉS Suirbhé ar Bhainistiú Riosca Sláinte agus Sábháilteachta in Údaráis Stáit. Chomh maith leis an tuarascáil seo, fuair gach údarás a bhí rannpháirteach achoimre ar leith faoina thorthaí féin sa suirbhé, rud a thug tagarmharc dó chun a fheidhmíocht a mheas i gcomparáid le húdaráis Stáit eile.

**Líonra Bainistithe Riosca**

Cuireadh Líonra Bainistithe Riosca ar bun d'Údaráis Stáit. Is é cuspóir an líonra cur le feabhsúchán leanúnach ar bhainistiú riosca sláinte agus sábháilteachta in údaráis stáit.

## Éilimh Chliniciúla

Déantar bainistiú ar éilimh chliniciúla faoi scéimeanna éagsúla atá á bhfeidhmiú ag an GÉS:

- Bunaíodh an Scéim Slánaíochta Cliniciúla (SSC) i mí Iúil 2002 d'fhonn cuíchóiriú a dhéanamh ar na socruithe slánaíochta leighis a bhí ann cheana trí fhreagracht a aistriú chuig an Stát, trí na Boird Sláinte (an FSS anois), ospidéil agus gníomhaireachtaí eile sláinte, chun bainistiú a dhéanamh ar éilimh chliniciúla agus rioscaí bainteacha. Faoin scéim, glacann an Stát freagracht iomlán as slánú agus bainistiú a dhéanamh ar gach éileamh cliniciúil i gcoinne fiontar nó cleachtóirí atá clúdaithe ag an scéim.
- *Rinne Ordú na Gníomhaireachta um Bhainistiú an Chisteáin Náisiúnta (Tarmligean Feidhmeanna)(Leasú), 2007* rialú ar láimhseáil éileamh a bhain le soláthar seirbhísí cnáimhseachais ag Ospidéal Mount Carmel i mBaile Átha Cliath agus Ospidéal Bon Secours i gCorcaigh faoi scéim speisialta slánaíochta cnáimhseachais. Chomh maith leis sin, tharmlig an t-ordú bainistiú na n-éileamh stairiúla i gcoinne cnáimhsigh comhairleacha a bhí á mbainistiú roimhe sin ag an gCumann Cosanta Míochaine chuig an GÉS.
- Tá dliteanas fostóra agus éilimh dliteanas poiblí na bhfiontar sláinte clúdaithe faoi pholasaithe árachais atá scríofa ag árachóirí tráchtála.

**Éilimh á mBainistiú**

Ag tús 2007 bhí 1,307 éileamh cliniciúil á mbainistiú ag an GÉS. Fuarthas 473 éileamh nua sa bhliain 2007 agus réitíodh 279 éileamh. Íocadh €21.5 milliún san iomlán amach d'éilimh a bhí réitithe go hiomlán ó cuireadh an ghníomhaireacht ar bun.

**Treochtaí Foriomlána na nÉileamh Cliniciúil**




Foinse: GBCN

Treocht chothrom a bhí ann d'éilimh chliniciúla sa bhliain 2007. Tá líon na n-éileamh a réitítear go bliantúil ag méadú agus na héilimh ag dul in aibíocht. Ach tá an líon iomlán atá á bhainistiú ag méadú freisin mar gheall ar an tréimhse ama fada idir fáil agus réiteach na n-éileamh seo, de bhrí go bhfuil nádúr chomh casta acu.

**Éilimh SSC de Réir Chineál Ginearálta an Teagmhais**




Foinse: GBCN

**Éilimh Chliniciúla de réir Speisialtachta**




Foinse: GBCN

Eascraíonn luach ard an chúlchiste carntha d'éilimh a bhaineann le péidiatraic as na cúl-leibhéil arda a bhaineann le cásanna gortú ceirbreach/pairilis cheirbreach.

## Bainistíocht Riosca Chliniciúil

Tá sainordú reachtúil ag an GÉS comhairle agus cúnamh a sholáthar do gach fiontar sláinte faoi scéimeanna éagsúla. Bíonn sé ag obair le pearsanra bainistithe riosca agus pearsanra ábhartha eile chun tacú le sábháilteacht othar agus chun éilimh chliniciúla a íoslaghdú.

**Córas Tuairiscithe Teagmhais Chliniciúla - STARSweb**
Tá dualgas reachtúil ar fhiontair drochtheagmhais chliniciúla agus 'neas-timpistí' a thuairisciú don GÉS. Tá córas gréasánbhunaithe STARSWeb bunaithe ag an GÉS chun é seo a áisiú.

- Tá formhór na bhfiontar géarchúraim san earnáil "beo" ar an gcóras Starsweb anois. Cé go bhfuil gach ionchur sonraí ag fiontair faoi rún, coinníonn an GÉS bunachar sonraí náisiúnta chun treochtaí agus braislí neamhfhabhracha a aithint agus anailís a dhéanamh orthu.

Tugann an GÉS tacaíocht d'fhiontair chun teagmhais a fhógairt sna bealaí seo a leanas:

- Pearsanra bainistithe riosca a oiliúint i dtiomsú tuairiscí ag úsáid sonraí STARSweb;
- Tuarascálacha aiseolais oiriúnaithe don fhiontar, lena n-áirítear tuarascálacha tagarmhairc, a sholáthar.

Nuair a aithníonn comhairleoirí riosca an GÉS drochtheagmhais nó treochtaí, freagraíonn siad dó trí thabhairt faoi anailís mhionsonrach, trí chomhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh, nó trí athbhreithnithe seachtracha a choimisiúnú, de réir mar is cuí. Tá timpeall 167,500 drochtheagmhas cliniciúil agus 'neas-timpiste' tuairiscithe ar an gcóras go dtí seo.



Foinse: GBCN



Foinse: GBCN

Cé go raibh fiontair nua ag tuairisciú teagmhas i rith na tréimhse, is díol suntais é go bhfuil miondealú na dteagmhas cliniciúil de réir cineál teagmhais mar an gcéanna. Tá "sleamhnú/Tuislí/Titim" ag 40 faoin gcéad de gach teagmhas tuairiscithe. Tá sé seo éagsúil ón bpróifíl iomlán éileamh, mar a bhfuil earnáil na dteagmhas cothrom le 5% de na héilimh iomlána. Tá an toradh seo, áfach, ag teacht leis an taithí idirnáisiúnta i mbunachair mhóra sonraí teagmhas.

**Fóram Cnáimhseachais, Fóram Péidiatraice agus Fóram na nIonfhabhtuithe a Bhaineann le Cúram Sláinte**
Tugtar cuireadh d'ionadaithe ó aonad speisialaithe atá clúdaithe ag an SSC chuig cruinnithe leathbhliantúla de gach fóram. Is é a gcuspóir na tograí cleachtais is fearr a thaispeáint agus struchtúr foirmiúil a chruthú chun eolas agus taithí a roinnt. Tá láithriúcháin déanta ag saineolaithe baile agus idirnáisiúnta faoi shábháilteacht othar, bainistiú riosca agus gníomhaíochtaí chun caighdeán a fheabhsú.

**Sábháilteacht Chógais**
Bíonn earráidí cógais ina gcúis le 10 de na teagmhais a thuairiscítear chuig an GÉS trí STARSWeb. Tá 78 éileamh maidir le hearráidí cógais á bhainistiú faoi láthair, le cúlchiste de €7.8 milliún.

Rinne an GÉS óstaiocht ar chruinniú bliantúil an Líonra Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Chógais sa bhliain 2007. Bhí 28 ionadaí as ocht dtír déag i láthair ag an gcruinniú dhá lá.



# Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca

Tá Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca comhdhéanta de na haonaid seo a leanas:

- Rialú airgeadais
- Teicneolaíocht na Faisnéise:
- Bainistiú Riosca
- Phróiseáil ar Idirbhearta

Cuirtear seirbhísí comhroinnte ar fáil go ghnóthaí leithleacha uile GBCN, is iad sin Bainistiú Maoinithe agus Fiachais; An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean; An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát; An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta; bainistiú na gcistí Stáit; agus iasachtaí thar ceann na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe. Ar an iomlán tá sócmhainní agus dliteanais comhlánaithe de níos mó ná €63 billiún á mbainistiú. Rinneadh sreabhadh airgid de beagnach €540 billiún a phróiseáil sa bhliain 2007.

Tá éileamh níos mó curtha ar Airgeadas, Teicneolaíocht agus Riosca mar gheall ar fhairsingiú GBCN le blianta beaga anuas. A bhuíochas le pleanáil chúramach cinntíodh go ndearnadh forbairt na gnóthaí nua a chomhtháthú go hiomlán i líonra cuimsitheach córas agus rialuithe GBCN. Tá teicneolaíocht na faisnéise ríthábhachtach agus forbraíodh córais chun tacú leis na gnóthaí de réir mar a bhí gá leo.

Féachann an GBCN le riosca a rialú agus a bhainistiú de na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde, agus cuireann mionathrú agus feabhas ar a chleachtais bainistithe riosca de réir mar a thagann athraithe ar a ghnó, a mhargaí, a tháirgí agus ar an dea-chleachtas is déanaí.

## Rialú Airgeadais

Is í an phríomhfhreagracht atá ar Rialú Airgeadais a chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta agus tuarascálacha gach gnó laistigh de na spriocdhátaí reachtúla. I measc cuspóirí eile áirítear forbairt leanúnach a dhéanamh ar thimpeallacht láidir rialaithe agus faisnéis bhainistíochta a sholáthar go tráthúil.

Tá Rialú Airgeadais ag obair i gcónaí le BNY Mellon, caomhnóir domhanda an CNP, le cinntiú go ndéanfar pleanáil agus forfheidhmiú éifeachtúil ar ghníomhaíochtaí an Chiste. Tá éileamh breise curtha ar an sainaonad Rialaithe Airgeadais a phléann leis an gCiste mar gheall ar an infheistíocht mhéadaithe atá ag an CNP in aicmí malartacha sócmhainní, amhail maoin, cothromas príobháideach, margaí atá ag teacht chun cinn agus tráchtearraí. Ní bhíonn an caomhnóir domhanda i mbun riarachán na n-aicmí sócmhainne seo, go háirithe na feithiclí maoine agus cothromais phríobháidigh, agus dá thoradh sin tá gá le breis riaracháin, maoirsiú airgeadais, optamú cánachais agus dualgais géilliúntais a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2007, tar éis próiseas iomaíoch tairisceana, ceapadh JP Morgan Private Equity Fund Services ("JP Morgan") chun seirbhísí cuntasaíochta, luachála agus tuairiscithe feidhmíochta a sholáthar maidir le hinfheistíochtaí maoine agus cothromais phríobháidigh an CNP. Bhí Rialú Airgeadais ag obair le JP Morgan chun na seirbhísí a fhorfheidhmiú agus caighdeáin oibríochta, rialuithe agus tuairisceoireachta a shainmhíniú. Tá Rialú Airgeadais ag obair chomh maith le JP Morgan chun feidhmiúlacht tuairisceoireachta cuntasaíochta agus airgeadra eachtrannach a fheabhsú, agus táthar ag súil le feabhsúcháin eile a chur ar na seirbhísí le linn 2008.

## Teicneolaíocht Faisnéise:

Tá aonad teicneolaíochta faisnéise freagrach as córais agus bonneagar teicniúil GBCN a fhorbairt, a shuiteáil agus a chothabháil.

Sa bhliain 2007 rinneadh breisiú ar an gcóras íocaíochta SWIFT chun cineálacha breise teachtaireachta a áireamh agus rinneadh feabhsúcháin mhóra i bhfeidhmiúlacht leanúnachas gnó do SWIFT agus do chórais ríthábhachtacha eile an GBCN. Rinneadh córais nua a fhorfheidhmiú do bhainistiú sócmhainní seasta agus do bhainistiú riosca. Cuireadh feabhsúcháin bhreise i gcrích do phróiseáil malairte eachtraí, próiseáil bannaí, agus bailíochtú sonraí margaidh agus modúil luchtaithe. Leathnaíodh amach ardán slán gréasánbhunaithe na dteagmhas cliniciúil ar fud an FSS mar chuid de phróiseas bainistithe teagmhais/éileamh na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

Feabhsaíodh na príomhchórais slándála chun aimsiú agus cosc ionradh a fheabhsú, chomh maith le bainistiú nascacht imeallach, tréchur sonraí agus córais ríthábhachtacha feidhmiúlacht athshlánúcháin.

Cuireadh comhairle theicniúil TF ar fáil do ghníomhaireachtaí éagsúla sláinte le linn 2007 lena n-áirítear an Bord Cóireála do Lucht Mí-úsáide Drugaí, Siúracha na Carthanachta, An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála, Ospidéal Lúcáis agus Ospidéal an Choim.

## Próiseáil ar Idirbhearta

Tá an réimse seo freagrach as dearbhú, bainistiú agus socrú a dhéanamh ar shreabhadh airgid do gach gníomhaíocht ghnó de chuid GBCN. I rith na bliana, lean GBCN ag cur le feidhmiúlacht an chórais chomhtháite bainistithe cisteáin. Ba é cuspóir na hoibre seo feabhas a chur ar rátaí próiseála díreacha atá gar do 100 faoin gcéad agus riosca oibriúcháin a laghdú dá réir sin.

**Luachanna Carnacha Bearta Míosúla Airgid sa bhliain 2007**




Foinse: GBCN

Mar gheall ar fhás leanúnach ghnó an GBCN le linn 2007 mhéadaigh líon na n-idirbheart go 39,100 le meánsreabhadh míosúil de €45 billiún.




## Bainistiú Riosca

Is iad na príomhchuspóirí atá an GBCN leachtacht shásúil a chinntiú don státchiste agus costais d'fhónamh an fhiachais náisiúnta a íoslaghdú go leibhéal inghlactha riosca. Is iad na rioscaí a mbíonn GBCN i dteagmháil leo ná riosca margaidh, riosca leachtachta, riosca creidmheasa contrapháirtithe agus riosca oibríochtúil.

Tá tacar de nósanna imeachta do bhainistiú riosca ag GBCN i gcás riosca margaidh chun cainníochtú agus bainistiú a dhéanamh, go tráthúil, ar thionchar na ngluaiseachtaí i rátaí úis agus i rátaí malairte coigríche. Áirítear i measc na n-uirlisí a úsáidtear chun riosca a bhainistiú íogaireacht na gcostas buiséadaithe chun fónamh d'fhiacha i leith gluaiseachta i rátaí an mhargaidh, sa bhliain reatha agus sna blianta atá romhainn.

Baineann rioscaí leachtachta, go háirithe rioscaí leachtacht maoinithe, leis an ngá atá le dóthain airgid a bheith ann chun freastal ar gach dliteanas mar a eascraíonn siad. Déantar monatóireacht agus rialú gníomhach orthu. Tá nósanna comhtháite imeachta ann le cinntiú go ndéanann an GBCN bainistiú ar thráthúlacht agus ar líon na n-eisiúintí chun dóthain leachtachta a ráthú.

Déantar monatóireacht laethúil ar neamhchosaint contrapháirtí creidmheasa a eascraíonn as taiscí agus idirbhearta a chur i ndíorthaigh, i gcoinne teorainneacha faofa. Tá córas cuimsitheach ag GBCN chun a riosca creidmheasa a bhainistiú le hinstitiúidí airgeadais eile. Déantar neamhchosaint a thomhas ar bhonn comhlán le haghaidh aon teagmhais a chuirfeadh isteach ar a n-iontaofacht creidmheasa agus tá gach teorainn contrapháirtí faoi réir próiseas athbhreithnithe mionsonraithe.

Tá an riosca oibríochtúil á rialú ag polasaithe agus nósanna imeachta diana a rialaíonn íocaíochtaí agus trí dhualgais a dheighilt, de réir na gcleachtas is fearr san earnáil airgeadais. Tá gach aonad gnó freagrach as bainistiú an riosca oibríochtúil agus tacaíonn obair Aonad Rialaithe agus Géilliúlachta GBCN agus an iniúchóra inmheánaigh, PricewaterhouseCoopers, leis an obair sin.

### Tagarmharc chun Fiacha a Bhainistiú

Léiríonn an Tagarmharc don Fhiachas Náisiúnta cuspóirí meántéarmacha bainistithe fiacha an Státchiste agus is punann é le próifíl leasa, marthanacht agus struchtúr aibíochta atá ag cloí le treoirlínte an Aire Airgeadais.

Cuireann córas measúnú feidhmíochta an Tagarmhairc sna áireamh an suíomh airgid charntha agus an glanluach reatha a bheadh ag gach sreabhadh airgid sa todhchaí. Sa bhliain 2007, rinne PricewaterhouseCoopers an fheidhmíocht a mheas i gcoinne an Tagarmhairc agus rinne sé iniúchadh ar na torthaí. Léiríonn na torthaí seo gur sháraigh GBCN a thagarmharc le €46 milliún sa bhliain 2007.

Tá uirlisí bainistithe riosca forbartha ag GBCN, a chorpraíonn anailís íogaireachta agus anailís Luach i mBaol. Déanann na huirlisí seo íogaireacht feidhmíochta a thomhas i gcoibhneas leis an Tagarmharc. Úsáidtear teorainneacha riosca chun neamhchosaint fheidhmíocht GBCN a rialú laistigh de raon inghlactha.

Tá córais i bhfeidhm ag GBCN chun gur féidir leis eolas faoi shainfheidhmíocht agus faoi bhainistíocht riosca a ríomh gach lá agus a chur ar fáil go leictreonach dá bhainisteoirí punainne agus don ardbhainistíocht.

### Tástáil Struis agus Siarthástáil

Tá bearta íogaireachta agus Luach i mBaol bunaithe ar shonraí stairiúla agus níl siad ach in ainm is a bheith ag meas an uasriosca dóchúil go leibhéal muiníne sainithe i ngnáth-thosca margaidh. Úsáidtear tástálacha struis mar chomhlánú ar na bearta seo trí thionchar féideartha tosca foircneacha margaidh ar bhuiséad fónaimh an fhiachais agus ar fheidhmíocht Tagarmhairc GBCN a thomhas.

Baintear úsáid as siarthástáil chomh maith chun cumhacht fáistinithe na Samhla Luach i mBaol a fhíorú. Faoin bpróiseas seo, déantar an fheidhmíocht a chur i gcomparáid leis na meastacháin a tuaradh ag baint úsáide as an tsamhail Luach i mBaol.

### Seirbhísí don CNP

Cuireann Aonad Riosca GBCN seirbhísí ar fáil don CNP. Áirítear ina measc feidhmíocht a thomhas agus rialuithe a fheidhmiú ar phunann bannaí neamhghníomhacha an CNP agus bainistiú ar chlár fálú airgeadra an CNP.

## Iniúchadh

De réir ceanglais reachtúla, tá GBCN á hiniúchadh i gcónaí ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Ag teacht leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is fearr, tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag GBCN ó bunaíodh í. Cuirtear leis an obair seo trí mheán na hoibre iniúchta a dhéanann gnólacht seachtrach iniúchóirí, PricewaterhouseCoopers.

Tá córas rialaithe inmheánach GBCN ag brath ar neamhspleáchas eagrúcháin na bhfeidhmeanna monatóireachta agus rialaithe, ar scaradh dualgas agus ar fheidhmiú phrionsabal na marcála/seiceála ina ghníomhaíochtaí uile. Tá tuarascálacha sásúla faighte ag GBCN maidir lena gnó óna hiniúchóirí seachtracha agus inmheánacha araon don bhliain 2007.

Lean GBCN ar aghaidh lena tacaíocht d'obair choiste Iniúchta GBCN agus choiste iniúchta an CNP i rith na bliana 2007. Rinne na coistí iniúchta seo athbhreithniú ar éifeachtúlacht rialuithe GBCN agus sholáthraithe seirbhíse eile i gcruinnithe le lucht bainistíochta, le hoifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus leis an iniúchóir inmheánach.

## Comhairliúcháin agus Caidrimh Idirnáisiúnta

Tá tíortha eile ag dul i gcomhairle i gcónaí le GBCN maidir lena gníomhaíochtaí bainistithe sócmhainní agus dliteanais.

Sa bhliain 2007 chuir GBCN comhairle agus cúnamh ar fáil dóibh seo a leanas:

- Aireacht Saothair agus Leasa Shóisialaigh na Síne;
- Aireacht Airgeadais na Cipire;
- Aireacht Airgeadais na Séiséile;
- Aireacht Saothair agus Leasa Sóisialaigh na Spáinne;
- Ciste Pinsean AP1 na Sualainne;
- Roghchoiste Cisteáin House of Commons na Ríochta Aontaithe.

Rinne GBCN óstaíocht chomh maith ar Chomhdháil Bainistithe Fiachas Miondíola Náisiúnta 2007 chomh maith.

## Cúrsaí Dlí agus Corparáideacha

Cuireann an tseirbhís dlí inchomhlachta comhairle ar fáil maidir le feidhmeanna uile GBCN. Cuirtear comhairle ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas: Bainistiú Maoinithe agus Fiachais, Lársheirbhisí Cisteáin, An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean.

Cuirtear comhairle dlí ar fáil maidir le cúrsaí tráchtála agus conartha a bhaineann le GBCN lena n-áirítear doiciméadú idirbheart maoinithe, idirbheartaíocht infheistíochta agus comhaontaithe fónaimh agus soláthair agus doiciméadúchán soláthair a dhréachtú.

I rith na bliana 2007 rinne an tAonad Dlí idirbheartú do dhoiciméadúchán dlí d'eisiúint sindeacáitithe Bhanna Státchiste 4.5% 2018 €6 bhilliún agus chuir sé comhairle ar fáil don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean faoi raon saincheisteanna a bhaineann le cláir infheistíochta maoine, cothromais phríobháidigh, bonneagair agus margaí atá ag teacht chun cinn an Chiste agus a phunann dheighilte.

I measc na nithe eile ar pléadh leo bhí comhairle maidir le ceanglais reachtúla agus rialaitheacha agus a chinntiú go rabhthas géilliúil do rialacha iompar gairmiúil i réimse rialachais, rúndachta, coinbhleacht leasa agus eitice in oifigí poiblí.

## Acmhainní Daonna

Tá bainistiú á dhéanamh ag GBCN ar cheithre ghnó shubstaintiúla chasta atá ag fás agus cuóta foirne 163 acu faoi láthair. Déantar foireann GBCN a earcú ó raon leathan disciplíní agus ag na leibhéil saineolais agus tiomantais ghairmiúla is airde.

Tugtar cuspóirí soiléire sonracha don fhoireann go léir le béim ar aiseolas feidhmíochta, idirphlé agus forbairt. Cuirtear cláir oiliúna agus forbartha i bhfeidhm chun cabhrú le baill foirne díriú ar fheidhmíocht, ar obair foirne agus ar ghnóthachan agus fanacht chun tosaigh sna disciplíní atá acu.

Déantar feidhmíocht a mheas go hiomlán i rith gach bliana agus is cuid den athbhreithniú bliantúil íocaíochta é an luacháil atá faoi stiúir chathaoirleach Choiste Comhairleach GBCN.

Cothaíonn agus áisíonn AD beartas láidir oscailte le gach ball foirne. Tugtar faoi shaincheisteanna sláinte agus leasa go freagrach íogair de réir na reachtaíochta agus an chleachtais is fearr. Tá Clár Cúnaimh Fostóirí ann chun tacaíocht bhreise a thairiscint do bhaill foirne agus dá dteaghlaigh trí chomhairleoireacht, comhairle agus faisnéis faoi raon leathan ábhar.

Cothaíonn sé seo uile timpeallacht dhearfach a spreagann gach ball foirne chun a ndícheall a dhéanamh ar mhaithe lena bhforbairt phearsanta féin agus ar mhaithe leis na cuspóirí atá leagtha síos do GBCN. Is mór ag an bPríomhfheidhmeannach agus ag na Stiúrthóirí tiomantas agus dianobair na foirne i rith na bliana.

# Ráitis Airgeadais

RÁITIS AIRGEADAIS ARNA N-ULLMHÚ AG GNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA DE RÉIR ALT 12 DEN *ACHT UM GHNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA, 1990*


1. Fiachas Náisiúnta na hÉireann
2. Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin
3. An Ciste um Banc Taisce an Phoist
4. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla
5. Cuntas Luath-ús na nIasachtaí Náisiúnta
6. Cuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh)
7. Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní Neamhéilithe)
8. Cuntas Infheistíochta an Airgid Taisce
9. An Cuntas um Stoc a Ghlactar mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus Dleachtanna Báis
10. An Cúlchiste Mionchoigiltis
11. An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
12. Ciste na gCuntas Díomhaoin

# Ráitis Airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007


| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta | 36 |
| Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais | 37 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 38 |
| Polasaithe Cuntasaíochta | 39 |
| Ráiteas faoin bhFónamh don Fhiachas Náisiúnta | 40 |
| Ráiteas faoin bhFiachas Náisiúnta | 41 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 42 |
| Ráiteas faoin Athrú san Fhiachas Náisiúnta | 43 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 44 - 48 |

# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta

Tá dlite ar an nGníomhaireacht faoi réir an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 ráitis airgeadais a ullmhú i leith a cuid oibriúcháin i rith gach bliain airgeadais.

Dlitear ar an nGníomhaireacht agus na ráitis sin á n-ullmhú:

- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach, stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh murarbh mhíchuí sin;
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as gach cuntas ceart agus coitianta a choimeád, san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire, ar an airgead ar fad a fuarthas nó a caitheadh; agus as taifid chuntasaíochta a choimeád lena nochtfaí le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith riocht airgeadais na Gníomhaireachta, a cuid cistí agus an fhiachais náisiúnta.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach chomh maith as sócmhainní atá faoina rialú a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus míréireachtaí eile a thabhairt faoi deara agus a chosc.



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

# Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

## Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaímse, thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, an fhreagracht as cinntiú go leantar agus go gcuirtear i bhfeidhm córas um rialú inmheánach airgeadais den éifeacht.

Is cinnteacht réasúnach seachas cinnteacht iomlán a chuirtear ar fáil leis an gcóras go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, bearta airgeadais á n-údarú agus á dtaifeadadh mar is cóir, agus go seachnaítear aon earráidí nó mírialtacht ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

## Na Príomhghnásanna Rialaithe

Tá bearta déanta ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun timpeallacht rialaithe oiriúnach a chinntiú trí:

- shainmhíniú soiléir a thabhairt ar fhreagrachtaí bainistíochta;
- nós imeachta foirmeálta a chur ar bun maidir le tuairisciú ar theip shuntasach sa rialú agus le cinntiú go ndéanfaí bearta cuí chun a chur ina cheart;
- Coiste Iniúchta a chur ar bun chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid dualgas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais .

Tá próisis bunaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí:

- chineál, oiread agus impleacht airgeadais na rioscaí atá ann don chomhlacht a shonrú agus oiread agus catagóirí na rioscaí a mheastar a bheith inghlactha san áireamh;
- an dóigh a dtarlódh na rioscaí a shonraítear a mheas;
- cumas an chomhlachta bainistíocht agus maolú a dhéanamh maidir leis na rioscaí a tharlaíonn a mheas;
- na costais a bhaineann le beart rialaithe faoi leith a mheas i gcomórtas leis an mbuntáiste a fhaightear uaidh.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat eolas bainistíochta rialta, ar nós imeachta riaracháin lena n-áirítear saindeighilt ar dhualgais agus ar chóras tarmligin agus freagrachta. Tá mar chuid de go háirithe:

- córas buiséadaithe cuimsitheach lena mbaineann buiséad bliantúil a ndéanann an Príomhfheidhmeannach a athbhreithniú agus a aontú leis an Aire Airgeadais;
- athbhreithnithe rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid lena raibh á thuar;
- spriocanna a shocrú d'fhonn feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a mheas;
- treoirlínte soiléire maidir le rialú ar infheistíocht chaipitil;
- gnásanna foirmeálta maidir le bainistíocht tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a oibríonn de réir Chreatchód an tSárchleachtais a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Déantar obair an iniúchta inmheánaigh i bhfianaise anailíse ar an riosca a bhfuil an Ghníomhaireacht ina bhaol agus bunaítear pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla ar an anailís sin. Déanann an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh a fhormhuiniú agus Coiste Iniúchta GBCN iad a aontú. Ar a laghad uair sa bhliain cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuairisc ar fáil don lucht bainistíochta i nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus do Choiste Iniúchta GBCN ar obair an iniúchta inmheánaigh. Bíonn tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar leordóthaineacht agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais mar chuid den tuairisc.

Is faoi anáil obair an iniúchóra inmheánaigh, na mbainisteoirí feidhmiúcháin taobh istigh den Ghníomhaireacht ar a bhfuil freagracht maidir le creat rialaithe airgeadais a thabhairt chun cinn agus a choinneáil ar bun, agus faoi anáil thuairimí a nochtann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile a dhéanann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

## Athbhreithniú Bliantúil ar an Rialúchán

Dearbhaímse, i mo Phríomhfheidhmeannach dom, go ndearna Coiste Iniúchta GBCN athbhreithniú i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2007 ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 iniúchta agam faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Sheirbhís Féich, Ráiteas ar Fhiach Náisiúnta, Ráiteas Sreabhadh Ghlanairgid an Fhiach Náisiúnta, Ráiteas ar Ghluaiseacht San Fhiach Náisiúnta, na nótaí gaolmhara agus, maidir le costaisí bainistíochta, na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán agus na nótaí gaolmhara

## Freagrachtaí na Gníomhaireachta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar thorthaí oibríochtaí na Gníomhaireachta don bhliain agus ar a iarmhéideanna ag deireadh na bliana. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Ghníomhaireacht an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léighim eolas eile sa Tuarascáil Bhliantúil agus féachaim cibé atá sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Déanaim impleachtaí mo thuarascála a mheas má thagaim ar mhíráiteas dealraitheach nó neamhchomhsheasmhacthaí ábhartha leis na ráitis airgeadais.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus nochtú agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar thorthaí oibríochtaí na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 agus ar a iarmhéideanna ag an dáta sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



**John Buckley**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Buneolas

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 chun feidhm na n-iasachtaí agus na Bainistíochta ar an bhFiachas Náisiúnta a chomhlíonadh ar son an Aire Airgeadais chomh maith le haon fheidhmeanna eile a dhéanfadh an Rialtas a tharmligean di.

Is maidir le Fiachas Náisiúnta na hÉireann na ráitis airgeadais a leagtar amach ar leathanaigh 40 go dtí 48. Cheadaigh an tAire Airgeadais formáid na ráiteas sin faoi Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

## Bonn Cuntasaíochta

Is é an costas stairiúil an bonn tomhais a chuirtear i bhfeidhm ach amháin sa chás go luaitear a mhalairt. Áirítear idirbhearta trí úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an airgid.

Is ráiteas é an Ráiteas faoin bhFiachas Náisiúnta ar iomlán na suimeanna príomhshuime atá ar iasacht ag Éirinn agus nach raibh aisíoctha ag deireadh na bliana, lúide na sócmhainní leachtacha a bhí ar fáil ar an dáta céanna le haghaidh na ndliteanas sin a fhuascailt. Bíonn iasachtaí a fhaigheann gníomhaireachtaí Stáit agus gníomhaireachtaí eile faoi ráthaíocht an Aire Airgeadais chomh maith de réir reachtanna éagsúla. Ní thugtar ráthaíocht den chineál sin san áireamh sna ráitis airgeadais seo.

## Tréimhse an Tuairisceáin

Is í an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 tréimhse an tuairisceáin.

## Airgeadra Tuairisceáin

Is é an EURO an t-airgeadra tuairisceáin agus is í an tsiombail € is sainchomhartha dó.

## Fáltais agus Íocaíochtaí

Déantar taifeadadh ar fháltais agus ar íocaíochtaí maidir leis an bhFiachas Náisiúnta tríd an gCuntas Státchiste, Cuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh agus an Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CFSC) an tráth a bhfaightear an t-airgead nó a ndéantar an íocaíocht.

## Luacháil Dliteanas

Luaitear iarmhéideanna fiachais ar an luach cothrom infhuascailte.

## Díorthaigh

Socraítear conarthaí babhtála agus ionstraimí airgeadais chun críche fálaithe mar chuid de phróiseas na bainistíochta ar an bhFiachas Náisiúnta. Áirítear torthaí na mbeart fálaithe seo atá ceangailte le hidirbhearta iasachta sonracha de réir na n-idirbheart is bun leo. Áirítear an glansreabhadh ciste a eascraíonn as bearta fálaithe nach bhfuil ceangailte le hidirbhearta iasachta sonracha leis na costais maidir le fónamh don fhiachas an tráth a bhfaightear an ciste nó a ndéantar an íocaíocht. Sa chás go gcuirtear deireadh le babhtáil agus go ndéantar athrú go dtí ionstraimí babhtála eile, is de réir théarmaí na hionstraime leasaithe a théann an sreabhadh ciste i bhfeidhm ar an bhfónamh don fhiachas.

## Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear fáltais agus íocaíochtaí in airgeadraí eachtracha go Euro ar na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Aistrítear dliteanais agus sócmhainní in airgeadraí eachtracha go Euro ar na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar na dátaí cinn bhliana.

# Ráiteas faoin bhFónamh don Fhiachas

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007

| | Nótaí | 2007<br>Costas Iomlán<br>€'000 | 2006<br>Costas Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Ús a íocadh | | | |
| Fiachas Meán- / Fadtéarmach* | 2 | 1,379,282 | 1,351,331 |
| Fiachas Gearrthéarmach** | 3 | 212,046 | 118,006 |
| Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta | 4, 9 | 210,562 | 480,346 |
| Athruithe Eile | 5 | 11,769 | 21,062 |
| Íocaíochta leis an gCiste Fiachmhúchta | 6 | 465,571 | 470,286 |
| Táillí agus Costais | 7 | 25,793 | 19,289 |
| Costais GBCN | | 30,899 | 29,828 |
| Ús a fuarthas ar thaiscí leis an mBanc Ceannais agus le bainc eile | | (194,840) | (111,184) |
| **Costas Iomlán an Fhónaimh** | **1** | **2,141,082** | **2,378,964** |

** Fiachas Meán- / Fadtéarmach an Fiachas a mba faide ná bliain amháin an aibíocht ar dtús*

*** Fiachas Gearrthéarmach an Fiachas a mba giorra ná bliain amháin an aibíocht ar dtús*

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgid seo na Nótaí ar leathanaigh 44 go dtí 48.

# Ráiteas faoin bhFiachas Náisiúnta

31 Nollaig 2007

| | Nótaí | | 2007<br>€ milliún | | 2006<br>€ milliún |
|---|---|---|---|---|---|
| **Fiachas Meán- / Fadtéarmach *** | | | | | |
| Bannaí Rialtais na hÉireann arna liostú ar Stocmhalartán na hÉireann | | | 30,946 | | 31,189 |
| Eisiúintí Bannaí Poiblí eile de chuid | | | 35 | | 38 |
| Láithrithe Príobháideacha | | | - | | - |
| Iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta | | | 112 | | 120 |
| Nótaí Meántéarmacha | | | 400 | | 443 |
| Fiachas Ilghnéitheach | | | 69 | | 26 |
| | 8 | | 31,562 | | 31,816 |
| **Fiachas Gearrthéarmach **** | | | | | |
| Páipéar Tráchtála | | 3,286 | | 118 | |
| Iasachtaí ó Chistí faoi rialú an Aire Airgeadais | 15 | 2,258 | | 2,661 | |
| | | | 5,544 | | 2,779 |
| **Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta** | | | | | |
| Cairteacha Coigiltis | | 2,223 | | 2,215 | |
| Bannaí Coigiltis | | 1,675 | | 1,709 | |
| Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta | | 409 | | 394 | |
| Stampaí Coigiltis | | 2 | | 2 | |
| Duaisbhannaí | | 632 | | 590 | |
| | 9 | | 4,941 | | 4,910 |
| **Ollfhiachas** | | | 42,047 | | 39,505 |
| Lúide Sócmhainní Leachtacha | 10 | | (4,487) | | (3,588) |
| **Fiachas Náisiúnta** | **12** | | **37,560** | | **35,917** |

** Fiachas Meán- / Fadtéarmach an Fiachas a mba faide ná bliain amháin an aibíocht ar dtús*

*** Fiachas Gearrthéarmach an Fiachas a mba giorra ná bliain amháin an aibíocht ar dtús*

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgid seo na nótaí ar leathanaigh 44 go dtí 48.

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgeadais an Fhiachais Náisiúnta

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007

| | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| **Athruithe in Iarmhéideanna an Státchiste:** | | |
| Iarmhéid tosaigh sa Chuntas Státchiste (nóta 10) | 3,587,242 | 2,183,127 |
| Taiscí Tráchtála | (490,000) | - |
| Beartaíocht Iasachta (féach thíos) | 2,517,980 | (860,176) |
| | 5,615,222 | 1,322,951 |
| Farasbarr/(Easnamh) sa Státchiste | (1,619,159) | 2,264,291 |
| Iarmhéid deiridh an Chuntas Státchiste (nóta 10) | **3,996,063** | **3,587,242** |

| | Fáltais €'000 | Íocaíochtaí €'000 | 2007 Glan €'000 | 2006 Glan €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Beartaíocht Iasachta** | | | | |
| Bannaí Rialtais na hÉireann arna liostú ar Stocmhalartán na hÉireann | 19,822,280 | (20,110,939) | (288,659) | (122,068) |
| Láithrithe Príobháideacha | - | - | - | - |
| Iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta | - | - | - | - |
| Nótaí Meántéarmacha | - | - | - | - |
| Fiachas Ilghnéitheach | - | (893) | (893) | (713) |
| Páipéar Tráchtála | 85,398,071 | (82,218,296) | 3,179,775 | 6,227 |
| Cairteacha Coigiltis | 460,378 | (452,649) | 7,729 | 6,863 |
| Bannaí Coigiltis | 573,069 | (606,932) | (33,863) | 124,101 |
| Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta | 103,720 | (89,580) | 14,140 | 8,997 |
| Duaisbhannaí | 144,836 | (102,131) | 42,705 | 27,932 |
| Iasachtaí ó Chistí Aire | 49,320,124 | (49,723,078) | (402,954) | (911,515) |
| Beartaíocht Iasachta Iomlán | 155,822,478 | (153,304,498) | 2,517,980 | (860,176) |
| Beartaíocht Taisce Tráchtála | 49,782,597 | (50,272,597) | (490,000) | - |
| **Beartaíocht Iomlán** | **205,605,075** | **(203,577,095)** | **2,027,980** | **(860,176)** |

| | Fáltais €'000 | Íocaíochtaí €'000 | 2007 Glan €'000 | 2006 Glan €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Cuntas Státchiste | 198,811,402 | (196,205,455) | 1,605,947 | (863,186) |
| Cuntas Imréitigh Airgeadra Eachtraigh (Nóta 14) | 7,793,673 | (7,371,640) | 422,033 | 3,010 |
| | **205,605,075** | **(203,577,095)** | **2,027,980** | **(860,176)** |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgid seo na nótaí ar leathanaigh 44 go dtí 48.

# Ráiteas faoi Athrú san Fhiachas Náisiúnta

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

| | 2007<br>€'000 | 2006<br>€'000 |
|---|---|---|
| Fiachas Náisiúnta Tosaigh | 35,917,567 | 38,182,333 |
| Ardú / (Ísliú) san Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil) | 1,641,946 | (2,264,766) |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| (Farasbarr)/Easnamh sa Státchiste | 1,619,159 | (2,264,291) |
| Éifeacht Athruithe i Rátaí Malairte Eachtraí | (22,394) | 260 |
| Tráinsiú Bannaí: laghdú glan (farasbarr) sna fáltais i gcomparáid le dliteanas ainmniúil | 44,987 | (40) |
| Cealuithe Bannaí: laghdú glan (farasbarr) sa chostas cealaithe i gcomparáid le dliteanas ainmniúil | 202 | (76) |
| Athrú in Iarmhéid reatha an CFSC (nóta 10) | (8) | (619) |
| Athruithe ainmniúla eile | - | - |
| | 1,641,946 | (2,264,766) |
| **Fiachas Náisiúnta Deiridh** | **37,559,513** | **35,917,567** |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgid seo na nótaí ar leathanaigh 44 go dtí 48.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Costas Iomlán an Fhónaimh

| | Nótaí | Gearradh ar Chuntais Imréitigh an Airgeadra Eachtraigh €'000 | Gearradh ar an Lárchiste €'000 | Gearradh ar CFSC €'000 | Iomlán an Fhónaimh 2007 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ús a íocadh | | | | | |
| Fiachas Meán- / Fadtéarmach | 2 | 12,536 | 255,122 | 1,111,624 | 1,379,282 |
| Fiachas Gearrthéarmach | 3 | 68,728 | 135,694 | 7,624 | 212,046 |
| Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta | 4,9 | - | (36,212) | 246,774 | 210,562 |
| Athruithe Eile | 5 | 339,953 | (517,224) | 189,040 | 11,769 |
| Íocaíochtaí leis an gCiste Fiachmhúchta | 6 | - | - | 465,571 | 465,571 |
| Táillí agus Costais | 7 | 271 | 25,522 | - | 25,793 |
| Costais GBCN | | 545 | 30,354 | - | 30,899 |
| Ús a fuarthas ar thaiscí leis an mBanc Ceannais agus Bainc eile | | - | - | (194,840) | (194,840) |
| | | 422,033 | (106,744) | 1,825,793 | 2,141,082 |
| Athruithe idir Cuntais | | - | 1,825,801 | (1,825,801) | - |
| **Airgead Glan a Íocadh** | | **422,033** | **1,719,057** | **(8)** | **2,141,082** |

Gearrtar íocaíochtaí úis ar na Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta ar an gCiste Lárchiste ar dtús agus an CFSC, as a dtagann gearradh úis chomhlán de €448.5 milliún. Nuair a chuirtear an tarraingt anuas de €237.9 milliún ón gCúlchiste Mionchoigiltis i bhfeidhm ar an Lárchiste, ba €210.5 milliúin an íocaíocht ghlan sa bhliain 2007.

## 2. Ús ar Fhiachas Meán- / Fadtéarmach

| | Costas Iomlán 2007 €'000 | Costas Iomlán 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Bannaí Rialtais na hÉireann arna liostú ar Stocmhalartán na hÉireann | 1,349,691 | 1,327,317 |
| Eisiúintí Bhannaí Poiblí eile de chuid Rialtas na hÉireann | 4,706 | 4,695 |
| Láithrithe Príobháideacha | - | - |
| Iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta | 8,922 | 8,916 |
| Nótaí Meántéarmacha | 16,635 | 17,905 |
| Fiachas Ilghnéitheach | (672) | (7,502) |
| | **1,379,282** | **1,351,331** |

## 3. Ús ar Fhiachas Gearrthéarmach

| | Costas Iomlán 2007 €'000 | Costas Iomlán 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Páipéar Tráchtála | 170,881 | 49,832 |
| Iasachtaí ó Chistí faoi rialú an Aire Airgeadais | 41,165 | 68,174 |
| | **212,046** | **118,006** |

## 4. Ús ar Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta

| | Costas Iomlán 2007 €'000 | Costas Iomlán 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Cairteacha Coigiltis | 305,164 | 603,178 |
| Bannaí Coigiltis | 97,864 | 76,766 |
| Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta | 29,509 | 29,358 |
| Duaiseanna maidir le Duaisbhannaí | 15,944 | 13,862 |
| Cúlchiste Miontaiscí (nóta 9) | (237,919) | (242,818) |
| | **210,562** | **480,346** |

Tá aistriúchán go dtí Ciste na gCuntas Díomhaoin maidir le hús caipitlithe carntha ar chuntais áirithe a mheasann An Post gur cuntais dhíomhaoine iad faoi réir Acht na gCuntas Díomhaoin 2001 san áireamh leis na hÍocaíochtaí maidir le hÚs ar Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta in 2007. Seo a leanas na glansuimeanna úis a aistríodh sa bhliain 2007:

| | €'000 |
|---|---|
| Cairteacha Coigiltis | 10,074 |
| Bannaí Coigiltis | 156 |
| Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta | (381) |
| | **9,849** |

Tá athéileamh úis de €245,424 maidir le 2007, nach ndearna An Post go dtí 2008 san áireamh leis na haistriúcháin úis seo. Siocair go n-ullmhaítear na cuntais ar bhonn airgid thirim níl an méid seo san áireamh leis na híocaíochtaí le haghaidh úis ar Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta do 2007.

## 5. Athruithe Eile

Déanann GBCN, mar chuid den sainordú, réimse beart riar fiachais agus díorthaigh san áireamh. (Féach nóta 11). Is léiriú an figiúr seo ar an nglansreabhadh airgid a bhaineann leis an mbeartaíocht sin.

## 6. Íocaíochta leis an gCiste Fiachmhúchta

Faoin Acht Airgeadais 1950, rinneadh soláthar maidir le suimeanna sonraithe d'fhuascailt fiachais. Seo a leanas na suimeanna a soláthraíodh agus a cuireadh i bhfeidhm sa bhliain 2007:

| | 2007 €'000 |
|---|---|
| An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (Nóta 13) | 465,571 |
| | **465,571** |

## 7. Táillí agus Costais

| | Costas Iomlán 2007 €'000 | Costas Iomlán 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Bhannaí Rialtais na hÉireann - | - | |
| Costais Chairteacha Coigiltis | 5,092 | 4,187 |
| Costais Dhuaisbhannaí | 7,357 | 7,356 |
| Costais Bhannaí Coigiltis | 4,715 | 3,219 |
| Costais Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta | 1,677 | 2,582 |
| Costais Stampaí Coigiltis | 1,042 | 1,042 |
| Costais Iasachtaí | 5,910 | 903 |
| | **25,793** | **19,289** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 8. Fiachas Meán- / Fadtéarmach

Seo a leanas próifíl aibíochta an Fhiachais Mheán- / Fhadtéarmaigh agus na bearta bainistíochta Státchiste a rinne an Ghníomhaireacht á dtabhairt san áireamh:

| | Ar an 31 Nollaig 2007 €milliún | Ar an 31 Nollaig 2006 €milliún |
|---|---|---|
| Fiachas dlite lena aisíoc taobh istigh de bhliain amháin | 141 | 6,042 |
| Fiachas dlite lena aisíoc faoi cheann idir 2 bhliain agus 5 bliana | 6,330 | 6,604 |
| Fiachas dlite lena aisíoc tar éis níos mó ná 5 bliana | 25,091 | 19,170 |
| | **31,562** | **31,816** |

## 9. Scéimeanna Coigiltis Náisiúnta

Sa bhliain 2007 b'ionann an íocaíocht úis chomhlán ar na scéimeanna coigiltis agus €448m, ach nuair a cuireadh an tarraingt anuas ón gCúlchiste Mionchoigiltis leis an Lárchiste, ba é an ghlanchostas úis ná €210m.

Tá na suimeanna a luaitear maidir le Cairteacha Choigiltis, Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta, Bannaí Coigiltis agus Duaisbhannaí glan ar €10.3 milliún (2006: €5 milliún) na hiarmhéideanna airgid ina seilbh ag An Post, Permanent TSB Bank agus an Chuideachta Dhuaisbhannaí Teo. Feidhmíonn An Post agus an Chuideachta Dhuaisbhannaí ina gcláraitheoirí do na scéimeanna éagsúla.

Ó tharla go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn airgid ní áirítear leis na dliteanais an tsuim de €780 milliún (2006: € 1,038 milliún), arb é an meastachán é ar shuim an úis fhabhraithe ar an 31 Nollaig 2007 maidir le Bannaí Coigiltis, Cairteacha Coigiltis agus Coigiltis Tráthchoda Náisiúnta.

Foráladh le halt 160 den Acht Airgeadais 1994 do chiste a bhunú ar a dtugtar an Cúlchiste Mionchoigiltis. Foráladh d'íoc €76 milliún isteach sa chiste i 1994 agus do na suimeanna sin, dá mba ann dóibh, gach bliain ina dhiaidh sin de réir mar a shocródh an tAire Airgeadais. Sa chás in aon bhliain féilire ar bith go sáraíonn íocaíocht úis ar shóinseáil miontaiscí 11 faoin gcéad den ús fabhraithe ar choigilteas den chineál sin ag deireadh na bliana féilire díreach roimhe sin, is féidir acmhainní an chiste a chur i leith shásamh oiread de na híocaíochtaí úis sin agus a sháraíonn, mar chéatadán den ús fabhraithe iomlán sin thuas, 11 faoin gcéad. B'ionann an costas úis iarmhír don bhliain 2007 agus 20.28% den ús fabhraithe ar an 31 Nollaig 2006 de €1,038m.

| | | €milliún |
|---|---|---|
| Ús fabhraithe measta ar an 31 Nollaig 2007 | | 780 |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2007 | (582) | |
| Suim a cuireadh i bhfeidhm i rith 2007 (Nóta 4) | 238 | |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2007 (Nóta 15) | | (344) |
| Ús fabhraithe measta nár soláthraíodh dó ar an 31 Nollaig 2007 | | 436 |

Aistrítear fuílleach an Chiste chuig an Státchiste mar chuid de na hiasachtaí ó chistí faoi rialú an Aire Airgeadais.

## 10. Sócmhainní Leachtacha

| | Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2007 €'000 | Athruithe i rith 2007 €'000 | Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig 2007 €'000 |
|---|---|---|---|
| Cuntas Státchiste | 3,587,242 | 408,821 | 3,996,063 |
| An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla | | | |
| Iarmhéid Reatha (nóta 13) | 834 | 8 | 842 |
| Taiscí Bhainc Tráchtála | - | 490,000 | 490,000 |
| | **3,588,076** | **898,828** | **4,486,905** |

## 11. Díorthaigh

Fágann freagracht na Gníomhaireachta as fiachas nua a eisiúint agus as fiachas atá ag teacht chun aibíochta a aisíoc, chomh maith leis an mbainistíocht ar phróifíl rátaí úis agus airgeadraí na punainne fiachais ar fad, gur gné lárnach bhuntábhachtach d'obair na Gníomhaireachta an bhainistíocht ar riosca. Riosca leachtachta, riosca margaidh, riosca creidmheasa contrapháirtithe agus riosca oibriúcháin na príomhchatagóirí riosca a eascraíonn as beartaíocht na Gníomhaireachta. Tá polasaithe agus nósanna imeachta cuimsitheacha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht maidir le gach ceann de na réimsí sin chun an riosca atá i gceist a thomhas agus a rialú.

Riachtanas mór de chuid na Gníomhaireachta é cinntiú gur féidir na riachtanais mhaoinithe amach anseo a shásamh go réidh tráth ar bith. Is é cosaint na leachtachta an cúram is criticiúla a leagtar ar an nGníomhaireacht. D'fhéadfadh rioscaí do leachtacht an Fhiachais Náisiúnta eascairt ó chúrsaí na hÉireann nó, i bhfianaise chomh ceangailte agus atá na margaí, ó chúrsaí taobh amuigh d'Éirinn. Is trí rialú a dhéanamh ar oiread na ndliteanas a thiocfadh chun aibíochta i rith aon tréimhse ama amháin go príomha a dhéanann an Ghníomhaireacht bainistíocht mar gheall ar an riosca sin. Treisítear leis sin trí bheart na Gníomhaireachta ag leanúint de bhonn infheisteoirí idirnáisiúnta láneolach éagsúlaithe a thabhairt chun cinn, trína ionad i ngach mórmhargadh caipitil a chothú agus trí chur le raon na n-ionstraimí fiachais a eisítear.

Riosca maidir le hardú ar na costais maidir le fónamh don fhiachas agus ar mhargadhluach iomlán an fhiachais de bharr athruithe ar na rátaí úis nó malairte eachtraí atá sa riosca margaidh. Ní foláir don Ghníomhaireacht aird a bheith ar chuspóirí meántéarmacha agus gearrthéarmacha araon i bhfianaise an chúraim a leagtar uirthi rialú a dhéanamh ní hamháin ar chostas fioscach an fhónaimh don fhiachas go garthéarmach ach ar luach láithreach gach íocaíochta príomhshuime agus úis amach anseo chomh maith. Tagann iasachtaí ráta úis seasta faoi réir riosca luacháil an mhargaidh sa chás go dtarlaíonn ísliú ar rátaí úis. Cé gur lú de riosca luacháil an mhargaidh a théann le hiasachtaí ar ráta comhlúthach ná le fiachas ráta seasta, is mó an riosca a bhaineann leo maidir le costas fioscach garthéarmach an fhónaimh don fhiachas. Ní mór bainistíocht a dhéanamh ar an meá idir dliteanais ráta seasta agus dliteanais ráta chomhlúthaigh i gcás na bpunann san airgeadra baile agus in airgeadraí eachtracha araon. Rialaítear in aghaidh an bhaoil ó riosca ráta úis agus riosca airgeadraí trí theorainn a chur le dlús airgeadra agus ráta úis sa phunann. Bíonn teorainneacha cainníochta ar leith socraithe chun rialú a dhéanamh ar riosca margaidh; tugtar tuairisc go rialta do na bainisteoirí punainne agus don lucht bainistíochta sinsearach araon mar gheall ar an mbaol i gcomórtas leis na teorainneacha sin. Féachann an Ghníomhaireacht leis an gcothrom is fearr a bhaint amach idir costas agus riosca le himeacht aimsire. De réir mar a thagann athrú ar chúrsaí sna margaí airgeadais, déantar athmheasúnú maidir leis an bpróifíl rátaí úis agus airgeadraí a d'oirfeadh don phunann.

Tarlaíonn baol ó riosca creidmheasa contrapháirtí mar gheall ar dhíorthaigh, taiscí agus idirbhearta malairte eachtraí. Laghdaítear oiread agus is féidir ar leibhéal an riosca creidmheasa trí gan déileáil ach amháin le contrapháirtithe sárchreidiúnacha maidir le creidmheas. Foráiltear de réir gnáthamh d'uasteorainneacha riosca a cheadú i leith gach contrapháirtí agus tugtar tuairisc gach lá don lucht bainistíochta mar gheall ar an riosca a bhfuiltear ina bhaol. Déantar athbhreithniú go tráthrialta ar gach uasteorainn d'fhonn aon athrú ar chreidiúnas na gcontrapháirtithe nó ar chúrsaí eacnamaíochta agus polaitiúla a thabhairt san áireamh.

Tá srianta cuimsitheacha curtha ar bun chun cinntiú go ndéantar bainistíocht stuama in aghaidh riosca oibriúcháin. Áirítear orthu sin deighilt idir na dualgais maidir le déileáil, próiseáil, íocaíochtaí agus tuairisciú.

Úsáideann an Ghníomhaireacht teaglaim díorthach lena n-áirítear babhtáil ráta úis, babhtáil airgeadraí agus conarthaí malairte eachtraí mar chuid den straitéis bainistíochta riosca. Léirítear sa tábla a leanas luach ainmniúil na n-ionstraimí a úsáidtear chomh maith lena luach reatha láithreach.

| | 31 Nollaig 2007 | | 31 Nollaig 2006 | |
|---|---|---|---|---|
| | Luach Ainmniúil €milliún | Luach Láithreach €milliún | Luach Ainmniúil €milliún | Luach Láithreach €milliún |
| Babhtáil Ráta Úis | 354 | (5) | 1,104 | (12) |
| Babhtáil Airgeadraí & Conarthaí Airgeadra Eachtraigh | 1,068 | (62) | 672 | (15) |
| | 1,422 | (67) | 1,776 | (27) |

Is trí ráta iomchuí úis a úsáid chun lascainiú go dtí an luach láithreach a dhéanamh ar gach sreabhadh airgid dá chuid amach anseo a shocraítear luach láithreach ionstraime.

## 12. Fiachas Náisiúnta

Seo a leanas an Fiachas Náisiúnta de réir an airgeadra, agus idirbhearta riar Státchiste a rinne an Ghníomhaireacht á dtabhairt san áireamh:

| | Ar an 31 Nollaig 2007 €milliún | Ar an 31 Nollaig 2006 €milliún |
|---|---|---|
| Euro* | 37,564 | 35,917 |
| Dollar SAM | (4) | - |
| | **37,560** | **35,917** |

* Seo figiúr glan ar Shócmhainní Leachtacha mar a bhí ar an 31 Nollaig 2007 €4,487m (31 Nollaig 2006: €3,588 m)

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 13. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Baintear usáid as an gcuntas chun taifead a choimeád orthu seo a leanas;

(a) íocaíochtaí úis agus príomhshuime as blianacht bhliantúil a leagtar amach chun amúchadh a dhéanamh ar iasachtaí don chaipiteal vótáilte faoi alt 22 (7) den Acht Airgeadais, 1950.

(b) fáltais agus íocaíochtaí áirithe a eascraíonn ón bhfónamh don fhiachas agus idirbhearta riar fiachais arna n-údarú faoi alt 67(8) den Acht Airgeadais, 1988 agus alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970.

## 14. Cuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh

| | | €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2007 | | NÁID |
| Suimeanna a fuarthas faoin Acht Airgeadais 1988 [A67 (8)] | 7,967,599 | |
| Suimeanna a íocadh faoin Acht Airgeadais 1970 [A54 (7)] | (8,307,552) | (339,953) |
| Fáltais Iasachtaí in Airgeadra Eachtrach | 7,793,673 | |
| Íocaíochtaí Iasachtaí in Airgeadra Eachtrach | (7,371,640) | 422,033 |
| Ús a íocadh ar Iasachtaí in Airgeadra Eachtrach (nóta 1) | | |
| - Fiachas Meán-/ Fadtéarmach | (12,536) | |
| - Fiachas Gearrthéarmach | (68,728) | (81,264) |
| Costais Iasachtaí in Airgeadra Eachtrach (nóta 1) | | (271) |
| Costais GBCN | | (545) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2007 | | NÁID |

## 15. Iasachtaí ó Chistí faoi rialú an Aire Airgeadais

Iasachtaí gearrthéarmacha de chuid an Státchiste na cistí seo arna dtarraingt anuas mar mhaoiniú "mhodhanna agus mheán" ar riachtanais an Státchiste as roinnt cistí atá faoi rialú an Aire Airgeadais.

| | **Ar an 31 Nollaig 2007 €milliún** | **Ar an 31 Nollaig 2006 €milliún** |
|---|---|---|
| An Ciste um Banc Taisce an Phoist | 1,157 | 1,160 |
| An Cúlchiste Mionchoigiltis | 344 | 582 |
| Ulysses Securitisation plc | 127 | 127 |
| Cuntas Infheistíochta an Airgid Taisce | 630 | 792 |
| | **2,258** | **2,661** |

# Ráitis Airgeadais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007


| | |
|---|---|
| Polasaithe Cuntasaíochta | 50 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 51 |
| Ráiteas faoi Ghnóthacháin agus Caillteanais Aitheanta Iomlána | 51 |
| Clár Comhardaithe | 52 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 53 – 58 |

# Polasaithe Cuntasíochta

## Buneolas

Bunaíodh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 chun feidhm na n-iasachtaí agus na Bainistíochta ar an bhFiachas Náisiúnta a chomhlíonadh ar son an Aire Airgeadais chomh maith le haon fheidhmeanna eile a dhéanfadh an Rialtas a tharmligean di.

Leagtar amach eolas maidir le Fiachas Náisiúnta na hÉireann ar leathanaigh 40 go dtí 48. Leagtar amach eolas mar gheall ar an nGníomhaireacht féin ar leathanaigh 50 go dtí 58.

Faoi Alt 11 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 "déanfar na caiteachais a thabhóidh an Ghníomhaireacht ag comhlíonadh a feidhmeanna a mhuirearú ar an bPríomh-Chiste nó ar a thoradh fáis agus a íoc amach as sin".

## Airgeadra Tuairisceáin

Is é an EURO an t-airgeadra tuairisceáin agus is í an tsiombail € is sainchomhartha dó.

## Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Cheadaigh an tAire Airgeadais formáid na ráiteas sin faoi Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

## Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide an dímheas fabhraithe. Déantar dímheas ar shócmhainní seasta ina dtráthghálaí bliantúla i rith a ré fónaimh measta.

## Léasáil

Gearrtar cíos faoin léas oibriúcháin de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn fabhraithe.

## Pinsin

Tá scéim phinsin shochair shainithe i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht d'fhostaithe áirithe agus íoctar ranníocaíochtaí le Cuntais Choigilitis Scoir Phearsanta (CCSP) d'fhostaithe eile. Is as buiséad Riaracháin na Gníomhaireachta a mhaoinítear na ranníocaíochtaí.

Déantar cuntasaíocht maidir le costais phinsin na Scéime Sochair Shainithe faoi CTA 17. Áirítear sócmhainní na scéime pinsin ar a luach cóir. Ríomhtar dliteanais na scéime pinsin ar bhonn achtúireach le modh an aonaid fhortheilgthe. Léirítear farasbarr dliteanas seachas sócmhainní sa scéim ina dhliteanas sa Chlár Comhardaithe. Is ionann maoiniú pinsin iarchurtha agus an tsócmhainn dá réir atá le haisghabháil i rith tréimhsí is faide anonn ón bPríomh-Chiste.

Is ionann an muirear pinsin Shochair Shainithe ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an costas fónaimh reatha agus an costas fónaimh roimhe seo móide an difríocht idir an toradh measta ar shócmhainní na scéime agus an costas úis maidir le dliteanais na scéime. Áirítear suim is ionann agus an muirear pinsin mar ioncam in-aisghabhála ón bPríomh-Chiste i rith tréimhsí níos faide anonn.

Luaitear gnóthacháin agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe ar bhoinn thuisceana achtúireacha agus ó fharasbairr agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ghnóthacháin agus Caillteanais Aitheanta Iomlána na bliana ina dtarlaíonn siad agus áirítear coigeartú dá réir sa tsuim is in-aisghabhála ón bPríomh-Chiste i rith tréimhsí níos faide anonn.

Áirítear costas ranníocaíochtaí na Gníomhaireachtaí le CCSP mar mhuirear ar an gCuntas Riaracháin i rith na bliana airgeadais lena mbaineann fónamh an fhostaí.

## Bogearraí

Gearrtar costais bhogearraí ríomhaireachta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais i rith na tréimhse ina dtarlaíonn siad.

## Cuntas Caipitil

Léirítear sa chuntas caipitil fáltais ón bPríomh-Chiste a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a cheannach. Déantar amúchadh ar na fáltais de réir na dímheasa ar na sócmhainní seasta atá i gceist.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Suim infhaighte ón Phríomh-Chiste | 8 | 31,309,880 | 30,859,089 |
| Ioncam eile | 9 | 1,081,779 | 1,024,464 |
| Aistriú (go)/ó an cuntas caipitil | 5 | (46,724) | 70,845 |
| | | 32,344,935 | 31,954,398 |
| **Caiteachas** | | | |
| Caiteachas | 1 | (26,488,193) | (24,442,451) |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha Glan | 7(i) | (2,922,053) | (7,511,947) |
| | | (29,410,246) | (31,954,398) |
| Ioncam/(Caiteachas) glan don bhliain roimh aistriúcháin go cúlchistí | | 2,934,689 | NÁID |
| Cúlchiste Pinsin Shochair Shainithe | 7(i) | (2,934,689) | NÁID |
| Ioncam/(Caiteachas) glan don bhliain | | NÁID | NÁID |

# Ráiteas faoi na Gnóthacháin agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam glan aistrithe go Cúlchiste Phinsin Shochair Shainithe | 7(i) | 2,934,689 | NÁID |
| Gnóthachain/(Caillteanas) Achtúireach a aithnítear le Dliteanais/Sócmhainn Pinsin | 7(c) | (492,000) | 1,965,000 |
| Athrú sa Maoiniú Iarchurtha ar Phinsin | | NÁID | (1,965,000) |
| Gnóthachain/(Caillteanas) Iomlán don bhliain | | 2,442,689 | NÁID |



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgid seo na Nótaí ar leathanaigh 53 go dtí 58.

# Clár Comhardaithe

31 Nollaig 2007

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Seasta | 2 | 1,625,400 | 1,578,676 |
| **Sócmhainní Airgeadais** | 11 | 25 | 25 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 122,345 | 206,569 |
| Féichiúnaithe | 3 | 3,704,016 | 4,333,035 |
| **Iomlán Sócmhainní Reatha** | | 3,826,361 | 4,539,604 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe | 4 | 3,826,361 | 4,539,604 |
| **Sócmhainní Reatha Lúide Dliteanais Reatha** | | - | - |
| Iomlán Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha roimh phinsin | | 1,625,425 | 1,578,701 |
| Maoiniú Pinsin iarchurtha | 7(g) | - | 2,922,053 |
| Sócmhainn / (Dliteanas) Pinsin | 7(c) | 2,442,689 | (2,922,053) |
| | | 2,442,689 | - |
| **Iomlán Sócmhainní Lúide Dliteanais Reatha** | | **4,068,114** | **1,578,701** |
| **Mar léiriú ar:** | | | |
| Cuntas caipitil | 5 | 1,625,425 | 1,578,701 |
| Cúlchiste Phinsin Shochair Shainithe | 7(h) | 2,442,689 | - |
| | | 4,068,114 | 1,578,701 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgid seo na Nótaí ar leathanaigh 53 go dtí 58.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Caiteachas

| | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 € | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 € |
|---|---|---|
| Tuarastail | 16,352,802 | 13,798,434 |
| Costas bliantúil Pinsean Sochair Shainithe (CTA 17, Nóta 7(f)) | 915,000 | 1,581,000 |
| Costais Phinsin CCSP (nóta 6) | 475,411 | 340,239 |
| Costais bhunaithe | 1,697,878 | 2,048,072 |
| Costais oibriúcháin | 6,351,608 | 5,925,512 |
| Dímheas (nóta 2) | 695,494 | 749,194 |
| Iomlán costas | 26,488,193 | 24,442,451 |

## 2. Sócmhainní Seasta

| | Maoin Talún € | Troscán, Trealamh & Mótarfheithiclí € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Cost:** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2007 | 1,337,243 | 4,585,781 | 5,923,024 |
| Breiseanna ar an gcostas | 63,795 | 688,423 | 752,218 |
| Diúscairt | - | (748,200) | (748,200) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2007 | 1,401,038 | 4,526,004 | 5,927,042 |
| **Dímheas carnaithe:** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2007 | 983,967 | 3,360,381 | 4,344,348 |
| Dímheas i rith na tréimhse | 70,052 | 625,442 | 695,494 |
| Diúscairt | - | (738,200) | (738,200) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2007 | 1,054,019 | 3,247,623 | 4,301,642 |
| Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2007 | 347,019 | 1,278,381 | 1,625,400 |
| Leabharluach glan ar an 31 Nollaig 2006 | 353,276 | 1,225,400 | 1,578,676 |

Mar seo a leanas ré fónaimh measta na sócmhainní seasta a dtagraítear dó agus dímheas á ríomh:

| | |
|---|---|
| Maoin talún | 20 bliain |
| Trealamh & Mótarfheithiclí | 2 to 5 bliain |
| Troscán | 10 bliain |

Tá an mhaoin ar léas faoi léas fadtéarmach, atá faoi réir ag athbhreithnithe cíosa. €1,927,390 in aghaidh na bliana an cíos bliantúil reatha.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. Féichiúnaithe

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| An Príomh-Chiste | 2,327,072 | 1,915,625 |
| Réamhíocaíochtaí | 1,113,311 | 871,200 |
| Féichiúnaithe eile | 263,633 | 1,546,210 |
| | 3,704,016 | 4,333,035 |

## 4. Creidiúnaithe

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe | 208,462 | 1,039,876 |
| Fabhruithe | 3,617,899 | 3,499,728 |
| | 3,826,361 | 4,539,604 |

## 5. Cuntas Caipitil

| | | | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | | | 1,578,701 | 1,649,546 |
| Aistriú ó/(chuig) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | | |
| Maoiniú Sócmhainní | | | | |
| - Sócmhainní Seasta | | 752,218 | | |
| Amúchadh ar mhaoiniú caipitil | | | | |
| - Amúchadh de réir dímheasa | (695,494) | | | |
| - Suim ghlan a scaoileadh ar dhiúscairt sócmhainní | (10,000) | (705,494) | 46,724 | (70,845) |
| Iarmhéid deiridh | | | 1,625,425 | 1,578,701 |

Tá Sócmhainní Airgeadais de mhéid €25 san áireamh le hiarmhéid an chuntais chaipitil. Féach nóta 11 le haghaidh tuilleadh sonraí.

## 6. Aoisliúntas

Bronntar teidil aoisliúntais ar an bhfoireann faoi scéim aoisliúntais shochair shainithe a bunaíodh faoi Alt 8 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Is faoina chonradh fónaimh a chuirtear teidil an Phríomh-Fheidhmeannaigh ar fáil. Aistrítear ranníocaíochtaí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí na mball foirne a roghnaigh socruithe maidir le sochair chleithiúnaigh a dhéanamh, chuig ciste faoi bhainistíocht sheachtrach. Socraítear ranníocaíocht na Gníomhaireachta trí chomhairle ó achtúire neamhspleách agus tá sé socraithe faoi láthair ag 25% den phárolla. B'ionann ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus €6,771,742 (2006: €9,092,947) chuig an scéim shochair shainithe. Áiríodh leis an tsuim €6,771,742 seo ranníocaíocht €5mhilliún a cheadaigh an tAire Airgeadais.

Déantar foráil do dhliteanais a thagann chun cinn faoin scéim shochair shainithe faoi na socruithe thuas, ach amháin i gcás teidil a eascraíonn ó sheirbhís bhaill áirithe d'fhoireann GBCN a earcaíodh as réimsí eile den earnáil phoiblí. Ar an 7 Aibreán 1997 d'ainmnigh an tAire Airgeadais Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar eagraíocht cheadaithe chun críche Scéim na hEarnála Poiblí (Aistriú Seirbhíse). Foráltar de bharr an ainmniúcháin sin do, inter alia, ranníocaíochtaí a dhéanamh as an Státchiste, de réir agus nuair a bhíonn sochair dlite le híoc sa ghnáthbhealach, maidir le tréimhsí fónaimh roimhe seo ag iarstátseirbhísigh atá fostaithe ag an nGníomhaireacht. Níl aon soláthar déanta do mhaoiniú na híocaíochta ar theidil dá leithéid.

Rinne an Ghníomhaireacht ranníocaíochtaí €475,411 (2006: €340,239) freisin le Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP) do roinnt fostaithe nach baill den scéim shochair shainithe iad sa bhliain 2007.

## 7. Sochair Scoir

### (a) Scéim Phinsin Sochair Shainithe

Bunaíodh an luacháil ar an scéim shochair shainithe chun críche nochtadh CTA17 ar shonraí a chuir Riarthóir na Scéime ar fáil. Tá sé leasaithe ag achtúire neamhspleách i bhfianaise choinníollacha CTA17 d'fhonn na dliteanais ar dháta an Chláir Chomhardaithe a mheas. Luaitear sócmhainní na scéime ar luach an mhargaidh ar dháta an Chláir Chomhardaithe.

Seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais ar ríomhadh na dliteanais scoir faoi CTA 17 dá réir:

| | Ar 31/12/2007 | Ar 31/12/2006 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 5.50% | 4.60% |
| Ráta boilscithe | 2.25% | 2.25% |
| Arduithe tuarastail | 4.50% | 4.25% |
| Arduithe pinsin | 2.25% / 4.50% | 2.25% / 4.25% |

### (b) Luach an Mhargaidh ar an Scéim Phinsin

B'ionann luach an mhargaidh ar shócmhainní na scéime pinsin, an ráta measta maidir le toradh agus dliteanais na scéime agus:

| | An 31 Nollaig 2007 | | An 31 Nollaig 2006 | |
|---|---|---|---|---|
| | Toradh Measta | Luach an €'000 | Toradh Measta | Luach an €'000 |
| Gnáthscaireanna | 7.30% | 26,881 | 6.90% | 25,533 |
| Bannaí | 4.30% | 7,780 | 3.90% | 1,472 |
| Maoin Talún | 6.30% | 1,556 | 5.90% | 1,258 |
| Eile | 4.00% | 6,883 | 4.00% | 7,981 |
| Iomlán luach an mhargaidh ar na sócmhainní | | 43,100 | | 36,244 |
| Luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | | (40,657) | | (39,166) |
| Farasbarr/(easnamh) sa scéim phinsin | | 2,443 | | (2,922) |
| Sócmhainn/(Dliteanas) pinsin glan | | 2,443 | | (2,922) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 7. Sochair Scoir (ar lean)

**(c) Athrú san Fharasbarr/(Easnamh) i rith na bliana.**

| | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Farasbarr/(Easnamh) ag tús na bliana | (2,922) | (12,399) |
| Costas fónaimh reatha | (1,315) | (1,376) |
| Ranníocaíochtaí | | |
| - Maoiniú chun easnamh a íoc | 3,837 | 9,093 |
| - Maoiniú aistrithe go dtí an Cúlchiste Pinsin | 2,935 | - |
| Costais airgeadais eile (Nóta 7(f)) | 400 | (205) |
| Gnóthachain/(caillteanas) achtúireach | (492) | 1,965 |
| Farasbarr/(Easnamh) ag deireadh na bliana | 2,443 | (2,922) |

**(d) Imréiteach luach cóir na sócmhainní scéime le linn na bliana**

| | 2007 €'000 | 2006 €'000 |
|---|---|---|
| Luach cóir na Sócmhainní Scéime ag tús na bliana | 36,244 | 23,598 |
| Toradh measta | 2,265 | 1,391 |
| Ranníocaíochtaí fhostóirí | 6,772 | 9,093 |
| Ranníocaíochtaí baill | 232 | 568 |
| Gnóthachain acthúireacha | (2,126) | 1,895 |
| Sochair a íocadh agus costais | (287) | (301) |
| Luach cóir na Sócmhainní Scéime ag deireadh na bliana | 43,100 | 36,244 |

**(e) Stair na nGnóthachan agus na gCaillteanas Achtúireach**

| | 2007 €'000 | 2006 €'000 | 2005 €'000 | 2004 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Difríocht idir an toradh iarbhír agus an toradh measta ar shócmhainní na scéime | (2,126) | 1,895 | 1,887 | 252 |
| Arna lua mar % de shócmhainní na scéime | -4.9% | 5.2% | 8.0% | 1.5% |
| | | | | |
| Gnóthachan nó caillteanas ó thaithí ar dhliteanais na scéime | (610) | (221) | (1,054) | (842) |
| Arna lua mar % de shócmhainní na scéime | -1.6% | -0.6% | -2.9% | -2.9% |
| | | | | |
| Iomlán na nGnóthachán agus na gCaillteanas Achtúireach | (492) | 1,965 | (2,341) | (3,133) |
| Arna lua mar % de dhliteanais na scéime | -1.2% | 5.0% | -6.5% | -10.6% |
| | | | | |
| Luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | 40,657 | 39,166 | 35,997 | 29,486 |
| Sócmhainní Scéime | 43,100 | 36,244 | 23,598 | 16,598 |
| | | | | |
| Farasbarr nó (easnamh) na Scéime | 2,443 | (2,922) | (12,399) | (12,888) |

## 7. Sochair Scoir (ar lean)

**(f) Anailís ar an Muirear Pinsin agus Ranníocaíochtaí leis an Scéim**

| | | |
|---|---|---|
| Costas Fónaimh Reatha | | 1,315,000 |
| Ús ar dhliteanais na Scéime | 1,865,000 | |
| Toradh measta ar shócmhainní na scéime | (2,265,000) | |
| Costais Airgeadais eile | | (400,000) |
| Muirear Ioncam agus Caiteachas na bliana (Nóta 1) | | 915,000 |

**(g) Sócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin**

Áiríonn GBCN sócmhainn maidir leis an easnamh sa scéim shochair shainithe de réir roinnt imeachtaí san am a caitheadh. I measc na n-imeachtaí sin tá an bonn reachtúil le bunú na scéimeanna aoisliúntais agus an polasaí agus an cleachtas atá i réim faoi láthair maidir le maoiniú ar phinsin na seirbhíse poiblí. Níl aon fhianaise ag GBCN a thabharfadh le fios nach leanfaidh an polasaí maoinithe sin ag fónamh do shuimeanna dá shórt de réir an chleachtais reatha.

**(h) Cúlchiste Pinsin Shochair Shainithe**

Léiríonn an Chúlchiste Pinsin Shochair Shainithe an farasbarr maoiniú ar dhliteanais scéime ag 31 Nollaig 2007 mar a tomhaiseadh le haghaidh cuspóir CTA17.

**(i) Maoiniú Iarchurtha Glan na Cúlchiste Pinsin Shochair Shainithe don bhliain**

| | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---|---|
| Maoiniú atá inaisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha (nóta 7(c)) | 915,000 | 1,581,000 |
| Ioncaim a cuireadh i bhfeidhm maidir le ranníocaíochtaí leis an chiste pinsin (nóta 7(c) | (6,771,742) | (9,092,947) |
| | (5,856,742) | (7,511,947) |
| Aistriú go dtí an Chúlchiste Pinsin Shochair Shainithe | 2,934,689 | NÁID |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha Glan | (2,922,053) | (7,511,947) |

Léiríonn an méid a aistríodh go dtí an Chúlchiste Pinsin Shochair Shainithe ranníocaíochtaí leis an gciste thar an méid a bhí de dhíth chun an táille phinsin Shochair Shainithe a áiríodh don bhliain a íoc chomh maith le heasnamh an chiste ag tús na bliana.

## 8. Ioncam an Phríomh-Chiste

(a) Is ar bhonn fáltais agus íocaíochtaí a fheidhmíonn an lárchiste, ach is ar bhonn fabhraithe a ullmhaíodh na cuntais seo. Réitítear idir na figiúirí sin mar seo a leanas;

| | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---|---|
| Suim iníoctha ón bPríomh-Chiste ag tús na bliana (nóta 3) | (1,915,625) | (833,214) |
| Faighte ón bPríomh-Chiste | 30,898,433 | 29,776,678 |
| Suim iníoctha ón bPríomh-Chiste ag deireadh na bliana (nóta 3) | 2,327,072 | 1,915,625 |
| Suim infhaighte ón bPríomh-Chiste don bhliain | 31,309,880 | 30,859,089 |

(b) Seo a leanas an tsuim iomlán a aithnítear a bheith (iníoctha leis)/inaisghabhála ón bPríomh-Chiste:

| | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe (nóta 3) | 2,327,072 | 1,915,625 |
| Maoiniú Pinsin iarchurtha (nóta 7(g)) | NÁID | 2,922,053 |
| | 2,327,072 | 4,837,678 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 9. Ioncam Eile

| | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 € | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 € |
|---|---|---|
| Ioncam faoi Chumhdach Sócmhainne | 664,094 | 620,214 |
| Comhairleoireacht agus ioncam eile | 417,685 | 404,250 |
| | 1,081,779 | 1,024,464 |

Is ioncam a fhaigheann GBCN ina ról faoin Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001 é ioncam faoi Chumhdach Sócmhainne.

## 10. Costais GBCN mar Bhainisteoir

€6.8 milliún (2006: €5.8 milliún) na costais a thabhaigh GBCN mar Bhainisteoir ar an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin. €4.4 milliún (2006: €3.1 milliún) na costais a thabhaigh an GBCN chun a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh maidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais. Tá na costais seo san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## 11. Sócmhainní Airgeadais

Chuaigh an Ghníomhaireacht le TARGET i rith na bliana 1999, córas socraíochta fíor-ama arna riaradh ag IRIS Ltd. Úsáidtear an córas chun idirbhearta euro a shocrú tríd an gCóras Eorpach Banc Ceannais. Bhí ar an nGníomhaireacht, mar choinníoll leis an mballraíocht 20 gnáthscair IR£1 (€1.27) a cheannach ar an gcothrom.

## 12. Faisnéis Chomparáideach

Athraíodh cur i láthair chostais agus maoiniú phinsin shochair shainithe le linn 2007 agus athshonraíodh na figiúirí comparáideacha do 2006 ar bhonn comhsheasmhach.

# Ráitis Airgeadais an Chiste um Banc Taisce an Phoist

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 60 |
| Polasaithe Cuntasaíochta | 61 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 62 |
| Clár Comhardaithe | 63 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 64 - 66 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Chiste Bhainc Taisce an Phoist don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara.

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Chiste, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí Chiste Bhainc Taisce an Phoist ag 31 Nollaig 2007 agus ar a ioncam agus chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**John Buckley**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Buneolas

Déanann an tAire Airgeadais ráthaíocht ar aisíocaíocht agus ar fhónamh don airgead a infheistíonn taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist. Tarchuireann An Post glantoradh na hinfheistíochta sin chuig an nGníomhaireacht. Ní cuid den Státchiste é an Ciste um Banc Taisce an Phoist. Seo a leanas príomhchuspóirí an chiste: -

- infheistíocht a dhéanamh ar an airgead a chuireann taisceoirí ar fáil, agus
- gníomhú mar idirghabhálaí trínar féidir leis an nGníomhaireacht idirbhearta tráinseála, cealaithe, díolacháin agus athcheannacháin a dhéanamh chomh maith le trádáil ar mhargaí tánaisteacha, agus
- ciste a chur ar fáil faoi na Seirbhísí Lárnacha Cisteáil do chomhlachtaí stáit sonraithe.

Seo a leanas polasaithe cuntasaíochta insuntais de chuid an chiste:-

## Airgeadra Tuairisceáin

Is é an EURO an t-airgeadra tuairisceáin agus is í an tsiombail € is sainchomhartha dó.

## Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

## Infheistíochtaí

Luaitear infheistíochtaí ar a gcostas.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| Ioncam Infheistíochta | 1 | 44,780,243 | 40,384,190 |
| Ús íoctha agus iníoctha | 2 | 10,755,284 | 15,459,699 |
| Costais eile | 3 | 34,601,721 | 25,000,000 |
| | | 45,357,005 | 40,459,699 |
| | | (576,762) | (75,509) |
| Iarmhéid ag tús na bliana | | 9,628,413 | 9,703,922 |
| Iarmhéid ag deireadh na bliana | | 9,051,651 | 9,628,413 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais na nótaí ar leathanaigh 64 go dtí 66.

# Clár Comhardaithe

31 Nollaig 2007

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | 4 | 1,162,770,071 | 1,161,931,688 |
| Infheistíochtaí i mBannaí | 5 | 99,787,041 | 73,659,785 |
| Féichiúnaithe | 7 | 7,742,936 | 4,406,483 |
| Iasachtaí Lárchiste | | 34,222,893 | 35,077,827 |
| Páipéar Tráchtála | 10 | 7,000,000 | 252,806,018 |
| Airgead Tirim | | 2,648,260 | 33,223,034 |
| | | 1,314,171,201 | 1,561,104,835 |
| **Dliteanais** | | | |
| Taiscí Bhanc Taisce an Phoist | 8 | 1,302,296,033 | 1,542,742,671 |
| Creidiúnaithe | 9 | 2,823,517 | 8,733,751 |
| Cúlchistí Fabhraithe | | 9,051,651 | 9,628,413 |
| | | 1,314,171,201 | 1,561,104,835 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais na nótaí ar leathanaigh 64 go dtí 66.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Ioncam Infheistíochta

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Ús a fuarthas agus atá infhaighte | 48,699,196 | 43,441,032 |
| Brabús/(Caillteanas) ar infheistíochtaí a dhíol | (3,918,953) | (3,056,842) |
| | 44,780,243 | 40,384,190 |

## 2. Ús Íoctha agus Iníoctha

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Ús a íocadh agus a cuireadh chun sochair taisceoirí Bhanc Taisce an Phoist | 10,755,284 | 15,459,699 |
| | 10,755,284 | 15,459,699 |

## 3. Costais eile

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Costais bhainistíochta | 34,601,721 | 25,000,000 |
| | 34,601,721 | 25,000,000 |

Íoctar costais bhainistíochta le An Post i ndáil le riarachán Bhanc Taisce an Phoist. Siocair socrú leis an bPost faoi chomhaontas táillí athbhreithnithe, tá €5.7 milliún maidir le tréimhse feidhmíochta na gCuntas Speisialta Dreasachta Coigiltis ó bhí 2001 ann san áireamh le costais bhainistíochta 2007.

## 4. Réamhíocaíochtaí

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí leis an Státchiste | 1,157,188,951 | 1,160,350,569 |
| Réamhíocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 5,581,120 | 1,581,119 |
| | 1,162,770,071 | 1,161,931,688 |

Léiriú iad na réamhíocaíochtaí ar chistí mhodhanna agus mheáin a tugadh ar iasacht don Státchiste agus don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

## 5. Infheistíochtaí

| Bannaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Ar a gcostas | 99,787,041 | 73,659,785 |
| Ar luach an mhargaidh | 98,675,212 | 73,059,739 |

**Sceideal an tSealúchais Infheistíochta:**

| Ainmiúil € | Stoc | Costas € |
|---|---|---|
| 296,276 | Banna Státchiste 6% 2008 | 308,999 |
| 24,590 | Stoc Caipitil 8.25% 2008 | 28,600 |
| 2,168,142 | Banna Státchiste 3.25% 2009 | 2,144,940 |
| 3,288,485 | Banna Státchiste 4% 2010 | 3,291,216 |
| 43,015 | Stoc Caipitil 8.5% 2010 | 55,216 |
| 26,000 | Stoc Caipitil 8.75% 2012 | 31,761 |
| 29,129,143 | Banna Státchiste 5%2013 | 30,451,713 |
| 83,460 | Banna Státchiste 8.25% 2015 | 107,271 |
| 26,000,000 | Banna Státchiste 4.5% 2018 | 26,298,283 |
| 19,332,597 | Banna Státchiste 4.6% 2016 | 19,835,691 |
| 17,000,000 | Banna Státchiste 4.5% 2020 | 17,233,351 |
| 97,391,708 | | 99,787,041 |

## 6. Comhaontuithe Díolacháin agus Athcheannacháin

Déantar comhaontuithe Díolacháin agus Athcheannach a fheidhmiú idir an Ciste um Banc Taisce an Phoist agus príomhdhéileálaithe mhargadh na mbannaí. Léirítear an t-ioncam a bhaineann leis sin nó an costas úis a eascraíonn ó na hidirbhearta sin san ioncam infheistíochta sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## 7. Féichiúnaithe

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Díbhinní agus Ús Infhaighte | 4,726,160 | 4,406,483 |
| Socraíochaí Bannaí amuigh | - | - |
| Iarmhéideanna in airgead tirim i seilbh An Post | 3,016,776 | - |
| | 7,742,936 | 4,406,483 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 8. Taiscí Bhanc Taisce an Phoist

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Taiscí ó Bhanc Taisce an Phoist | 1,302,296,033 | 1,542,742,671 |
| | 1,302,296,033 | 1,542,742,671 |

In Aibreán 2007 aistríodh €1, 474,868 (2006: €1,374,895) as an gCiste um Banc Taisce an Phoist go dtí Ciste na gCuntas Díomhaoin faoi Acht na gCuntas Díomhaoin 2001. Ar an 31 Nollaig 2007 tar éis athoibriú cuntas de €518,595 (2006: €480,722) agus ús (glan ar Cháin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce) caipitlithe de €108,944, bhí iarmhéid €28,248,136 (2006: €27,182,919) dlite do Thaisceoirí as Ciste na gCuntas Díomhaoin. Níl an dliteanas sin maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin san áireamh leis an bhfigiúr €1,302,296,033 (2006: €1,542,742,671) na ndliteanas maidir le Taiscí ó Bhanc Taisce an Phoist.

## 9. Creidiúnaithe

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cistí glan dlite faoi Chomhaontuithe Díolacháin agus Athcheannacháin | 1,743,579 | 3,103,062 |
| Socraíochtaí maidir le Bannaí amuigh | - | 5,417,386 |
| Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce (DIRT) dlite do An Post | 998,718 | 141,669 |
| Costais Bhainistíochta dlite do An Post | 81,220 | - |
| Fuílligh airgid dlite do An Post | - | 71,634 |
| | 2,823,517 | 8,733,751 |

## 10. Páipéar Tráchtála

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Páipéar Tráchtála GAT | - | 236,806,018 |
| Billí idirghabhála um Earraí Talmhaíochta | 7,000,000 | 16,000,000 |
| | 7,000,000 | 252,806,018 |

Cheannaigh an Ciste um Banc Taisce an Phoist Páipéar Tráchtála gearrthéarmach arna eisiúint ag Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe (GAT) na hÉireann agus Billí Idirghabhála um Earraí Talmhaíochta arna eisiúint ag an Aire Talmhaíochta agus Bia mar infheistíocht.

# Ráitis Airgeadais don Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007



# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanaigh 42 agus 43 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.

**John Buckley**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

# An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

(An tAcht Airgeadais, 1950 Alt 22 (Uimh. 18 de 1950 arna leasú))

| Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí | | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2007 | | 834,012 |
| **Fáltais** | | |
| Suimeanna a fuarthas ón bPríomh-Chiste faoin Acht Airgeadais 1950, Alt 22 arna leasú:: | | |
| - Ús | 1,360,230,040 | |
| - Ciste Fiachmhúchta | 465,571,111 | 1,825,801,151 |
| Suimeanna a fuarthas faoin Acht Airgeadais 1988 [A 67 (8)] | | 294,555,058 |
| Ús taisce a fuarthas | | 194,840,312 |
| Ús eile a fuarthas | | 3,897 |
| | | 2,316,034,430 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Suimeanna i bhfeidhm maidir le fuascailt an Fhiachais Náisiúnta: : | | |
| Bannaí Rialtais na hÉireann arna liostú ar Stocmhalartán na hÉireann | 465,571,111 | 465,571,111 |
| Suimeanna i bhfeidhm maidir le fónamh don ús ar an bhFiachas Náisiúnta (nóta 2) | | 1,366,026,981 |
| Suimeanna i bhfeidhm maidir le dliteanais faoin Acht Airgeadais 1970, [A 54 (7)] | | 483,594,863 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2007 | | 841,475 |
| | | 2,316,034,430 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Bunaíodh an cuntas seo faoi Alt 22 an Achta Airgeadais 1950.

**Blianachtaí**

Déantar foráil san Acht Airgeadais gach bliain do bhlianachtaí a íoctar isteach sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla as an ioncam reatha arna ghearradh ar an bPríomh-Chiste. Is féidir suim shocraithe chur i leith an fhónaimh (íocaíochtaí úis) don fhiachas poiblí. Ní mór an fuílleach a chur i leith aisíocaíochtaí príomhshuime.

**Iasachtaí Bhainistíocht Airgid**

Is féidir leis an Aire Airgeadais idirbhearta a dhéanamh de chineál gnáthbhaincéireachta faoi alt 54 den Acht Airgeadais, 1970 (arna leasú ag alt 118, an tAcht Airgeadais 1983, alt 67, an tAcht Airgeadais, 1988 agus alt 15 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.)

Áirítear ar idirbhearta de chineál gnáthbhaincéireachta gníomhartha bainistíochta punainn nach mbaineann le hiasachtaí príomhshuime m.sh. réamh-mhargaí malairte, babhtáil agus ús ar thaiscí. Ní foláir fáltais ó idirbhearta den saghas sin, ach amháin idirbhearta in airgeadra nach bhfuil cuntas imréitigh airgeadra eachtraigh bunaithe ina leith faoi Alt 139 den Acht Airgeadais 1993, a thabhairt isteach sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Is féidir suimeanna dá leithéid a úsáid chun íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a dhéanamh maidir le gnáth-idirbhearta baincéireachta nó chun ús agus costais maidir leis an bhfiachas poiblí a íoc. Coinníonn an Ghníomhaireacht iarmhéid iarbhír an chuntais ag leibhéal a bhíonn faoi réir threoirlínte a eisíonn an tAire Airgeadais faoi alt 4(4) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

## 2. Suimeanna i bhfeidhm ag fónamh don ús ar an bhFiachas Náisiúnta:

| | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 |
|---|---|
| 2007 | 22,553,575 |
| Banna Státchiste 6% 2008 | 1,784,884 |
| Stoc Caipitil 8.25% 2008 | 98,126 |
| Banna Státchiste 3.25% 2009 | 164,122,580 |
| Banna Státchiste 4% 2010 | 32,450,360 |
| Stoc Caipitil 8.5% 2010 | 767,076 |
| Stoc Caipitil 8.75% 2012 | 2,773,805 |
| Banna Státchiste 5% 2013 | 301,751,600 |
| Banna Státchiste 8.25% 2015 | 666,825 |
| Banna Státchiste 4.6% 2016 | 264,323,374 |
| Banna Státchiste 4.5% 2020 | 318,665,433 |
| Ús Mionchoigiltis | 246,774,404 |
| Iasachtaí Bhainistíocht Airgid | 3,317,471 |
| Cláir Pháipéir Tráchtála | 3,498,000 |
| Nótaí Alt 69 | 364,519 |
| Nótaí na Státchiste | 444,008 |
| Eisiúintí Shiocair Babhtála | 1,670,682 |
| Costais | 259 |
| Iomlán | 1,366 |

* Iasachtaí nó bannaí iad na hEisiúintí Shiocair Babhtála a eisítear in airgeadra eachtrach agus a ndéantar an sreabhadh airgid uathu a mhalartú go dtí airgeadra eile le bearta babhtála struchtúrtha idir airgeadraí

# Ráitis Airgeadais do Chuntas Luath-ús na nIasachtaí Náisiúnta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007



# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanach 45 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.



**John Buckley**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

# Cuntas Luath-ús na nIasachtaí Náisiúnta

| **Account of Receipts and Payments** | **An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 €** |
|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2007 | 8,849,929 |
| Ús fabhraithe a fuarthas mar gheall ar Iasachtaí Náisiúnta | |
| - Tráinsí agus Ceantanna | 4,999,726 |
| Ús fabhraithe a íocadh mar gheall ar Iasachtaí Náisiúnta | (8,849,929) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2007 | |
| - Airgead Tirim le Banc Ceannais na hÉireann | 4,999,726 |

## Nóta leis an gCuntas

Eisíonn nó cealaíonn an Ghníomhaireacht ó am go ham sciaranna de Bhannaí reatha Rialtas na hÉireann. Déantar sin trí dhíolachán nó trí cheannachán ag an gCiste um Banc Taisce an Phoist agus socraíocht ina dhiaidh sin leis an Státchiste. Tugtar san áireamh le gné an úis fhabhraithe den tsuim socraíochta i gcás gach idirbheart banna go mbíonn díbhinn iomlán le híoc leis an úinéir cláraithe sa chás go mbítear i seilbh bhanna ar an dáta ex-díbhinne. Is é cuspóir atá leis an gcuntas seo go gcúiteodh an Ciste um Banc Taisce an Phoist an Státchiste as gné neamhthuillte na díbhinne a d'eascródh as tráinseáil bhannaí cum-díbhinne nó as cealú bhannaí ex-díbhinne. Úsáidtear na suimeanna sin ina dhiaidh sin chun na costais a bhíonn ar an Státchiste ag fónamh dó seo a thabhairt isteach.



**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

# Ráitis Airgeadais do Chuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Réitithe)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanaigh 47 agus 48 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.

**John Buckley**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

# Cuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Réitithe)

| Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí | Nóta | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2007 | | 3,815,945 |
| Fáltais ón Státchiste | 1 | 0 |
| Fáltais as Cuntas Fionraí an Bhanc Ceannais | | 171,378 |
| Íocaíochtaí le Cuntas Fionraí an Bhanc Ceannais | | (120,249) |
| Íocaíochtaí maidir le fuascailt Iasachtaí Náisiúnta | 2 | (386,548) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2007 | | |
| - Airgead Tirim le Banc Ceannais na hÉireann | | 3,480,526 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

# Nótaí leis an gCuntas

## 1. Cuspóir an Chuntais

Nuair a bhíonn dlite Iasacht Náisiúnta a fhuascailt, bíonn an méid iomlán atá ag seasamh amach le híoc le sealbhóirí iasachta. Aistrítear aon suim nár éilíodh faoin dáta fuascailte isteach sa chuntas seo le híocaíocht ón Státchiste. Tá fuíllígh sa chuntas seo chomh maith maidir le híocaíochtaí fuascailte nár sóinseáladh a bhiodh́ i seilbh an Bhanc Ceannais agus na Roinne Airgeadais ina nGníomhairí Íocaíochta dóibh agus a aistríodh chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Déantar soláthar ón gcuntas d'aon éileamh a dhéantar ina dhiaidh seo.

## 2. Iasachtaí Náisiúnta a fuasclaíodh i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2007

| | |
|---|---|
| Stoc Státchiste 7% 1975 | 1,016 |
| Iasacht Náisiúnta 4.25% 1975/80 | 635 |
| Iasacht Chistiúcháin 11% 1978 | 202 |
| Iasacht Náisiúnta 4.5% 1973/78 | 26 |
| Stoc Comhshóite 9% 1980-82 | 1,651 |
| Stoc Státchiste 6% 1985/90 | 16,888 |
| Iasacht Náisiúnta 14% 1985/90 | 254 |
| Iasacht Náisiúnta 6.75% 1986/91 | 127 |
| Iasacht Náisiúnta 7% 1987/92 | 2,666 |
| Iasacht Náisiúnta 9.25% 89/94 | 1,270 |
| Iasacht Státchiste 9.25% 91/96 | 2,539 |
| Iasacht Náisiúnta 11% 1993-98 | 635 |
| Iasacht Forbartha 11.5% 97/99 | 635 |
| Stoc Státchiste 6.5% 00/05 | 42,619 |
| Banna Státchiste 6.25% 2004 | 124,638 |
| Banna Státchiste 3.5% 2005 | 26,648 |
| Banna Státchiste 8% 2006 | 94,097 |
| Stoc Caipitil 9% 2006 | 70,002 |
| | 386,548 |



# Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní Nár Éilíodh)

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanaigh 78 agus 79 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.

**John Buckley**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

# Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní Nár Éilíodh)

| Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí | Note | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2007 | | 1,727,608 |
| Fáltais ó dhíbhinní neamhéilithe | | 19,225 |
| Íocaíocht mar gheall ar dhíbhinní neamhéilithe 2 | 2 | (10,075) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2007 | | |
| - Airgead Tirim le Banc Ceannais na hÉireann | 1 | 1,736,758 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

# Nótaí leis an gCuntas

## 1. Cuspóir an Chuntais

Nuair atá díbhinn dlite ar dhliteanas lasachta, íocann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta an tsuim iomlán atá dlite leis an nGníomhaire Íocaíochta agus eisítear ina dhiaidh sin leis na sealbhóirí cláraithe é. Léiriú iarmhéid an chuntais seo ar dhíbhinní ar iasachtaí atá tagtha chun aibíochta, nach bhfuil éilithe ag na sealbhóirí cláraithe agus a chuir an Gníomhaire Íocaíochta ar ais go dtí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Bíonn fuílleach an chuntais ar fáil chun fónamh d'éilimh ar na díbhinní seo a thiocfadh san am atá ag teacht. Coimeádann an Gníomhaire Íocaíochta cúlchnap, thar ceann Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a úsáideann sé chun fónamh d'éilimh faoi mar a thagann siad chun cinn i rith na bliana.

## 2. Díbhinní Neamhéilithe a íocadh i rith na bliana

| | € |
|---|---|
| Bannaí Rialtais na hÉireann arna gclárú le Banc Ceannais na hÉireann | 10,075 |
| Bannaí eachtracha faoi riarachán an Ghníomhaire Íocaíochta | 0 |
| | 10,075 |

# Ráitis Airgeadais Chuntas Infheistíochta Airgead Taisce

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanach 82 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus ar an iarmhéid ag an dáta sin.

**John Buckley**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

## Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce

| **Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí** | **An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 €** |
|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2007 | 792,104,000 |
| Airleacain Mhodhanna agus Mheán arna n-íoc leis an Státchiste | 13,842,908,000 |
| Airleacain Mhodhanna agus Mheán arna n-aisíoc ón Státchiste | (14,004,781,000) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2007 | |
| - Airleacain Mhodhanna agus Mheán leis an Státchiste | 630,231,000 |

## Nóta leis an gCuntas

Taifeadtar sa chuntas seo na hiasachtaí agus na haisíocaíochtaí ar chistí farasbairr arna gcoimeád i gCuntas Soláthair an Phámháistir Ginearálta.

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

# Ráitis Airgeadais an Chuntais um Stoc a Ghlactar mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus Dleachtanna Báis

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007



# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanaigh 85 agus 86 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.

**John Buckley**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

# An Cuntas um Stoc a Ghlactar mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus Dleachtanna Báis

| **Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí** | | **An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 €** |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2007 | | NÁID |
| Fáltais | | |
| Ús a fuarthas ar shealúchas stoic | NÁID | |
| Fáltais ó fhuascailt stoic | NÁID | |
| | | |
| Íocaíochtaí | | |
| Íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim as luach an stoic a aistríodh go dtí an tAire Airgeadais | | |
| - Ainmniúil | NÁID | |
| - Ús | NÁID | |
| Aisíocaíocht leis an Státchiste | | NÁID |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2007 | | NÁID |
| | | |
| **Cuntas Stoic** | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2007 | | NÁID |
| Athrú na bliana | | |
| Méid ainmniúil stoic a aistríodh go dtí an tAire Airgeadais | NÁID | |
| Méid ainmniúil stoic a fuasclaíodh | NÁID | |
| | | NÁID |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2007 | | NÁID |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

# Nótaí leis an gCuntas

## 1. Cuspóir an Chuntais

Is feithicil an cuntas seo a bunaíodh faoin Acht Airgeadais 1954, arna leasú ag an Acht um Cháin Fháltas Caipitiúil 1976, chun plé le Bannaí Rialtais ainmnithe áirithe a ghlacann na Coimisinéirí Ioncaim ar an aghaidhluach in ionad dleachtanna báis. Faigheann na Coimisinéirí Ioncaim Bannaí Rialtais na hÉireann agus aistríonn siad chuig an Aire Airgeadais iad. Cuirtear ar ceal ansin iad agus tugtar an fáltas (ar luach an mhargaidh) san áireamh. Déantar aon gannchion idir sin agus a bhfuil dlite do na Coimisinéirí Ioncaim (ar an aghaidhluach) a shásamh as an Státchiste agus íoctar na Coimisinéirí Ioncaim in iomláine.

## 2. Cuntas Stoic

Déantar taifead sa chuntas stoic ar idirbhearta ar an luach cothrom ainmniúil. Aon fhuílleach a bhíonn sa chuntas seo, baineann sé le bannaí i seilbh an Aire Airgeadais chun dliteanas cánach maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim a scaoileadh nach bhfuil díolta fós ag an Aire.

# Ráitis Airgeadais an Chuntais um an gCúlchiste Mionchoigiltis

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007



## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá an cuntas ar leathanach 88 scrúdaithe agam. Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad agus a bhí ag teastáil uaim faighte agam.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas, a chomhaontaíonn leis na taifid chuntasaíochta arna gcoinneáil ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i leith na gníomhaíochta seo, léargas ceart ar idirbhearta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 agus ar an iarmhéid ar an dáta sin.

**John Buckley**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

## An Cúlchiste Mionchoigiltis

| Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí | An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 € |
|---|---:|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2007 | 581,742,740 |
| Fuarthas (íocadh) ó (leis) an Státchiste | (237,919,475) |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 200707** | **343,823,265** |
| | |
| Ús fabhraithe measta ar an 31 Nollaig 2007 | 779,795,837 |

Foráladh le halt 160 den Acht Airgeadais 1994 do chiste a bhunú ar a dtugtar an Cúlchiste Miontaiscí. Foráladh d'íoc €76 milliún isteach sa chiste i 1994 agus do na suimeanna sin, dá mba ann dóibh, gach bliain ina dhiaidh sin a shocródh an tAire Airgeadais. Sa chás in aon bhliain fhéilire ar bith go sáraíonn íocaíocht úis ar shoinseáil miontaiscí 11 faoin gcéad den ús fabhraithe ar choigilteas den chineál sin ag deireadh na bliana féilire díreach roimhe sin, is féidir acmhainní an chiste a chur i leith shásamh oiread de na híocaíochtaí úis sin agus a sháraíonn, mar chéatadán den ús fabhraithe iomlán sin thuas, 11 faoin gcéad. B'ionann an costas úis iarmhír don bhliain 2007 agus 20.28 faoin gcéad den ús fabhraithe ar an 31 Nollaig 2006 de €1,038m.

Aistrítear fuílleach an Chiste go dtí an Státchiste mar airleacain mhodhanna agus mheán inaisíoctha. Níor íoc an Státchiste aon ús ar airleacain dá leithéid.

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

# Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 90 |
| Polasaithe Cuntasaíochta | 91 |
| Cuntas an Ráitis Éilimh | 92 |
| Clár Comhardaithe | 93 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 94-95 |

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Éilimh Stáit don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 arna leasú ag an Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, Cuntas Ráiteas na nÉileamh, an Clár Comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara.

## Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Gníomhaireachta Éilimh Stáit, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Gníomhaireachta Éilimh Stáit ag 31 Nollaig 2007 agus ar a idirbhearta don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



**John Buckley**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Buneolas

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, rinneadh an bhainistíocht maidir le héilimh i gcoinne an Stáit mar gheall ar dhíobháil phearsanta agus dhamáiste do mhaoin agus leis na rioscaí ba bhun leis sin a tharmligean do GBCN. Nuair a bhítear ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin, Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) a thugtar ar GBCN.

Leagtar dhá aidhm amach don GÉS faoin Acht:

- Bainistíocht a dhéanamh maidir le héilimh d'fhonn cinntiú go gcoinnítear dliteanas an Stáit agus costais dlí agus eile a bhainfeadh leis ag an leibhéal is ísle is féidir; agus
- Seirbhísí comhairle maidir le riosca a chur ar fáil d'Údaráis Stáit d'fhonn laghdú le himeacht ama ar a mhinicí agus a dhéantar éilimh agus ar a ghéire agus a bhíonn siad.

I mí Feabhra 2003, rinneadh an bhainistíocht ar éilimh maidir le faillí chliniciúchta agus rioscaí a bhaineann leis faoin Scéim Slánaíochta Clinicíochta a tharmligean do Ghníomhaireacht Éileamh an Stáit. Bunaíodh an Scéim chun cuíchóiriú a dhéanamh maidir le socruithe slánaíochta leighis do bhoird sláinte, d'ospidéil agus do gníomhaireachtaí eile sláinte. Faoin Scéim, glacann an Stát freagracht iomlán slánaíocht in aghaidh éileamh maidir le faillí chlinicíochta agus leis an mbainistíocht orthu.

Seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta den suntas atá curtha i bhfeidhm: -

## Airgeadra Tuairisceáin

Is é an EURO an t-airgeadra tuairisceáin agus is í an tsiombail € is sainchomhartha dó.

## Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Baineann feidhmeanna na Gníomhaireachta leis an mbainistíocht ar éilimh thar ceann Údaráis Stáit ar a bhfuil dliteanas maidir le héilimh agus óna ndéanann an Ghníomhaireacht aisghabháil ar shuimeanna aon dhámhachtana agus aon chostas a bhaineann leo. Is margheall ar idirbhearta na Gníomhaireachta amháin a thuairiscítear sna ráitis airgeadais agus dá bhrí sin, ní luaitear suim ar bith maidir le luach na n-éileamh a bheadh ag seasamh amach.

## Caiteachas

Luaitear caiteachas ar dhámhachtainí agus costais maidir le héilimh a shocrú ar cheadú deimhnithe a fháil nó ar shocrú deimhnithe éilimh dá shórt. Luaitear lóisteáil leis an gcúirt mar chaiteachas thar cheann Údaráis Stáit ar dháta na lóisteála

## Suimeanna Infhaighte ó Údaráis Stáit

Luaitear suimeanna a bheith infhaighte ó Údaráis Stáit ag teacht leis an lua ar chaiteachas a bhaineann leis.

## Dliteanais Theagmhasacha Údarás Stáit

Ní luaitear suim ar bith sna cuntais seo maidir le luach teagmhasach aon éileamh a bheadh ag seasamh amach maidir le húdaráis stáit ós ag déanamh bainistíochta ar na héilimh thar ceann na n-údarás sin amháin a bhíonn an Ghníomhaireacht.

# Cuntas Ráitis na nÉileamh

**An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007**

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| Faighte agus infhaighte ó Údaráis Stáit maidir le héilimh agus costais | 1 | 27,016,579 | 22,550,753 |
| Costais a gabhadh ar ais ó Éilitheoirí | | 202,479 | 249,385 |
| | | 27,219,058 | 22,800,138 |
| Íoctha agus iníoctha maidir le Dámhachtainí | | 17,884,150 | 12,395,025 |
| Lóisteáil leis an gCúirt agus Íocaíochtaí Tairisceana | 2 | - | 168,319 |
| Costais Eile | 3 | 9,131,584 | 9,987,809 |
| Aisíocaíochtaí de chostais a aisghabhála le húdaráis Stáit | | 203,324 | 248,985 |
| | | 27,219,058 | 22,800,138 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 94 go dtí 95.

# Clár Comhardaithe

Ar an 31 Nollaig 2007

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| Féichiúnaithe | 4 | 6,797,266 | 1,598,189 |
| Airgead tirim | | 33,750 | 637,288 |
| | | 6,831,016 | 2,235,477 |
| **Liabilities** | | | |
| Iasachtaí ón gCiste um Banc Taisce an Phoist | 5 | 5,581,120 | 1,581,119 |
| Creidiúnaithe | 6 | 1,249,896 | 654,358 |
| | | 6,831,016 | 2,235,477 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 94 go dtí 95.

# Nótaí leis an gCuntas

## 1. Ioncam

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Fuarthas ó Údaráis Stáit | 20,225,947 | 20,959,997 |
| Infhaighte ó Údaráis Stáit | 6,790,632 | 1,590,756 |
| | 27,016,579 | 22,550,753 |

## 2. Lóisteáil leis an gCúirt/Íocaíochta Tairisceana

Féadann an Ghníomhaireacht, mar chosantóir, íocaíochtaí a dhéanamh leis an gcúirt (lóisteáil) nó tairiscint íocaíochta a dhéanamh (forthairiscint) i gcaingean maidir le damáistí. Má dhiúltaíonn an gearánaí glacadh le méid na lóisteála nó na tairisceana mar réiteach ar an éileamh, téann an cás ar aghaidh chun a thriail. Sa chás go n-éiríonn leis an ngearánaí lena éileamh sa chúirt ach nach mbronntar dámhachtain air is mó ná an lóisteáil nó an tairiscint, tá an cosantóir i dteideal a chostais i gcoinne an ghearánaí ó dháta na lóisteála nó na tairisceana.

## 3. Costais eile

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| **Costais Ghníomhaireacht Éileamh an Stáit** | | |
| - Táillí dlí | 4,887,715 | 3,956,812 |
| - Táillí míochaine | 502,128 | 403,148 |
| - Táillí Innealtóireachta | 111,149 | 103,229 |
| - Táillí eile | 273,551 | 222,568 |
| - Costais Riaracháin GBCN a gabhadh ar ais | 2,250 | 400 |
| | 5,776,793 | 4,686,157 |
| **Costais an Ghearánaí** | | |
| - Táillí Dlí | 3,334,238 | 5,287,710 |
| - Táillí saineolaithe eile | - | - |
| - Costais taistil | 3,765 | 5,683 |
| | 3,338,003 | 5,293,393 |
| **Costais Finnéithe** | 16,788 | 8,259 |
| | 9,131,584 | 9,987,809 |

## 4. Féichiúnaithe

| | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---|---|
| Infhaighte ó Údaráis Stáit | 6,790,632 | 1,590,756 |
| Eile | 6,634 | 7,433 |
| | 6,797,266 | 1,598,189 |

## 5. Iasachtaí ó Bhanc Taisce an Phoist

Faoi Alt 16 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000, is féidir leis an Aire Airgeadais airleacain a thógáil ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist chun suimeanna maidir le costais, táillí agus costais maidir le seirbhísí lucht gairme agus saineolaithe comhairle eile, suim aon dámhachtaine nó socraithe atá le híoc le gearánaí i ndáil le héileamh tarmligthe, agus suim an úis (má thagann sin i gceist) atá le híoc air.

## 6. Creidiúnaithe

| | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---|---|
| Iníoctha maidir le dámhachtainí | 799,501 | 358,812 |
| Iníoctha maidir le costais | 225,891 | 117,484 |
| Cáin Shiarchoinneálach Sheirbhísí Gairme dlite do na Coimisinéirí Ioncaim | 188,142 | 80,063 |
| Suim dlite do GBCN | - | 1,164 |
| Suim dlite d'Údaráis Stáit | 35,858 | 86,275 |
| Eile | 504 | 10,560 |
| | 1,249,896 | 654,358 |

## 7. Costais Riaracháin

Féadann Gníomhaireacht Éileamh an Stáit costais riaracháin a dtéann sí iontu a aisghabháil ó ghearánaithe a dteipeann ar a ngearán. Sa chás go n-aisghabhtar costais, aistrítear iad go dtí cuntas Riaracháin Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

# Ráitis Airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007


| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagracht na Gníomhaireachta | 98 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 99 |
| Polasaithe Cuntasaíochta | 100 |
| Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta | 101 |
| Cuntas Cúlchiste | 102 |
| Clár Comhardaithe | 103 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 104-107 |

## Ráiteas faoi Fhreagracht na Gníomhaireachta

Tá dlite ar an nGníomhaireacht faoi réir Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001 arna leasú le hAcht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2005 agus an tAcht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 ráitis airgeadais a ullmhú maidir le hoibriúchán gach bliana airgeadais.

Dlitear ar an nGníomhaireacht agus na ráitis sin á n-ullmhú:

- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach, stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh murarbh mhíchuí sin;
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as gach cuntas ceart agus coitianta a choimeád, san fhoirm a cheadaíonn an tAire, ar an airgead ar fad a fuarthas nó a caitheadh agus as taifid chuntasaíochta a choimeád lena nochtófaí le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith riocht airgeadais an Chiste.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach chomh maith as sócmhainní atá faoina rialú a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus míréireachtaí eile a thabhairt faoi deara agus a chosc.

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um Chiste na gCuntas Díomhaoin 2001.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Infheistíochta agus Íocaíochtaí Amach, An Cúlchuntas, an Clár Comhardaithe, agus na nótaí gaolmhara.

## Freagrachtaí Ghníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Chiste na gCuntas Díomhaoin 2001, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

## An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Chiste, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí Chiste na gCuntas Díomhaoin ag 31 Nollaig 2007 agus ar a idirbhearta don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an nGníomhaireacht. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



**John Buckley**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2008

# Polasaithe Cuntasaíochta

## Buneolas

Foráiltear le hAcht na gCuntas Díomhaoin, 2001 ("An Príomh-Acht"), arna leasú ag Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2005, do scéim chun cistí díomhaoin i mbainc, i gcumainn fhoirgniochta agus in An Post a aistriú faoi chúram an Stáit, agus ag an am céanna déantar ráthaíocht ar an gceart na cistí sin a aisghabháil. Foráiltear freisin do scéim a thabhairt isteach maidir le cistí nach dócha go n-aisghabhfar iad a íoc amach chun críche carthanachta nó leas an phobail.

Foráladh leis an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 d'aistriú pholasaithe árachais saoil neamhéilithe go dtí an Stát agus leasaíodh Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001 de réir mar ba ghá chun polasaithe árachais saoil a thabhairt isteach faoin reachtaíocht chomh maith.

Tá Cuntas Cúlchiste, as a n-íoctar cistí a aisghabhtar agus costais éagsúla, agus Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí, as a ndéantar infheistíochta agus eisíocaíocht, ag baint le Ciste na gCuntas Díomhaoin.

Tá de fhreagracht ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, faoi altanna 17 agus 18 an Phríomh-Achta, Ciste na gCuntas Díomhaoin a bhunú, a bhainistiú agus a rialú agus tá gach cumhacht aige (cumhacht táillí, iníoctha as an gCiste, a ghearradh maidir le bainistíocht agus rialú an Chiste san áireamh) is gá chun na feidhmeanna a chomhlíonadh. Tá siad seo a leanas i measc na bhfeidhmeanna sin:

- eisíocaíochtaí a dhéanamh de réir na treorach ón mBord Eisíocaíochtaí1
- an Cuntas Cúlchiste a choimeád
- na táillí, costais agus speansais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht agus an Bord Eisíocaíochtaí1 a ghlanadh
- luach saothair, táillí agus costais na gcigirí údaraithe a ghlanadh
- aisíoc airgid a aistríodh go dtí an Ciste
- an plean infheistíochta bliantúil a ullmhú, i bhfianaise an phlean eisíocaíochta agus aon treoir a thabharfadh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- infheistíocht ar aon airgead a sheasann chun sochair an Chiste nach bhfuil, san am i láthair, de dhíth chun críche dliteanais an Chiste a shásamh
- cuntais chuí a choimeád ar an airgead a fhaigheann agus a chaitheann an Ghníomhaireacht
- cuntais bhliantúla a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cóip de na cuntais arna iniúchadh a chur i láthair an Aire Airgeadais agus an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Mar a rinneadh forálacha do in Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2005, bhunaigh an Aire Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Bord na gCuntas Díomhaoin ar an 4 Eanáir 2006. Tagann sé in áit Bord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin, a díscaoileadh ar an dáta céanna. Is ról monatóireachta agus comhairliúcháin atá ag Bord na gCuntas Díomhaoin go príomhúil, ach tá sé de chumhacht aige ordú a thabhairt don Ghníomhaireacht eisíocaíochtaí a dhéanamh as Ciste na gCuntas Díomhaoin, ag teacht as iarratais ar dheontais a cheadaigh Bord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin a bhí, roimh a dhíscaoilte (déanann alt 11(3) d'Acht na gCuntas Díomhaoin (Leasú) 2005 tagairt do).

Seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta den suntas atá i bhfeidhm: -

## Airgeadra Tuairisceáin

Is é an EURO an t-airgeadra tuairisceáin agus is í an tsiombail € is sainchomhartha dó.

## Tréimhse Tuairisceáin

Is í an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007 an tréimhse tuairisceáin.

## Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún na gcostas stairiúil.

# Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta

| | Nótaí | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ús ar infheistíochtaí | | 7,603,997 | 5,723,671 |
| Airgead a aistríodh go dtí an Ciste maidir le cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais saoil neamhéilithe | 1 | 66,293,795 | 80,149,281 |
| Suim a aistríodh go dtí an Cuntas Cúlchiste | 2 | (39,247,795) | (54,612,640) |
| Eisíocaíochtaí | 3 | (45,511,412) | (33,250,000) |
| | | (10,861,415) | (1,989,688) |
| Iarmhéid ag tús na tréimhse | | 172,077,425 | 174,067,113 |
| Iarmhéid ag deireadh na tréimhse | | 161,216,010 | 172,077,425 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 104 go dtí 107.

# Cuntas Cúlchiste

**An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007**

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| Aistriú ón gCuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí | 2 | 39,247,795 | 54,612,640 |
| Ús ar infheistíochtaí | | 1,539,709 | 959,586 |
| Aisíoc airgid a aistríodh go dtí an Ciste | 1 | (34,082,867) | (44,736,631) |
| Ús ar aisíoc airgid a aistríodh go dtí an Ciste | 1 | (356,103) | (307,351) |
| Costais eile | 4 | (1,881,135) | (1,603,729) |
| Athrú don bhliain | | 4,467,399 | 8,924,515 |
| | | | |
| Iarmhéid ag tús na tréimhse | | 39,266,919 | 30,342,404 |
| Iarmhéid ag deireadh na tréimhse | | 43,734,318 | 39,266,919 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 104 go dtí 107.

# Clár Comhardaithe

**An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007**

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | |
| - Infheistíochtaí ar a gcostas | 9 | - | 169,500,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| - Airgead tirim | 5 | 203,024,110 | 41,141,789 |
| - Féichiúnaithe | | 2,262,287 | 845,398 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| - Creidiúnaithe | | (336,069) | (142,843) |
| Glan-sócmhainní | 6 | 204,950,328 | 211,344,344 |
| | | | |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| Cuntais Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí | | 161,216,010 | 172,077,425 |
| Cuntas Cúlchiste | | 43,734,318 | 39,266,919 |
| | | 204,950,328 | 211,344,344 |

**Michael J Somers, Príomhfheidhmeannach**
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

27 Meitheamh 2008

Is cuid shlán de na ráitis airgeadais seo na nótaí ar leathanaigh 104 go dtí 107.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Suimeanna a aistríodh agus a aisghabhadh maidir le cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais neamhéilithe

Bainc - Cuntais Dhíomhaoine

| Institiúid | Iarmhéid Tosaigh 1/1/07 € | Aistríodh € | Aisghabhadh € | Iarmhéid Deiridh 31/12/07 € | Ús a Íocadh € |
|---|---|---|---|---|---|
| ABN AMRO | 356 | - | - | 356 | - |
| ACC Bank plc | 4,058,739 | 449,763 | 327,646 | 4,180,856 | - |
| Allied Irish Bank plc | 38,492,246 | 3,184,737 | 633,730 | 41,043,253 | 1,448 |
| AIB Finance Limited | 1,286,122 | 904,574 | 124,930 | 2,065,766 | 1,165 |
| Anglo Irish Bank Corporation plc | 314,316 | 71,450 | 16,314 | 369,452 | - |
| Barclays Bank plc | 321,453 | - | - | 321,453 | - |
| BNP Paribas | 67,487 | - | - | 67,487 | - |
| Bank of America | 154,778 | - | - | 154,778 | - |
| Bank of Ireland | 36,141,185 | 3,762,711 | 617,792 | 39,286,104 | 665 |
| Bank of Ireland Treasury & International Banking | 2,088,105 | 179,292 | 17,369 | 2,250,028 | 55 |
| Bank of Scotland (Ireland) | 491,458 | 24,314 | 2,506 | 513,266 | 72 |
| Citibank | - | 28,700 | - | 28,700 | |
| EBS Building Society | 8,108,946 | 870,755 | 731,738 | 8,247,963 | 14,754 |
| First Active | 4,785,572 | 972,726 | 82,000 | 5,676,298 | 200 |
| ICS Building Society | 1,358,790 | 561,522 | 386,136 | 1,534,176 | 4,288 |
| InvestecBank (UK) Limited (Irish Branch) | 366,056 | 4,243 | 8,018 | 362,281 | 216 |
| Irish Nationwide Building Society | 2,845,287 | 514,673 | 10,000 | 3,349,960 | 77 |
| JP Morgan Ireland plc | 48,897 | - | - | 48,897 | - |
| National Irish Bank Limited | 3,422,136 | - | 8,906 | 3,413,230 | 26 |
| An Post - Scéimeanna Tráthchoigiltis Náisiúnta | 1,095,332 | 133,145 | 181,014 | 1,047,463 | 64,320 |
| An Post - Scéimeanna Tráthchoigiltis Náisiúnta (Ús caipitlithe) | 4,370,165 | 319,548 | 701,029 | 3,988,684 | – |
| Permanent TSB | 20,606,518 | 1,393,132 | 1,421,650 | 20,578,000 | 23,844 |
| An Post - Banc Taisce an Phoist | 27,083,155 | 1,474,868 | 516,449 | 28,041,574 | 2,145 |
| An Post - Bannaí Coigiltis (Ús caipitlithe)) | 2,952,643 | 523,709 | 367,259 | 3,109,093 | - |
| An Post - Bannaí Coigiltis | 1,649,642 | 475,591 | 246,478 | 1,878,755 | – |
| An Post - Teastais Choigiltis (Ús caipitlithe) | 46,392,799 | 29,203,145 | 19,129,505 | 56,466,439 | - |
| An Post - Teastais Choigiltis | 10,214,040 | 9,136,880 | 5,681,530 | 13,669,390 | 240,634 |
| Scotiabank (Ireland) Limited | 1,003,127 | - | - | 1,003,127 | – |
| Ulster Bank Ireland Limited | 7,751,534 | 958,033 | 177,644 | 8,531,923 | 2,194 |
| WestLB – Ireland plc | 80,046 | 42,073 | - | 122,119 | - |
| **IOMLÁN** | **227,550,930** | **55,189,584** | **31,389,643** | **251,350,871** | **356,103** |

## 1. Suimeanna a aistríodh agus a aisghabhadh maidir le cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais neamhéilithe (ar lean)

**Comhlachtaí Árachais - Polasaithe Árachais Neamhéilithe**

| Institiúid | Iarmhéid Tosaigh 1/1/07 € | Aistríodh € | Aisghabhadh € | Iarmhéid Deiridh 31/12/07 € | Ús a Íocadh € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Téarma Sonraithe** | | | | | |
| Alba Life | 35,113 | 32,592 | - | 67,705 | - |
| Ark Life | 6,349 | - | - | 6,349 | - |
| Caledonian Life | 88,961 | - | - | 88,961 | - |
| Canada Life Assurance | 142,220 | 75,257 | - | 217,477 | - |
| Canada Life Ireland | 191,196 | 78,663 | - | 269,859 | |
| Eagle Star | 61,011 | 70,944 | 11,284 | 120,671 | - |
| Friends First | 608,283 | 351,189 | 1,492 | 957,980 | - |
| Hibernian Life | 715,626 | 307,160 | 69,152 | 953,634 | - |
| Irish Life | 1,817,822 | 508,826 | 48,412 | 2,278,236 | - |
| New Ireland | 243,376 | 60,781 | 18,650 | 285,507 | - |
| Royal Liver | 2,652,785 | 436,552 | 10,382 | 3,078,955 | - |
| Royal & SunAlliance | 608,565 | - | - | 608,565 | - |
| St. James Place | 10,649 | - | - | 10,649 | - |
| Scottish Legal Life | 222,971 | 36,988 | 15,970 | 243,989 | - |
| Standard Life | 388,345 | - | - | 388,345 | - |
| Sun Life Financial of Canada 73,909 | - | - | 73,909 | - | |
| | | | | | |
| **Gan Téarma Sonraithe** | | | | | |
| Alba Life | 15,033 | - | - | 15,033 | - |
| Caledonian Life | 18,850 | 12,263 | - | 31,113 | - |
| Canada Life Assurance | 83,765 | - | - | 83,765 | - |
| Canada Life Ireland | 2,042,545 | 664,614 | 80,568 | 2,626,591 | |
| Eagle Star | 439,576 | 244,654 | 68,116 | 616,114 | - |
| Friends First | 1,138,454 | 78,492 | 176,986 | 1,039,960 | - |
| Hibernian | 1,262,753 | 414,796 | 145,614 | 1,531,935 | - |
| Irish Life | 4,543,410 | 677,040 | 582,195 | 4,638,255 | - |
| New Ireland | 8,274,941 | 1,232,214 | 835,356 | 8,671,799 | - |
| Royal & SunAlliance | 3,358 | 89,996 | - | 93,354 | - |
| Royal Liver | 6,109,774 | 605,641 | 126,484 | 6,588,931 | - |
| Scottish Legal Life | 149,969 | 1,521 | 140 | 151,350 | - |
| Scottish Provident Ireland | 212,287 | 68,336 | 35 | 280,588 | - |
| Standard Life | 701,813 | 655,692 | 502,388 | 855,117 | - |
| Sun Life Financial of Canada | 47,473 | - | - | 47,473 | - |
| **IOMLÁN** | **32,911,182** | **6,704,211** | **2,693,224** | **36,922,169** | **-** |
| Ciste an Eastáit Eiséata | - | 4,400,000 | - | 4,400,000 | - |
| **MÓRIOMLÁN** | **260,462,112** | **66,293,795** | **34,082,867** | **292,673,040** | **356,103** |

Bhí suimeanna in ainmníocht airgeadraí seachas an Euro i measc na suimeanna a aistríodh go dtí an Ciste. Is é éifeacht a bheadh le hathluacháil ar na cuntais seo ar rátaí malairt dheireadh na bliana laghdú €335,805 a chur ar an tsuim iomlán a aistríodh go dtí an Ciste agus nár aisghabhadh go fóill ó €292,673,040 go dtí €292,337,235.

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 2. Aistriú go dtí an Cuntas Cúlchiste

Faoi Alt 17 (4) d'Acht na gCuntas Díomhaoin 2001, íocann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta isteach sa Chuntas Cúlchiste, ó am go ham, suim a shocraíonn an Ghníomhaireachta, le ceadú an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta arna thabhairt le toiliú an Aire Airgeadais, chun críche aisíocaíochtaí a dhéanamh as an gCiste agus táillí agus costais éagsúla na Gníomhaireachta, an Bhoird agus na gcigirí údaraithe a ghlanadh. Dá réir sin, déanann an Ghníomhaireacht aistriú ag tús gach ráithe chun an iarmhéid sa chuntas cúlchiste a choimeád ar an ráta atá ceadaithe faoi láthair de 15% d'iomlán na gcistí díomhaoin a fuair Ciste na gCuntas Díomhaoin agus nár aisghabhadh go fóill. D'fhéadfadh iarmhéid an chuntais Cúlchiste titim faoi bhun 15% i rith na tréimhse eadramhaí idir na dátaí athchomhardaithe ráithiúla.

## 3. Eisíocaíochtaí

Rinneadh na heisíocaíochtaí mar seo a leanas as an gCiste i rith na tréimhse.

| | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---|---|
| **Ar ordú Bhord na gCuntas Díomhaoin (alt 41 d'Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001)** | | |
| Pobal (ADM mar a bhíodh, soláthraí seirbhíse agus ghníomhaire Bhord Eisíocaíochtaí na gCuntas Díomhaoin) | 11,755,948 | 17,000,000 |
| **Ar ordú an Aire Airgeadais** | | |
| An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta (don Scéim Sóisialta Tuaithe) | 16,000,000 | 16,000,000 |
| An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta | 5,446,907 | 250,000 |
| An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | 3,155,143 | - |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 3,659,859 | - |
| An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta | 1,823,473 | - |
| Oifig an Aire Leanaí | 2,338,500 | - |
| An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | 900,778 | - |
| An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí | 251,924 | - |
| Seirbhís Príosún na hÉireann | 178,880 | - |
| | 45,511,412 | 33,250,000 |

## 4. Costais eile

| | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---|---|
| Costais Bhord na gCuntas Díomhaoin | | |
| - Táillí Boird | 72,083 | 75,110 |
| - Costais Boird | 4,511 | 4,836 |
| - Táillí an tsoláthraí seirbhíse (Pobal) | 1,610,461 | 1,270,843 |
| - Táillí Comhairleoireachta agus Comhairliúcháin | 110,537 | 23,958 |
| - Fógraíocht | 49,534 | 18,633 |
| - Costais Eile | 34,009 | 35,349 |
| Táille na gCigirí | - | 175,000 |
| | 1,881,135 | 1,603,729 |

## 5. Airgead Tirim

Léiríonn an figiúr seo iarmhéid an airgid ar coimeád i mBanc Ceannais na hÉireann.

## 6. Léiríonn an figiúr seo iarmhéid an airgid ar coimeád i mBanc Ceannais na hÉireann.

Tá éagsúlacht idir figiúr na nglan-sócmhainní agus iomlán na gcistí díomhaoin a fuair Ciste na gCuntas Díomhaoin agus nár aisghabhadh go fóill. Seo a leanas míniú na héagsúlachta sin:

| | € | € |
|---|---|---|
| Glan-sócmhainní | | 204,950,328 |
| Iomlán na gcistí díomhaoin a fuair an Ciste agus nár aisghabhadh go fóill (féach nóta 1) | | (292,673,040) |
| Dliteanas teagmhasach an Státchiste ar an 31/12/2007 | | (87,722,712) |
| | | |
| Arna léiriú le: | | |
| Ús ar infheistíochtaí | 9,143,706 | |
| Ús ar aisíoc airgid a aistríodh go dtí an Ciste (féach nóta 1) | (356,103) | |
| Eisíocaíochtaí (féach nóta 3) | (45,511,412) | |
| Costais eile (féach nóta 4) | (1,881,135) | |
| Farasbarr/(Easnamh) don bhliain | | (38,604,944) |
| Dliteanas teagmhasach an Státchiste ar an 1/1/2007 | | (49,117,768) |
| Dliteanas teagmhasach an Státchiste ar an 31/12/2007 | | (87,722,712) |

Léiriú an figiúr seo ar an dliteanas ionchais a bheadh le sásamh ag an Státchiste sa chás go n-aisghabhfaí gach airgead sna cuntais díomhaoin.

Faoi alt 17(7) d'Acht na gCuntas Díomhaoin 2001, sa chás nach leor an t-airgead sa Chuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta chun fónamh don easnamh sa Chuntas Cúlchiste, is féidir suim nach mó ná an t-easnamh a íoc as an bPríomh-Chiste isteach sa Chuntas Cúlchiste. Aisíoctar an t-airgead leis an bPríomh-Chiste, chomh luath agus is féidir, as airgead farasbairr sa Chiste tar éis soláthar d'aon dliteanais nó dliteanais teagmhasacha maidir leis an gCiste.

## 7. Costais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi alt 45 (1)(c) d'Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001 tá dlite ar an nGníomhaireacht eolas sonraithe áirithe a thabhairt de thuairisc don Bhord Eisíocaíochta ar a n-áirítear cuntas faoi leith ar tháillí agus costais riaracháin a tharraingítear ar an nGníomhaireacht i bhfeidhmiú an Chiste. Leagtar amach thíos iad:

| | **2007** | **2006** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Riarachán Ginearálta | 150,000 | 150,000 |
| Iomlán | 150,000 | 150,000 |

Meastachán atá anseo agus é mar chuid de na nótaí leis na cuntais amháin, ó tá socraithe ag GBCN gan an tsuim sin a ghearradh ar an mBord Eisíocaíochtaí.

## 8. Toradh ar an Infheistíocht

Faoi alt 45 (1)(b) d'Acht na gCuntas Díomhaoin, 2001 tá dlite ar an nGníomhaireacht tuairisc a thabhairt don Bhord Eisíocaíochta ar an toradh a bhaineann an Ciste amach ar an infheistíochta. 3.93 % (2006: 2.88%), arna lua de réir na bliana, an toradh ar an gCiste i rith na tréimhse a thagann faoin bplean infheistíochta.

## 9. Sócmhainní Infheistíochta

Is taiscí tráchtála le hinstitiúidí airgeadais iad na Sócmhainní Infheistíochta

# Notaí

Is obair ealaíontóir Éireannach, Michael Flaherty, iad na pictiúir atá sa tuarascáil seo.

**Clúdach tosaigh:** *The Ghosts Ran out of Stories*
**Taobh istigh na gclúdach tosaigh agus cúil:** *Unable to Begin, Unable to End*
**Os coinne an Chláir:** *The Astronaut must always Walk*
**Leathanach 8:** *A Dream Hungry for a Home*
**Leathanach 20:** *The Plight of Angels*
**Leathanach 23:** *The Glow of Dim Memory*
**Leathanach 29:** *Giving Shadows a Wide Berth*
**Clúdach Cúil:** *Pointing to the Ocean Floor*

**Dearadh:** *Loman Cusack Design*





**Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**
Foirgneamh an Chisteáin
Sráid na Canála Móire
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teil +353 1 664 0800
Facs +353 1 664 0890

**www.ntma.ie**